Clár

**An Contae seo Againne**

**Ráiteas an Chathaoirligh**

**Ráiteas an Bhainisteora Chontae**

**Toghcheantair agus Ionadaithe Tofa**

**Comhdhálacha ag a raibh Ionadaithe Tofa**

**Fáiltithe Cathrach/An Chathaoirligh**

**Plean Corparáideach**

**Foireann Bhainistíochta**

**Inrochtaineacht**

**Scéim na dTeangacha Oifigiúla**

**Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Gnóthaí Corparáideacha, Pobal agus Fiontar agus Comhairle Baile An Chabháin**

**Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch**

- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch
- Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha
- Oidhreacht agus Caomhnú
- Forfheidhmiú Géilliúlacht Fhorbartha agus Rialú Foirgníochta
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Pleanáil is Eacnamaíocht Tuaithe

**Gnóthaí Corparáideacha agus Daonacmhainní**

- Earcú Foirne
- Táscairí Seirbhíse
- Córas Bainistíochta is Forbairt Feidhmíochta (PMDS)
- Saoráil Faisnéise
- Oiliúint agus Forbairt
- Deontais Ardoideachais
- Clár na dToghthóirí

**Pobal agus Fiontar,Cuimsiú Sóisialta**

- Rannóg Phobail agus Fiontair
- Ionad Idirnáisiúnta Gasóga Caisleán Sandarsan
- Clár RAPID
- Grúpa Idiráisínteachtaí Lucht Siúil An Chabháin
- Comhchoiste Póilínteachta
- Ionad Sráid an Droichid
- SÍOCHÁIN III

- Deontais Bheaga
- Comhairle na nÓg
- Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin
- Aonad Cuimsiú Sóisialta
- Fóram Pobail agus Deonach
- Scéim Deontas Pobail
- Scéim Gradam an Chathaoirligh
- An Tóstal
- Mórtas Ceantair
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Pobal agus Fiontar agus Seirbhísí Sóisialta

**Comhairle Baile An Chabháin**

## Bonneagar, Gnóthaí Cultúrtha agus Tithíocht

**Bonneagar**
- Coiste um Bheartas Straitéiseach Bóithre agus Iompar

**Gnóthaí Cultúrtha**
- Seirbhísí Leabharlanna
- Oifig Ealaíon
- Músaem Chontae an Chabháin
- Amharclann An Reamhoir

**Tithíocht**

## Seirbhísí Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil, Seirbhísí Éigeandála agus Turasóireacht
- Comhshaol
- Seirbhísí Uisce
- Seirbhís Dóiteáin
- Cosaint Shibhialta
- Turasóireacht
- Coiste um Bheartas Straitéiseach, Comhshaol, Uisce agus Seirbhísí Sláintíochtas

## Seirbhísi Airgeadais agus Eolais
- Airgeadas
- Mótarcháin
- Seirbhísí Eolais
- Coimriú Cuntas 2013

**Eagrú agus Riarachán**
- Sonraí Teagmhála

**Nóta:** Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil i bhFormáid Inrochtana. Glaoigh led thoil ar an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha ag 049 437 8300.

# An Contae seo Againne

Dúthaigh aoibhinn locha i lár an oileán seo againne is ea An Cabhán. Áit ar an gcúlráid is ea é – ach gan a bheith iargúlta. Tá scoth bialanna na tíre againne agus seinntear ceol anso go maidin. Focal ársa Gaeilge is ea “Cabhán” a chiallaíonn “log sa talamh” – go simplí rud é seo a léiríonn spiorad na háite. Tá tearmann ar fáil sa Chabhán, féadfar teacht chugat féin ann agus fáil réidh le strus. Is mó cuairteoir adeir go dtógtar an saol go bog chomh luath is a shroichtear an contae seo. Pé cúis a bhíonn leis an athrú seo rithime, beidh iontas ort faoi na gníomhaíochtaí a chaithfidh an lá duit go deas réidh anso sa Chabhán.

**www.thisiscavan.ie**

Contae tuaithe is ea An Cabhán don chuid is mó agus 73,183 duine ina gcónaí ann. É sin ráite is fíor go bhfuil méadú suntasach ar dhaonra na gceantar uirbeacha le blianta beaga anuas. Limistéar droimlíneach is mó atá againn mar a bhfuil an-chuid locha agus cnoc beaga. Ceantar sléibhtiúil is ea an tIarthuaisceart agus radharcanna breátha le feiceáil ann, ina measc láithreacha a mbíonn tóir orthu go hidirnáisiúnta mar Uiscebhealach na Sionainne/Éirne agus Geopháirc Domhanda Uaimheanna Marble Arch.

Buntáiste mór anois is ea an M3 a fhágann nach bhfuil ach turas faoi bhun uair a chloig idir Baile Átha Cliath agus teorainn an chontae ar an dtaobh ó dheas d’Achadh an Iúir. Tá Baile an Chabháin suite go straitéiseach is é mar gheata don Tuaisceart.

Tá ceithre thoghcheantar sa Chontae: Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh, Béal Tairbirt agus An Muinchille. Tá trí Chomhairle Baile: An Cabhán, Béal Tairbirt agus An Muinchille. Is Molbhaile é Baile An Chabháin sa Straitéis Spásúil Náisiúnta.

## Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis áthais domsa mar Chathaoirleach fáiltiú roimh Thuarascáil Bhliantúil 2013 is í anois foilsithe.

Is mór an onóir dom a bheith tofa mar Chathaoirleach Comhairle Contae An Chabháin ag an OB 28 Meitheamh. Príbhléid is ea é agus bhain mé fíorthaitneamh as a bheith in ann grianghrafanna a nochtadh i Seomra na Comhairle i gcuimhne ar Chathaoirligh is ar Bhainisteoirí Chomhairle Contae An Chabháin ó bunaíodh an Rialtas Áitiúil.

Anso sa Chontae agus san Údarás Áitiúil tharla dul chun cinn suntasach i 2013 ar mhórán slite éagsúla. Cuimhneofar ar 2013 mar bhliain An Tóstal, ócáid náisiúnta a chuir turasóireacht chun cinn agus a mheall cuairteoirí go hÉirinn. Cúis mhór áthais dom go raibh breis is 90 pobal sásta a bheith páirteach, eagraíodh féilte áitiúla agus mórán tionscadal eile a chuir le líon na gcuairteoirí.

Ar aon dul le soláthróirí eile seirbhísí poiblí bíonn cúinsí geilleagair go rí-dheacair sa Rialtas Áitiúil. In ainneoin sin caitheadh breis is €37m ar Thionscnaimh Chaipitiúla sa Chontae i rith na bliana 2013. Críochnaíodh ar deireadh Seachród Bhéal Tairbirt N3 a osclaíodh go hiomlán don trácht mí na Nollag nuair a bhí Droichead Portach Aghnaguig réidh. Críochnaíodh freisin athailíniú N55 ag Dundevan agus stráice idir Corr Dubh agus Béal Átha Trost.

Maidir le bonneagar uisce, feabhsaíodh soláthar Bhéal Átha Chonaill agus cuireadh tús le huasghrádú ar an bhfearas cóireála fuíolluisce a bhaineann le Scéim Soláthar Uisce Réigiúnach An Chabháin. Maidir le forbairt agus leathnú baile an Chabháin sa todhchaí is fiú a lua ach go háirithe gur síníodh tionscnaimh €20M um Shéarachas Bhaile An Chabháin mí na Nollag 2013.

I gcúrsaí pobal agus fiontar, ar bhuaicphointí na bliana 2013 d'éirigh go breá le sraith Rialacha Idirnáisiúnta ag CLG An Chabháin mí Deireadh Fómhair. Chomh maith leis an gcluiche féin i bPáirc Bhréifne eagraíodh ócáidí teagmhasacha a léirigh ról leathan an Údaráis Áitiúla maidir le teagmháil leis an bpobal mór. Tharla ceardlann in ionad Caisleán Sandarsan a lig do dhaltaí meánscoile bualadh le himreoirí ón dtír seo agus ón Astráil. I gcomhar le Comhairle na nÓg agus Páirtíocht Síocháin III An Chabháin eagraíodh comhdháil "Meabhair Bheomhara" i Páirc Bhréifne Kingspan lá an chluiche.

Bhí breis is 750 duine óg i láthair ag an ócáid úd a bhain le meabharshláinte. I measc aoichainteoirí ón saol spóirt in Éirinn bhí an pearsa spreagúil, Pearsa Óige na hÉireann Joanne O'Riordan. Is breá liom go mbíonn an Chomhairle go mór chun tosaigh agus aird

á dhíriú ar cheisteanna móra sóisialta mar Mheabharshláinte a théann i bhfeidhm ar shaol mórán daoine.

Bhain mé ardtaitneamh leis as a bheith i láthair ar son an chontae ag ócáidí bliantúla de chuid Cumann An Chabháin i Londain agus i Luton.  B'iontach an rud é bualadh le fear ón gCabhán, Brian Boylan a bhíonn de shíor ag cabhrú le pobal na hÉireann i Londain a bhíonn i ngátar.

Molaim go mór an Bainisteoir Contae, Jack Keyes agus an gcoiste feidhmiúcháin as a gcuid oibre le linn na bliana.  Tá meas agus buíochas tuillte freisin ag mo chomhbhaill tofa agus iad ag tacú is ag comhoibriú liom ó toghadh mar Chathaoirleach mé.

**An Comhairleoir Val Smith,** Cathaoirleach

## Ráiteas an Bhainisteora Chontae



IIs deas liom a rá gurb é mo mhórthuairim gur éirigh níos fearr ná riamh le Comhairle Contae an Chabháin i rith na bliana 2013. Agus dúshláin is athruithe móra i réim, mar sin féin cuireadh réimse leathan seirbhísí tábhachtacha ar fáil do chách sa chontae idir ár bpobal féin agus cuairteoirí. Sa tuarascáil seo mínítear na sonraí ar fad maidir le seirbhísí leanúnacha ar bhonn éifeachtach nuálach cé gur tharla laghdú mór ar árn-acmhainní. In ainneoin na ndeacrachtaí a bhí romhainn, tá cáil anois orainn as roinnt gaiscí suntasacha mar a leanas:

Féile "Life of Reilly " a tharraing líon mór cuairteoirí a tháinig d'aonghnó chun an ócáid a cheiliúradh i dteannta gaolta agus cairde. D'eirigh go hiontach leis an bhféile a chuimsigh an-chuid mórócáidí ar feadh seachtain iomlán mí Lunasa.

Ócáid eile a dhírigh ar bhuanna an chontae a chur chun cinn ab ea "Blas An Chabháin" a léirigh an contae mar lárionad tábhachtach ó thaobh bia/táirgí ardchaighdeáin de. Ócáid í seo arís a lean ar feadh seachtaine agus a tharraing 22,000 duine mí Meán Fómhair, rud a chuir go mór leis an ngeilleagar áitiúil.

Tharla "Rialacha Idirnáisiúnta" anso sa Chabhán 19 Deireadh Fómhair. Bhí bród ar Chomhairle Contae an Chabháin as a bheith bainteach leis an ócáid gradamúil úd a chuimsigh deireadh seachtaine spóirt, comhdhálacha agus siamsaíochta chomh maith leis na cluichí.

Tharla Suirbhé Custaiméir/Saoránach chun tuairim an phobail a fháil faoina mbíonn ar bun againn mar eagraíocht is mar sholáthróir seirbhísí. Torthaí dearfacha a fuair muid ar an mórgóir agus moladh sinn as seirbhís don chustaiméir, faisnéis ghinearálta, suíomh idirlín/meáin shóisialta, comhfhreagras, áiseanna do chuairteoirí agus teagmháil ar an bhfón. Is maith linn an méid sin a fháil mar aiseolas, is léir dúinn dá réir gur eagraíocht sinn a bhíonn de shíor ag iarraidh barr feabhais a chur ar ár leibhéal seirbhísí do shaoránaigh.

Aithníodh cuid dár ngaiscí ag leibhéal náisiúnta, rud a thugann misneach dúinn ar ndóigh:

- CGradam Scoth Údarás Áitiúla ó Chumann Lucht Tráchtála Éireann
- TransArt as Tacaíocht do na hEalaíona
- Féile na Bliana d'Fhleadh Cheoil na hÉireann
- Catagóir Taisteal Cliste do raonta rothair
- Ar an ngearrliosta ag Gradaim Gnó na nEalaíon don léiriú 'Rite of Spring'.
- Bhronn Clár Caighdeán Músaem na hÉireann de chuid na Comhairle Oidhreachta creidiúnú iomlán ar Mhúsaem Chontae an Chabháin
- Bronnadh Gradam Eden an Aontais Eorpaigh ar son inrochtaineacht ar Bhaile An Chabháin. Bronnadh Dioplóma Onórach na hEorpa freisin a aithníonn iarrachtaí na Comhairle maidir le prionsabal aontacht Eorpach a

chur chun cinn.

I rith na bliana díríodh ar athbhreithniú ar na pleananna forbartha a leagann amach todhchaí fisiciúil an chontae. Tharla obair shuntasach comhshaoil nuair a caitheadh €2.8M ar fheabhsúcháin líonadh talún. Sa leabharlann cuireadh tús le eClárú agus bunaíodh an tionscnamh “100 Leabhar atá Difriúil”. Buaicphointe do mhórán daoine ab ea an Chomhdháil Meabhair Bheomhara a léirigh go mbíonn an Chomhairle tiomanta don phlé ar cheisteanna móra sóisialta.

Neartaíodh naisc phobail trín gCónaidhm Lucht Scothaosta (An Cabhán chun tosaigh mar chontae aoschairdiúil) agus trín gComhchiste Póilínteachta. Arís léirigh an rath a bhí ar chláir Síocháin agus Interreg go bhfuilimid tiomanta don bhforbairt trasteorann is do dhéileáil le hoidhre na dtrioblóidí.

Ag féachaint romhainn, ní dócha go dtiocfaidh aon athrú ar na cúinsí dúshlánacha atá againn le blianta beaga anuas. Is fíor áfach, go bhfuil dóchas agus muinín againn asainn féin mar eagraíocht is gur féidir linn seirbhís den scoth a sholáthar agus sin tiomanta don saothar i bpáirt a fhorbróidh fós an rath a bhí orainn go dtí seo.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an mbeirt Cathaoirleach, na Comhairleoirí Paddy O’Reilly agus Councillor Val Smith, leis na Baill Tofa go léir, leis na Coistí um Bheartas Straitéiseach, Páirtithe Áisínteachtaí agus le hEagraíochtaí idir Phobal Agus Deonach a bhíonn ag saothrú agus ag tacú linn i gcónaí chun An Cabhán a fheabhsú do chách.

Molaim go hard an fhoireann ar fad as tiomantas agus saothar díograiseach a chuireann go mór le gach a bhíonn ar siúl againn laistigh den eagraíocht seo.

**Jack Keyes,** Bainisteoir Contae

# Toghcheantair agus na hIonadaithe

## Local Elected Members

### Cavan County Council

**Bailieborough Electoral Area**
David Blake
Aidan Boyle
Fergal Curtin
Paddy McDonald
Sean McKiernan
John O'Hare
Niamh Smyth

**Ballyjamesduff Electoral Area**
Daniel Brady
Dessie Boylan
Paddy O'Reilly
Shane P. O'Reilly
Paddy Smith
Pauline Tully-McCauley ***

**Belturbet Electoral Area**
Damian Brady
John Paul Feeley
Maura Maguire Lynch
Peter McVitty
Sean Smith

**Cavan Electoral Area**
Madeleine Argue
Winston Bennett
Andrew Boylan
Charlie Boylan
Gerry Murray
Val Smith
Patricia Walsh

**Cavan Town Council**
Paddy Conaty
Paddy O'Reilly
Andrew Boylan
Brian McKeown
Terry Argue
Des Cullen
Patricia Walsh
Jacqui Lewis
Paddy Sexton

**Belturbet Town Council**
John Scott **
Raymond Johnston
John McDonald
Seamus Fitzpatrick
Liz McDermott
Tony Gorby
Paddy Brady
Mickey Lee
Peggy Gray

**Cootehill Town Council**
Aidan Boyle
Paddy Halton
Michael McCarey
Sean Igoe
Harry McCabe
John Martin
Vincent McCaul
Don Smith
Damien Kivlehan

** Meitheamh 2011 d'imigh John Scott ar scor is tháinig Barry Wilson ina áit
**** Aibreán 2012 tháinig Grainne Brady in ionad Pauline Tully-McCauley

## Cruinnithe an Údaráis Áitiúla i rith 2013

| | Líon |
|---|---|
| Míosúil, Athionóil agus Speisialta | 13 |
| Ollchruinniú Bliantúil | 1 |
| Cruinniú Bliantúil Buiséid | 1 |
| Grúpaí Polasaí Corparáideach | 14 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Tithíocht agus Cultúr | 2 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaol agus Uisce | 1 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Bóithre agus Bonneagar | 3 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Pobal agus Sóisialta | 2 |
| Coiste Polasaí Straitéiseach Pleanáil is Eacnamaíocht Tuaithe | 4 |

## Comhdhálacha, Seimineáir, Ócáidí ag a raibh Baill Tofa i 2013

| Comhdháil | Láthair | Dáta | Na Baill a bhí i Láthair |
|---|---|---|---|
| Comhdháil Esperanza | Westport, Mayo | 11-12 Eanáir | Sean McKiernan |
| Comhdháil Turasóireacht Náisiúnta Turasóireacht an Chláir | Inis Díomáin, Co an Chláir | 17-19 Eanáir | Gerry Murray, Shane P. O'Reilly, Fergal Curtin, Andrew Boylan, Patrick O'Reilly |
| Comhairleoireacht Kadenza | Leitir Ceanainn, | 18-20 Eanáir | Aidan Boyle |
| Comhdhálacha TJK Teo | Luimneach | 25-27 Eanáir | Paddy Smith |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Ros ó gCairbre, Co Chorcaí | 25-27 Eanáir | Shane P. O'Reilly |
| Seimineár Earraigh Cumann Údarás Áitiúla na hÉireann (AMAI) | Ros Mhic Thriúin, Loch Garman | 15-16 Feabhra | Dessie Boylan, Madeleine Argue, Maura Maguire Lynch, Peter McVitty, Sean McKiernan, John Paul Feeley, Winston Bennett |
| Seimineár Gréasán Éireannach Ceantar Lárnach na Teorann (ICBAN) | Dún Geanainn | 22 Feabhra | Maura Maguire-Lynch Madeleine Argue, Winston Bennett |
| Scoil Gheimridh Cholmcille | Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall | 22-24 Feabhra | Sean Smith, Patricia Walsh, Peter McVitty, Aidan Boyle, Maura Maguire Lynch |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhdhálacha Ceilteacha | Ros ó gCairbre, Co Chorcaí | 22-24 Feabhra | Shane P. O'Reilly, Val Smith, Fergal Curtin |
| Comhdháil Bhliantúil Réigiún an Mheániarthair | Dúrlas, Co Thiobraid Árann | 28 Feabhra -1 Márta | Danny Brady, Sean McKiernan, Patricia Walsh |
| Cumann Comhairlí Contae agus Cathrach | Port Láirge | 7-8 Márta | Madeleine Argue, Andrew Boylan, Dessie Boylan, Danny Brady, Sean McKiernan, Peter McVitty, Winston Bennett, Maura Maguire Lynch, Paddy Smith, Patrick O'Reilly |
| Seimineár Earraigh Cumann Ball Údarás Áitiúla (LAMA) | Guaire, Co Loch Garman | 5-6 Aibreán | Sean McKiernan, Val Smith, Peter McVitty, Dessie Boylan, Maura Maguire Lynch, Aidan Boyle, Patrick O'Reilly John Paul Feeley, Danny Brady, Patricia Walsh, |
| Seimineáir TGR | An Muileann gCearr | 19-21 Aibreán | Gerry Murray |
| Seoaldh Bróisiúr Turasóireachta (ICBAN) | Inis Ceithleann | 30 Bealtaine | Peter McVitty, Winston Bennett |
| Comhdháil Spórt um Chúnamh Meabharshláinte | Bealach Féith, Co Dhún na nGall | 30-31 Bealtaine | Aidan Boyle, Peter McVitty, Madeleine Argue, Gerry Murray |
| Comhdháil Esperanza | Gaillimh | 31 Bealtaine - 1 Meitheamh | Shane P. O'Reilly |
| Comhdháil Bhliantúil Teorann Meániarthair (BMW) | Cill Mhaighneann | 19 Meitheamh | Andrew Boylan, Sean McKiernan, |
| Scoil Samhraidh Byrne Perry | Guaire, Co Loch Garman | 28-30 Meitheamh | John Paul Feeley, Danny Brady |
| Scoil Samhraidh John Hewitt | Ard Mhacha | 22-26 Iúil | John Paul Feeley |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí | 26-28 Iúil | Shane P. O'Reilly, Andrew Boylan |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhdháil Cumann Oidhreacht Ráth Tuaidh | Trá Lí, Co Chiarraí | 19-22 Meán Fómhair | Sean Smith, Patricia Walsh |
| Scoil Samhraidh MacGill | Na Gleannta, Co Dhún na nGall | 28 Iúil-2 Lúnasa | Sean Smith, Gerry Murray, Aidan Boyle, Madeleine Argue, Maura Maguire Lynch Peter McVitty, Winston Bennett, Dessie Boylan, John Paul Feeley, Shane P. O'Reilly, Fergal Curtin, Patricia Walsh, Danny Brady |
| Ionad Oidhreachta Bruach na Carraige | Séipéal na Carraige, Co Chorcaí | 30 Iúil-6 Lúnasa | Val Smith, Niamh Smyth |
| Scoil Samhraidh Parnell | Ráth Droma, Co Chill Mhantáin | 11-16 Lúnasa | John Paul Feeley, Gerry Murray, Fergal Curtin, Patricia Walsh, Niamh Smyth, Shane P. O'Reilly, Sean Smith, Paddy Smith Thomas D'Arcy |
| Scoil Samhraidh Thomas D'Arcy McGee | Cairlinn, Co Lú | 19-21 Lúnasa | Aidan Boyle, Andrew Boylan |
| Scoil Samhraidh Kennedy | Ros Mhic Thriúin, Co Loch Garman | 12-14 Meán Fómhair | Gerry Murray, Danny Brady |
| Comhdháil Bhliantúil AMAI | Cloch na Coillte | 12-14 Meán Fómhair | Maura Maguire Lynch Winston Bennett, Dessie Boylan, Madeleine Argue, Niamh Smyth, Patrick O'Reilly, Peter McVitty, Sean McKiernan |
| Oidhreacht Ráth Tuaidh | Baile an Bhuinneánaigh | 22 Meán Fómhair | Gerry Murray, Danny Brady |
| Seimineár Oidhre La Touche | Na Clocha Liatha | 27-29 Meán Fómhair | Gerry Murray John Paul Feeley, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Seimineár Fómhair LAMA | Inis Díomáin, Co an Chláir | 11-12 Deireadh Fómhair | Madeleine Argue, David Blake, Dessie Boylan, Maura Maguire Lynch Gerry Murray, Patrick O'Reilly, Paddy Smith Douglas Hyde |
| Comhdháil Dúbhghlas de hÍde | Bealach an Doirín, Co Ros Comáin | 25 Deireadh Fómhair | Danny Brady, Aidan Boyle, Sean Smith, Paddy Smith |
| Comhdháil Esperanza | Gaillimh | 7 Nollaig | Paddy Smith, Val Smith |
| Comhdháil Esperanza | Cathair na Mart, Co Mhaigh Eo | 20-21 Nollaig | Val Smith, Paddy Smith, Niamh Smyth |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Ros ó gCairbre, Co Chorcaí | 20-22 Nollaig | Sean McKiernan |

**Ionadaíocht ar Údaráis Phoiblí agus ar Comhlachtaí eile:**

| | |
|---|---|
| Údarás Reigiún na Teorann | Comhairleoirí A. Boyle, A. Boylan, V. Smith, P. Smith, S. Smith and D Brady |
| Cumann Comhairlí Contae agus Cathrach | Comhairleoirí P. McVitty, D. Boylan and J.P. Feeley |
| Tionól Réigiún na Teorann, Láir agus an Iarthair | Comhairleoirí A. Boyle and A. Boylan |
| Breffni Comhtháite Teo | Comhairleoirí D. Boylan, S.P. O'Reilly and G. Brady |
| Bord Forbartha Chontae an Chabháin | Comhairleoirí G. Murray, P. McVitty, M. Argue, P. O'Reilly, C. Boylan and S. McKiernan |
| Bord Fiontair Chontae an Chabháin | Comhairleoirí N. Smyth and J. P. Feeley |
| Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin | Comhairleoirí M. Argue, P. Walsh and P. McDonald |
| Comhchoiste Póilíneachta Chontae an Chabháin | Comhairleoirí S. Smith, P. O'Reilly, G. Murray, P. Smith, N. Smyth, W. Bennett, D. Brady, M. Maguire-Lynch, S.McKiernan, D. Boylan, P. McDonald, P. McVitty, G. Brady |
| Coiste Oibrithe an Aontas Eorpaigh | Comhairleoirí P. Smith |
| Bord Oideachais agus Oiliúna (ETB)/Coiste Gairmoideachais(VEC) Chontae an Chabháin | Comhairleoirí M. Argue, D. Blake, S. McKiernan, P. O'Reilly, V. Smith, Comhairleoirí M. Argue, D. Blake, S. McKiernan, P. O'Reilly, V. Smith, |

| | |
|---|---|
| | M. Maguire Lynch, S. P. O'Reilly, P. Walsh and G. Brady |
| Foram Sláinte Réigiúnach FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh | Councillors P. O'Reilly, G. Murray and P. McDonald |
| Gréasán Ceantar Lárnach na Teorann (ICBAN) | Councillors W. Bennett and F. Curtin |
| Cumann Comhlachtaí Árachas Poibli na hÉireann | Councillor Damien Brady |
| Cumann Ball Údarás Áitiúla (LAMA): | Councillor M. Maguire Lynch |

## Íocaíochtaí le Baill Chomhairle Contae an Chabháin

| | |
|---|---|
| Liúntas Bliantúil Costas (taisteal, cothabháil is ilchineálach m.sh. postas) | €120,610.04 |
| Íocaíochtaí Ionadaíochta | €410,633.00 |
| Liúntais Cathaoirligh/Leas-Chathaoirligh | € 27,000.00 |
| Cathaoirligh Coistí Beartas Straitéiseacha | € 30,000.00 |
| Cathaoirleach Bord Forbartha Contae | € 6,000.00 |
| Taisteal, Cothabháil do Chomhdhálacha/Seimineáir agus Ionadaíocht | € 77,301.52 |

## Fáiltithe an Chathaoirligh le linn 2013

1. Annita Brady, Aghaidh An Chabháin, Eanáir
2. Coláiste Achadh an Iúir Foireann Cispheil Cailiní Faoi 16 Buaiteoirí trí Chraobh na hÉireann Ranna A, B and C trí bliana as a chéile, Bealtaine
3. Coláiste Achadh an Iúir Foireann Peil na mBan Sinsear i gCraobh na hÉireann C Iarbhunscoileanna Tesco Fás Baile, Bealtaine
4. Seoladh Slógadh Chlann Uí Raghallaigh, Lúnasa
5. Na Rialacha Idirnáisiúnta, Deireadh Fómhair

# Plean Corparáideach


**Ráiteas Misin: “Bainfear an barr feabhais amach inár saothar”**
Díreoimid trí ghníomhú ar fhorbairt inmharthana an chontae agus treoir á tabhair , cothofar muinín as an dtodhchaí, feabhsófar caighdeán beatha ár saoránach agus cuirfear sochaí cothrom cuimsitheach chun cinn.

**Ár gCuid Prionsabal**
Ag éirí as aiseolas agus i gcomhar leis an bhfoireann, is iad ár gcuid prionsabal a bhíonn mar bhonn faoi shaothar iomlán Údarás Áitiúla An Chabháin.  Déanfar tréaniarracht ar iad siúd a léiriú agus sinn ag plé le cách idir phobal is eagraíochtaí nó ag soláthar seirbhísí.

| | |
|---|---|
| **Ionracas 4** | **an fhírinne a insint** |
| **Cúirtéis 4** | **béasa is meas ar chách** |
| **Cúnamh 4** | **cabhair don chomharsa** |
| **Oscailteacht 4** | **fiosracht i leith nuála** |

| | |
|---|---|
| **Dul chun cinn..** | **nuálach agus comhaimseartha** |
| **Freagracht 4** | **dáirire faoinár ndualgas** |
| **Iontaofacht 4** | **beart de réir ár mbriathar** |
| **Cuimsiú ...** | **fáilte roimh éagsúlacht** |

Mairfidh Údaráis Áitiúla An Chabháin trí na prionsabail chéanna sa chaint is sa chaidreamh againn agus i dtógáil cinntí.  Ar an gcuma san cruthófar eitic a bheidh go hiomlán dearfach i leith páirtithe leasmhara  agus úsáideoirí seirbhísí.



## Foireann Bhainistíochta

**Bainisteoir Contae**

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Pleanáil, Corparáideach,
Daonacmhainní
Pobal & Fiontar
Comhairle Baile an Chabháin

Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta, Rialú Foirgníochta, Forbairt Phobal, Cuimsiú Sóisialta, Oidhreacht, Caomhnú, Caitheamh Aimsire & Spórt Daonacmhainní, Oiliúint, Seirbhísí D'IonadaitheTofa, Seirbhís don Chustaiméir, Clár na dToghthóirí agus Pinsin

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Bonneagar, Cúrsaí Cultúrtha
Tithíocht

Dearadh Bóithre, Foirgníocht Cothabháil, Bainistiú Tráchta, & Sábháilteacht, Soilsiú Poiblí Leabharlanna, Músaem, Amharclann, Ealaíon, Cothabháil Tithíochta, Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), Iasachtaí, Deontais, Cóiríocht don Lucht Siúil/Daoine gan Dídean

**Stiúrthóir Seirbhíse**
Seirbhísí Uisce,
Dramhaíl/Comhshaol
Seirbhísí Éigeandála,
Turasóireacht

Cosaint Chomhshaol, Bainistiú Dramhaíola, Tine, Seirbhísí Éigeandála, Caomhnú Fuinnimh, Soláthar Uisce & Séarachas, Seirbhísí Uisce & Fuíolluisce, Caomhnú, Bailiú Muirir Uisce, Reiligí, Rialu Madraí

**Bainisteoir Airgeadais**
Airgeadas, Seirbhísí
Eolais

Bainistíocht Airgeadais, Mótarchánach, Bailiú Rátaí/NPPR, Iasachtaí Tithíochta, Íoc Sonrasc, Párolla, Pinsin agus Teicneolaíocht an Eolais

## Scéim na dTeangacha Oifigiúla

Faoi réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá Scéim na dTeangacha Oifigiúla 2009 – 2012 anois ag Údaráis Áitiúla An Chabháin. Tá rún ag Údaráis Áitiúla An Chabháin an scéim úd a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

# Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch, Gnóthaí Corparáideacha, Pobal agus Fiontar agus Comhairle Baile An Chabháin

**Pleanáil, Forbairt Eacnamaíoch**
Tá an Roinn Pleanála freagrach as na hAchtanna um Phleanáil agus Forbairt 2000-2013 agus na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt 2001-2012 a chur i bhfeidhm. Tá ceithre réimse oibre ag an Roinn Pleanála:

- Pleanáil ar Aghaidh
- Bainistíocht Fhorbartha
- Oidhreacht
- Géilliúlacht/Forfheidhmiú Forbartha agus Rialú Foirgníochta

**Pleanáil ar Aghaidh:** Thosaigh athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae An Chabháin 2008-2014 agus ar Phlean Forbartha Baile An Chabháin agus an Ceantar Máguaird 2008-2014 mí Deireadh Fómhair 2012. Seoladh an Dréachtphlean Forbartha Contae, Dréachtphlean Baile An Chabháin agus an Ceantar Máguaird, na Dréacht-thuairiscí Comhshaoil chomh maith leis na Tuairiscí um Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus na Tuairiscí um Mheasunú Scagadh Oiriúnach chuig na Baill mí an Mheithimh 2013. Bhí tréimhse ocht seachtaine ag na Baill le staidéar a dhéanamh ar na Dréachtphleananna, ina dhiaidh sin glacadh leo agus cuireadh iad ar taispeáint go poiblí idir 8 Lúnasa agus 17 Deireadh Fómhair 2013.

Fuarthas aighneachtaí on bpobal is seoladh na Dréachtphleananna chuig na Comhlachtaí Cuí. Tharla Seisiúin Phoiblí buail-isteach Meán Fómhair 2013. Tar éis an dáta deiridh seoladh Tuairisc an Bhainisteora ar an dá phlean chuig na Baill 2 Eanáir 2014, le go ndéanfaí staidéar ar na leasuithe molta is ar na tuairiscí comhshaoil. Meastar go nglacfar leis na Pleananna i 2014.



Comhairliúchán Poiblí faoin bPlean Forbartha Contae (Samhain 2012)

**Iarratais Phleanála:** Fuarthas 282 iarratas nua pleanála, don chuid is mó baineadh le forbairtí beaga mar thithe aonair, sínte le tithe, garáistí tí nó le struchtúir a choimeád mar a bhí.

Bhí líon beag iarratas ar uasghrádú nó síneadh le forbairtí trachtála, tionsclaíoch éadrom agus miondíola. Ba mhó duine a lorg Síneadh Tréimhse Ama maidir le hiarratas. Rinneadh próiseas ar 190 iarratas le linn na bliana 2013.

**Clár Suíomh Tréigthe:** D'aithin clár 2013 go bhfuil 64 Suíomh tréigthe agus cúig fhoirgneamh a d'fhéadfadh a bheith baolach laistigh den chontae.

**Glacadh mar Mhuirear:** Le linn 2013, glacadh go foirmiúil le seacht Fhorbairt Tithíochta agus glacadh ar an iomlán le 12 ceann go dtí seo. Maidir le 13 cinn eile tharla uasghrádú go caighdeán a bheadh oiriúnach dona nglacadh mar mhuirear.

**Eastáit Tithíochta gan Chríochnú:** Le linn 2013 tháinig laghdú ar líon na n-eastát gan chríochnú ó 82 go 68. Bíonn an fhoireann um Ghéilliúlacht Fhorbartha ag obair go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil lena chinntiú go mbeirtear na heastáit úd go caighdeán a bheadh oiriúnach dona nGlacadh mar Mhuirear.

**Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha:** Tharla athbhreithniú ar an Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha agus glacadh le scéim nua mí Iúil 2013. Oibríonn an scéim úd má fhaigheann Comhairle Contae An Chabháin iarratas bailí nó fógra tosach feidhme ar 9 Iúil 2013 nó ina dhiaidh agus más léir go bhfuil an scéim nua níos cothroime don iarratasóir sa chás nár tosaíodh fós ar an obair. Bíonn roinnt díolúintí agus laghduithe i bhfeidhm freisin. Ar an iomlán bailíodh €838,994 (glan) mar ranníocaíochtaí forbartha i rith na bliana 2013.

Toisc go mbaineann an scéim nua 2013 leis an dtréimhse i ndiaidh 9 Iúil 2013, ní mór na fógraí tosach feidhme a scrúdú go géar lena chinntiú go mbaintear an ranníocaíocht chuí i ngach aon chás. Dá bhrí sin beidh gá le malairt Ranníocaíocht Fhorbartha a chur i bhfeidhm i gcásanna áirithe. Saothar cumsitheach an-chruinn is ea é seo lena chinntiú go bpléifear le cách mar is cóir de réir an chead phleanála a bhronntar.

**Géilliúlacht/Forfheidhmiú Forbartha agus Rialú Foirgníochta:** Sa Roinn Pleanála, Géilliúlacht, Forfheidhmiú agus Rialú Foirgníochta leantar de mhonatóireacht agus de chigireacht lena chinntiú go gcloítear leis na Rialacháin Fhoirgníochta agus Coinníollacha Pleanála.

Sa Rannóg Fhorfheidhmithe scrudaíodh 62 cás maidir le gearáin. Socraíodh 30 cás tar éis comhráití, eisíodh 21 litreacha rabhaidh agus thosaigh forfheidhmiú amháin trí Fhógra Forfheidhmithe. Níor cuireadh an dlí ar éinne i 2013.

**Oidhreacht:** Tá réimse leathan dualgas ar an Oifig Oidhreachta maidir le gnéithe éagsúla na hOidhreachta i gContae an Chabháin. San áireamh bíonn séadchomharthaí, nithe seandálaíochta agus oidhreachta, fásra, ainmhithe, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha,

geolaíocht, gáirdíní is páirceanna oidhreachta agus uiscebhealaí intíre.

Oibríonn an Oifig Oidhreachta ag leibhéal straitéiseach agus laethúil laistigh den eagraíocht. Bhí ról tábhachtach againn san athbhreithniú ar an bplean forbartha go háirithe maidir le polasaí is le cuspóirí um chosaint, caomhnú agus bainistiú na hoidhreachta idir ailtireacht, nádúrtha agus cultúrtha. I 2013 d'éirigh linn trí Thionscnamh Plean Oidhreachta a chríochnú:


1. Athbhreithniú ar an gComórtas Míle Órga
2. Staidéar ar Oidhreacht Ailtireachta
3. Suirbhé ar Shuímh Gheolaíochta an Chontae

Fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta chucusan go léir. Bhí rol lárnach ag an Oifig Oidhreachta is iad ag cur comhairle agus ag tacú leis an oidhreacht ailtitreachta i gContae an Chabháin. Cuireadh é sin go léir i gcrích i 2013 nuair a sheol An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an foilsiúchán Liosta Náisiúnta Oidhreacht Ailtireachta (NIAH) i gContae An Chabháin.

I 2013 lean an Oifig Oidhreachta den saothar i measc earnála lena chinntiú gur cuireadh chun cinn oidhreacht idir ealaíon, turasóireacht agus cultúr m.sh. le linn An Tóstal 2013 agus an Oíche Chultúrtha. Leanfar ar an gcuma san i 2014 nuair a bheimid bainteach le coistí bainistíochta an Geopháirc, le Gréasán Náisiúnta na nOifigeach Oidhreachta agus le tionscadail laistigh d'Oifig Ealaíon na Comhairle, den Oifig Turasóireachta, is de na Seirbhísí Músaeim agus Leabharlainne 7rl.



Oíche Chultúrtha, Teach Bhéal Átha hÉis – Meán Fómhair 2013



An Boireann: Ionad Léiriúcháin agus Slí Siúlóide Ilrochtaineachta: Radharc ar Chuilceach á thógáil i 2013.

## Coiste um Bheartas Straitéiseach Pleanála:

Tharla ceithre chruinniú agus pléadh na ceisteanna seo a leanas:
Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta (ACA), An Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha, Aighneacht agus Tuairimí maidir leis an Dréachtscéim Ranníocaíochtaí, Athbhreithniú ar Phleananna Forbartha Chontae An Chabháin agus Baile An Chabháin agus ar na Dréachtphleananna Forbartha Chontae An Chabhain agus Baile An Chabháin agus an Ceantar Máguaird (2014-2020), Easáit Tithíochta gan Chríochnú.

## Coiste um Bheartas Straitéiseach Pleanáil is Eacnamaíocht Tuaithe:

Is iad seo a leanas baill an choiste:

Comhairleoir (Cathaoirleach), Comhairle Contae an Chabháin
Winston Bennett, Comhairle Contae an Chabháin
David Blake, Comhairle Contae an Chabháin
Damien Brady, Comhairle Contae an Chabháin
Fergal Curtin, Comhairle Contae an Chabháin
Des Cullen, Comhairle Baile an Chabháin
John Foy, Lucht Gnó
Thomas Cooney, Cumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA)
Madeleine Ní Mhéalóid, Pobal agus Fiontar
Fintan McCabe, Lucht Comhshaoil

## Seirbhísí Corparáideacha agus Daonacmhainní

### Earcaíocht agus Leas Foirne

Tá an Rannóg Daonacmhainní freagrach as gach aon ghné den tseirbhís a bhaineann le daonacmhainní. San áireamh tá earcaíocht, roghnú agus eagrú foirne, oiliúint agus forbairt, leas foirne, caidreamh tionsclaíoch, an córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta, comhpháirtíocht sa láthair oibre, comhionannas is éagsúlacht agus cúrsaí pinsin.

Toisc bac leanúnach a bheith ar earcaíocht laghdaítear an líon foirne in aghaidh na bliana ar fud na heagraíochta. Caithfear cead speisialta a fháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun post a líonadh. Faoi dheireadh na bliana 2013 bhí 389 ball foirne fostaithe ag an gComhairle. Is mar seo a leanas líon na foirne lárnaigh de réir catagóirí:

| Foireann | Líon |
|---|---|
| Bainistíocht | 5 |
| Cléireachas/Riarachán | 173 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 66 |
| Lasmuigh | 137 |
| Conradh/Tionscnamh | 7 |
| Sealadach/Séasúir | 1 |
| **Iomlán** | **389** |

### Leas Foirne

Tuigeann Comhairle Contae an Chabháin cothromaíocht idir saol na hoibre is saol an teaghlaigh. Tá réimse leathan scéimeanna dá réir mar saoire tuismitheoirí, saoire force majeure, postroinnt, saoire téarma scoile, bliain ghearr oibre agus sosanna gairme.

**Tascairí Seirbhíse**

% laethanta amú de dheasca tinnis:

| | Tinneas le Teastas | Tinneas gan Teastas |
|---|---|---|
| 2007 | 3.08% | 0.43% |
| 2008 | 3.75% | 0.39% |
| 2009 | 4.38% | 0.24% |
| 2010 | 4.19% | 0.34% |
| 2011 | 4.17% | 0.25% |
| 2012 | 3.14% | 0.39% |
| 2013 | 3.39% | 0.18% |

**Oiliúint agus Forbairt**

Trín oiliúint i rith na bliana 2013 leanadh den rún atá againn oiliúint agus forbairt ardchaighdeáin a sholáthar. Díríodh ar réimse leathan deiseanna a chuir le cumas ball foirne cur lena gcuid eolais agus scileanna is a lig dóibh tacú go sásúil le riachtanais ghnó na heagraíochta. Tharla an-chuid clár oiliúna d'fhoireann bóithre neamh-náisiúnta, seirbhísí uisce agus comhshaoil agus díríodh mar is gnáth ar riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta.

Mar chuid den dtacaíocht leanúnach dóibh siúd ar mhian leo dul ar aghaidh sa ghairm beatha tacaíodh leo siúd a lean cláir oideachais bhreise. Tréaslaímid leo siúd a bhain amach cáilíochtaí éagsúla. Soláthraíodh oiliúint freisin do na hIonadaitahe Tofa ar fad.

**Córas Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS)**

Faoi réir téarmaí Comhaontú na Seirbhíse Poiblí, tá an earnáil údarás áitiúla tiomanta do bheocht nua a chur isteach sa Chóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Sa chóras seo bíonn modhanna a thacaíonn le feabhas feidhmíochta don duine aonair, do mheithil agus don eagraíocht. Dírítear go mór ar bhaill aonair foirne a fhorbairt i ngach aon slí agus ar thacú agus ar chabhrú leo.

Cruthúnas ar ár dtiomantas don chóras PMDS is ea an ráta ard rannpháirtíochta a bhí i measc na ranna go léir i rith na bliana 2013.

**Saoráil Faisnéise (FOI)**
Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm ó 21 Aibreán, 1998. Tá sé de cheart ag an bpobal:

- teacht ar thaifeadaí oifigiúla a bhíonn ag comhlachtaí poiblí
- a leithéid d'eolas pearsanta ag na comhlachtaí úd a cheartú agus a uasdátú nuair is gá
- eolas a fháil ar fháthanna aon chinneadh uathusan a théann i bhfeidhm orthu féin.

**Staitisticí Saoráil Faisnéise 2013:**

- Líon cás fagtha ó 2012 1
- Líon Iarratas Faighte 9
- Líon Iarratas Deonaithe 6
- Líon Iarratas Deonaithe go Pointe 3
- Líon Iarratas Diúltaithe 0
- Tarraingthe siar/Réitithe lasmuigh de FOI: 0
- Líon Iarratas beo 31 Nollaig 2013 0

**Deontais Ardoideachais**

Don bhliain acadúil 2012/2013 bunaíodh córas nua um iarratas mac léinn is é sin ar líne amháin chuig an t-aon údarás amháin, aonad de chuid Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, ar a dtugtar Tacaíocht Uilíoch Mac Léinn Éireann (SUSI ). Déantar gach iarratas trín suíomh idirlín **www.studentfinance.ie.**

Dá bhrí sin ó Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh ní phléann Comhairle Contae an Chabháin ach le **hIarratais um Athnuachan Deontas Mac Léinn**. Is iad siúd a raibh Deontas Mac Léinn cheana féin acu ón gComhairle is iad ag dul ar aghaidh sa chúrsa céanna a bhíonn ag plé leis an gComhairle anois.

Ar an iomlán bhronn Comhairle Contae an Chabháin 370 Athnuachan Deontas Mac Léinn don bhliain acadúil seo caite 2012/2013. Faoi 31 Nollaig 2013 bhíothas tar éis 230 iarratas ar dheontas athnuachana a fhail don bhliain acadúil 2013/2014. Ag seo na sonraí fúthusan:

| Awarded a Grant | Refused | Cancelled/ Withdrawn | Ongoing/Further Documentation Required |
|---|---|---|---|
| 201 | 8 | 10 | 11 |

Íoctar Deontas Speisialta Cothabhála do mhic léinn faoai choinníollacha áirithe mar theaghlach ar ioncam íseal. Faoi 31 Nollaig 2013 bhíothas tar éis 52 Deontas Forlíontach dá leithéid a bhronnadh don bhliain acadúil 2013/2014.

## Clár na dToghthóirí

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as an nDréachtchlár is as an gClár Beo Toghthóirí a chur le chéile maraon leis an bhForlíonadh. Foilsítear an Clár in aghaidh na bliana ar 1Feabhra le teacht i bhfeidhm ar 15 Feabhra dar gcionn.

Tá na catagóirí seo a leanas sa Chlár Toghthóirí: toghthóirí Uachtaránachta, na Dála, Eorpacha agus Rialtas Áitiúla. Braitheann an catagóir agus an saghas toghcháin a bhaineann leis le saoránacht an duine mar a mhínítear anso thíos.

| Saoránaigh | Toghcháin ina bhfuil ceart vótála |
|---|---|
| Na hÉireann | Gach toghchán agus pobalbhreith |
| Na Breataine | Dáil, Eorpach agus Áitiúil |
| Tíortha eile AE | Eorpach agus Áitiúil |
| Tíortha lasmuigh den AE | Údaráis Áitiúla amháin |

Chun a bheith i dteideal clárú mar thoghthóir ni mór a bheith:

- 18 bliana ar a laghad ar 15 Feabhra i mbliain fheidhmithe an Chláir
- Lonnaithe de ghnáth i gceann amháin de na ceithre thoghcheantar ar 1 Meán Fómhair sa bhliain díreach roimh bhliain fheidhmithe an Chláir.

Má bhogtar go dtí áitreabh nua, féadfar an duine a chur ar an bhforlíonadh faoin seoladh nua, ach amháin má bhíonn an duine cláraithe mar thoghthóir ag seoladh éigin eile nó má shocraíonn siad ar an ainm faoin seoladh eile a bhaint den chlár.

Ba é líon na dToghthóirí i gContae an Chabháin de réir Clár na dToghthóirí 2013/2014 ná 55,475 is iad roinnte ar na toghcheantair mar a leanas:

| **Toghcheantar Áitiúil** | **Líon na dToghthóirí** |
|---|---|
| Coill an Chollaigh | 15,415 |
| Baile Shéamais Dhuibh | 14,467 |
| Béal Tairbeart | 10,459 |
| An Cabhán | 15,134 |
| **Iomlán** | **55,475** |

Tharla dhá Phobalbhreith Bunreachtúla le chéile in Éirinn 4 Deireadh Fómhair 2013, b'shin iad an Dóú Leasú is Tríocha agus an Tríú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht 2013.

**Pobal agus Fiontar, Cuimsiú Sóisialta**
Thacaigh an Bord Pobal agus Fiontar leis an mBord Forbartha Contae agus monatóireacht ar siúl acu ar an straitéis deich mbliana don chontae leis na fochoistí Forbairt Gheilleagair, Talmhaíochta agus Beartais um Chuimsiú Sóisialta. Amach anseo i 2014 beidh athruithe suntasacha maidir le hidirghníomhú ag Rialtas Áitiúil, Boird Fhiontair Chontae, áisinteachtaí eile is ag an bpobal mór maidir le straitéisí comhtháite agus tacaithe a chur i gcrích sa Réimse Pobal agus Fiontar.

I 2013, lean Bord Forbartha Contae an Chabháin le tionscadail a chur chun cinn a chuir leis an leas is fearr a bhaint as an gCabhán mar láthair iontach do chách idir mhuintir na háite, lucht oibre agus cuairteoirí. Bíonn saothar leathan fairsing agus éagsúil ar bun ag an mBord agus baint acu le gach gné de shaol an phobail idir shóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha:

- Tharla Blas An Chabháin arís 10 agus 11 Lúnasa in Institiúid An Chabháin. Ba í seo an dara huair don ócáid úd agus d'éirigh go hiontach leis an gceiliúradh. Ar feadh dhá lá tháinig thart ar 22,000 duine chun breis is 60 seastán a fheiceáil. Deis iontach a bhíonn ansiud do tháirgeoirí áitiúla agus iad in ann a gcuid táirgí den scoth a chur i láthair an phobail len iad a mhealladh leis an mbia breá atá againn a bhlaiseadh.



An Cócaire Cáiliúil Neven Maguire, Bialann MacNean, Blaic

- I dteannta an CLG d'fháiltigh Comhairle Contae an Chabháin roimh an Cluichí faoi Rialacha Idirnáisiúnta i bPáirc Bhreifne Kngspan 19 Deireadh Fómhair 2013. Chomh maith leis an gcluiche féin eagraíodh ócáidí teagmhasacha is siamsaíocht don slua 35,000 a tháinig. people came to Cavan and a packed weekend of entertainment was provided. Tharla ceardlann in ionad Caisleán Sandarsan a lig do dhaltaí meánscoile bualadh le himreoirí ón dtír seo agus ón Astráil.



Imreoirí ón bhfoireann Rialacha na hAstráile le Jack Keyes, Bainisteoir Contae, Val Smith, Cathaoirleach agus Ger Finn, Stiúrthóir Seirbhísí ag Caisleán Sandarsan.

- D'eagraigh an Chomhairle Meabhair Bheomhara mar chomhdháil i gcomhar le Comhairle na nÓg agus Síocháin III An Chabháin. Bhí breis is 750 duine óg i láthair ag an ócáid úd a bhain le meabharshláinte. I measc aoichainteoirí ón saol spóirt in Éirinn bhí Oisin McConville, Míchéal O'Muircheartaigh, Alan O'Meara, John Joe Nevin, Andy Murray, Kevin McStay agus an pearsa spreagúil úd, Pearsa Óige na hÉireann Joanne O'Riordan.

Tá an Rannóg Pobal agus Fiontar freagrach as Clár RAPID (Athnuachan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt), Riaradh Plean Síocháin agus Athmhuintearais faoi Shíocháin III An Chabáin, Athchóiriú ar Eaglais Chaisleán Sandarsan agus Teach Cúirte An Damhshraith, Páirtíocht Spóirt An Chabháin, Tionscnaimh Éagsúla Taighde, Cuimsiú Sóisialta, Comhairle na nÓg, An Tóstal, Gradaim an Chathaoirligh agus an Scéim Deontas Pobail. Tacaíonn an Rannóg freisin le saothar Ionad Shráid an Droichid agus leis an bhFóram Pobal agus Deonach.

**Clár RAPID**

Bhronn Comhairle Contae an Chabháin maoiniú faoin gClár RAPID i 2013. Dáileadh an maoiniú ar ghrúpaí a sholáthraigh gníomhaíochtaí de réir tionscnamh i gceantar Bhaile an Chabháin. Ar an iomlán tacaíodh le 12 tionscnamh agus orthusan bhí:

- Leithreas inrochtana in áitreabh na n- iarshaighdiúirí Teach Ashvale
- Grúpa Máithreacha agus Leanaí Óga
- Bothán na bhFear i mBaile an Chabháin
- Ranganna Cócaireachta i dTulach Mhongáin
- Clár Tacaíochta do Theaghlaigh, Bunscoil Naomh Clár
- Tionscadal 365 Peil Óige An Chabháin 2013

Tháinig deireadh le clár RAPID i 2013 ach tá súil againn go leanfar leis na gréasáin is leis na gníomhaíochtaí a d'eascair as an gclár. Beidh dúshlán romhainn i 2014 leanúint leis an saothar fiúntach céanna.

**Síocháin III**

Bronnadh maoiniú €3,127,807ar Chomhairle Contae an Chabháin do Chéim II den Chlár Síocháin III a thosaigh mí Iúil 2011 agus a leanfaidh go Mí na Nollag 2013. Tá na Páirtíochtaí seo a leanas ar bun faoi láthair:

- Gréasáin, Comhairle Contae an Chabháin
- Deachaidreamh, Comhairle Contae an Chabháin
- Oidhreacht, Comhairle Contae an Chabháin
- Óige, Comhairle Contae an Chabháin
- Ógtheagmháil, An Coiste Gairmoideachais
- Idirghabháil agus Réiteach Aighnis, Ionad Acmhainní Teaghlaigh An Chabháin

Faoin gClár Deontas Beaga bronnadh ar an iomlán €418,000 ar ghrúpaí i gContae an Chabháin mar a leanas:

| Grúpa | Tionscnamh |
|---|---|
| Club Rugbaí an Chabháin | Naisc a Chruthú Baic a Bhaint (CLUB) |
| Club Rámhaíochta Bhéal Tairbeart | Dragúin Phobail Trasteorann |
| CLG an Chabháin | Féile Cuimsiú Sóisialta/Cuimsiú CLG |
| Lóiste Óráiste An Bhrúscaigh | Céimeanna Fáiltithe |
| Cumann Forbartha Achadh an Iúir | Achadh an Iúir 400 |
| Ionad Pobail Dhún an Rí | Traidisiúin á mBreith le Chéile |
| Cumann Sacar na hÉireann | Ná téigh thar an Líne |
| Fóram Pobail an Chabháin | Caidreamh Sibhialta agus Sóisialta |
| Eaglais Phreispitéireach na Tríonóide | Tríonóid 2013 |
| Breffni Integrated Teo | Gréasán Ilchultúrtha a Fheabhsú is a Chur chun Cinn |
| Ógtheagmháil Dhún an Rí | An Bhreis in Aghaidh |
| Cumann Drámaíochta Bhéal Tairbirt | Tionscnamh Drámaíochta An Cabháin go dtí An Corr Chríochach |
| Ionad Acmhainní Tulach Mhongáin | Tionscnamh Óige Trasteorann Tulach Mhongáin/Cill na Leice |
| Coiste Gairmoideachais Chontae An Chabháin | Gile ar an nDreach Mór |
| Ionad Eachrach Droimnín | Feabhas ar Chúrsa Trastíre Ionad Eachrach Droimnín |
| Tionscnamh Óige Pobal an Chabháin | Is Mise (AIM) An Cabhán |

**Síocháin III – Samhail Dáileadh Acmhainní**
Tharla an tSamhail Dáileadh Acmhainní trí sholáthar na dtionscnamh de chuid Comhairle Contae an Chabháin mar atá Gréasáin, Deachaidreamh agus Óige.  Dírítear sa tsamhail úd ar ghrúpaí nach mbíonn taithí acu ar chursaí fála agus dá bhrí sin cabhraíonn a nOifigeach Forbartha féin leo maidir leis na cúrsaí céanna.

Chuir Comhairle Contae an Chabháin isteach ar shíneadh leis an maoiniú deontais do Chéim 2, Síocháin III.  Tá an t-iarratas á mheas faoi láthair agus tá dóchas ag an gComhairle go n-éireoidh leo breis maoinithe a fháil faoin mbliain  2014.

**Tionscnaimh Chaipitiúla**
Bhí baint ag an Rannóg Pobal agus Fiontar le roinnt tionscnamh caipitiúla i 2013. Thacaíomar leis na tionscnaimh seo a leanas de chuid grúpaí pobail trín gclár ranníocaíochtaí forbartha le cabhair freisin ón gclár LEADER.

- Bréagán An Phléimeannaigh, Béal Átha na nEach €15,000
- Tionscnamh Muiríne Reamhoir, Achadh an Iúir €20,000

Bhí an Rannóg Pobal agus Fiontar ag obair i bpáirt maidir leis an dtionscnamh **Leas as Acmhainní Nádúrtha** faoi stiúir Fiontar Chontae an Chabháin agus maoinithe ag Interreg. Tugadh tacaíocht idir riaracháin agus teicniúil, go háirithe d'athchóiriú Teach Cúirte An Damhshraith a fuair maoiniú €488,000 ón Aontas Eorpach.

Trín gClár SÍOCHÁIN III fuair an Rannóg Pobal agus Fiontar maoiniú €250,000 chun Eaglais Caisleán Sandarsan a athchóiriú mar a bhí ar dtús.

## Comhpháirtíocht Spóirt An Chabháin

Tionscadal é seo a bunaíodh i 2008 mar chuid de ghréasán náisiúnta 33 cinn de Chomhpháirtíochtaí Spóirt agus a bhaineann le Comhairle Spóirt na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an gComhpháirtíocht Spóirt an rannpháirtíocht sa spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla a mhéadú i measc muintir uilig an Chabháin.

Faoi láthair bíonn an Chomhpháirtíocht Spóirt ag obair le breis is 400 club, grúpaí agus eagraíochtaí sa Chabhán ar chláir reatha náisiúnta oiliúna agus ar imeachtaí spóirt a thaitníonn leo. Ar na tionscadail a bhí mar thosaíochtaí ag an gComhpháirtíocht Spóirt i 2013 bhí:

- RRith le Catherina: an chead rás bóthair againn in onóir ár lúthchleasaí idirnáisiúnta. Bhí breis is 800 duine páirteach sa rás an lá san.
- Féile Siúlóide An Chabháin: leathnaíodh an fhéile chun breis is 25 siúlóíid a chuimsiú thar 10 lá ar fud an Chabháin ar fad. Bhí roinnt cuairteoirí iasachta páirteach i measc breis is 1,000 duine ar an iomlán. Dhírigh cuid éigin den gclár deontas againn ar thacú le hócáidí a chuir turasóireacht chun cinn mar chuid den Tóstal.
- Operation Transformation (OT): i deannta ceannaire OT ón gCabhán, d'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin le Comhairle Spóirt na hÉireann agus le RTÉ chun An Cabhán agus ár struchtúir gníomhaíochtaí fisiciúla a chur chun cinn tríd an gclár.
- Scéim Deontas do Chlubanna Spóirt: dháil Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin €15,000 mar dheontais do chlubanna spóirt is do phobail ar fud an chontae le linn na bliana 2012/13.
- Plean Straitéiseach Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin 2013-2015: Seoladh doiciméad nua straitéiseach maidir le forbairt spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla i measc muintir uilig an Chabháin.
- Músaem Spóirt Uladh: mí Aibreán 2013 tháinig Músaem Spóirt Uladh go dtí An Cabhán. Cuimsítear laochra móra spóirt Uladh sa mhúsaem agus díríodh go háirithe ar lucht spóirt an Chabháin.

**Aonad Cuimsiú Sóisialta**

Seoladh Straitéis Tacaoise Chontae An Chabháin mí Aibreáin 2013. Rún lárnach ansiúd ab ea an Fóram nua Lucht Scothaosta a bunaíodh mí Bealtaine mar ghuth ionadaíochta ag daoine scothaosta.

Ar an saothar tacaoise i mbliana bhí an méid seo:

- bunaíodh suíomh idirlín tacaoise www.cavanagefriendlycounty.ie
- oiliúint idirlín do dhaoine scothaosta (Digitigh an Náisiún)
- Clár Coisctheacht Choiriúlachta An Garda Síochana ar bhonn píolótach
- botháin na bhfear sa Chabhán
- taighde ag leibhéal iarchéime ar cheisteanna daoine scothaosta.

Ar an saothar eile bhí an méid seo:

- Forbraíodh Ceistneoir um Shuirbhé Custaiméara i gcomhar leis an Rannóg Daonacmhainní agus líonadh breis is 500 custaiméar an suirbhé úd.
- Mar chuid de chlár nua um athlonnú dídeanaithe bunaíodh grúpa idiráisínteachta, lorgaíodh maoiniú agus ullmhaíodh cúinsí chun fáiltiú roimh breis is 30 duine ó Phoblacht An Chongó. Cinnteoidh an grúpa go bhfaighidh siad na riachtanais a bhíonn uathu um thithíocht, oideachas, sláinte 7rl. Ceapfar oifigeach forbartha i 2014.
- Bhí slua mór i láthair nuair a d'eagraigh an Grupa Idiráisínteachta don Lucht Siúil na Gradaim Mórtas an Lucht Siúil mí Bealtaine.
- Bhí raidhse imeachtaí mar chainteanna, ceardlanna, taispeántais is oiliúint ar bun ag grúpaí éagsúla don Seachtain Cumsiú Sóisialta.

**Comhairle nÓg**

Trín Oifigeach Óige lean Comhairle Contae An Chabháin de thacú le gníomhaíochtaí Comhairle na nÓg An Chabháin. Chun tacú leo fuarthas €20,000 ón Roinn Leanaí agus Gníomhaíochtaí Óige. Tionóladh Ollchruinniú Bliantúil Comhairle na nÓg mí Deireadh Fómhair; bhí breis is 200 ag an gcruinniú agus toghadh 20 ball a bheidh in oifig go ceann dhá bhliain. Bhí dlúthbhaint ag an gComhairle le heagrú comhdháil Meabhair Bheomhara agus deireadh seachtaine iomlán Rialacha na hAstráile.

**An Tóstal**

Bhí tabhairt amach thar na bearta ag grúpaí pobail i gContae an Chabháin don Tóstal. Bhí an rannpháirtíocht anso sa Chabhán orthu siúd ab fhearr sa tír agus fianaise ab ea é sin ar neart agus teacht aniar spiorad an phobal atá anso againn. Bhronn an Ciste Pobal Áitiúil don Tóstal €30,000 ar 47 Tóstal agus bhi a dTóstal féin ag dreamanna eile; tharla breis is 110 díobh ar fud an Chontae.

Bhí Féile Uí Raghallaigh mar chuid den Tóstal i mBaile an Chabháin agus fuarthas €15,000 ó Fháilte Éireann, dáileadh €10,000 uathu leis ar an bhFéile Tóstal. Chuir an tionscadal úd go mór le turasóireacht i gContae an Chabháin agus meastar gur mhéadaigh líon na gcuairteoirí faoi 10% ar bhonn náisiúnta dá bharr.

## Gradaim an Chathaoirligh

Trí Ghradaim an Chathaoirligh ceiliúrtar iad siud sa chontae a chuireann le leas an phobail trína ngíomhaíochtaí saorálaíochta, daoine a théann i bhfeidhm go mór trín obair Dheonach agus Pobail ar chaighdeán beatha muintir na háite.

Is í an Rannóg Pobal agus Fiontar a stiúraíonn na Gradaim i gcomhar leis an mBord Forbartha Contae.  Bhí breis is 230 duine i láthair Oíche na nGradam  in onóir na 27 a ainmníodh.  Ba iad Gerry Smith agus Aoife Maguire a bhí mar bhuaiteoirí ar an iomlán sa Chatagóir Óige.




Buaiteoirí Gradam an Chathaoirligh 2013 in éineacht le Paddy O'Reilly, Cathaoirleach

## Scéim Deontas Pobail

Trín scéim seo spreagtar eagraíochtaí agus grúpaí chun tionscnaimh a bhunú a fheabhsóidh caighdeán na beatha do mhuintir na háite.  Tugtar beagán maoiniú faoi bhun €1,000 do thionscnaimh nach bhfaigheadh a leithéid in aon slí eile.  Trí ghníomhaíocht bhreise na dtionscnamh úd  idir eacnamaíoch agus sóisialta cuirtear go mór le hinmharthanacht an cheantair.  Caitheadh €20,000 ar mhaoiniú tacaíochta do 50 grúpa pobail i 2013.

## Ionad Sráid an Droichid

Ar na húsáideoirí seirbhísí atá lonnaithe sa bhfoirgneamh seo tá Gluaiseacht Lucht Siúil An Chabháin, Fostaíocht Phobail Bhréifne, Tearmann, Fostú Tacaithe Mhuineacháin agus an Clár Abhchóideacht Óige.

Le linn 2013, lean Ionad Sráid an Droichid den bhforbairt mar acmhainn riachtanach d'eagraíochtaí áitiúla agus deonacha, do chumainn áitritheoirí is do ghrúpai tacaíochta idir óige agus teaghlaigh. Is féidir cruinniú ansiúd i dtimpeallacht slán, sábháilte neodrach agus is iomaí dream éagsúil úsáideoirí a bhíonn anois ag baint leas as an áis seo.

I measc buaicphointí na bliana bhí Lá Oscailte ar an Aoine 5 Iúil mar chuid den gcéad Fhéile Shráid an Droichid a lig don lucht úsáide an pobal a chur ar an eolas faoina mbíonn ar siúl acu agus na háiseanna ar fad atá san Ionad a léiriú.

**Fóram Pobal agus Deonach An Chabháin**

Is ar son earnála Pobal agus Deonach an Chabháin a bhíonn an Fóram, ag tacú le pobal an chontae trí ghréasáin, bolscaireacht, comhairle agus ionadaíocht. Ar an gCoiste tá 38 ionadaí tofa pobail ó 560 cinn de ghrúpaí pobail ata cláraithe sa Chabhán. Bíonn cruinniú acu gach re mí agus toghcháin bhliantúla ar fud an chontae.

Bíonn fás agus forbairt i gcónaí ag teacht ar Fhóram An Chabháin agus toisc nach mór an maoiniú a bhíonn ar fáil acu is léir go bhfuil tiomantas agus teacht aniar ann idir fhoireann agus saorálaigh. Cuid bheomhar lárnach anois is ea é den bhonnegar sóisialta is sampla maith d'Fhóram Pobail a bhíonn gníomhach agus nuálach i ngach aon slí. Ar na gaiscí a tharla i 2013 bhí:

- Ocht gcinn de Sheónna Bóthair sna bailte seo a leanas: Baile An Chabháin, Baile Shéamais Dhuibh, Coill an Chollaigh, Béal Tairbeart, Cill na Seanrátha, Muinchille, An Cnoc Rua agus Achadh an Iúir.
- Seoladh Ócáid Le Chéile mar a raibh ionadaithe ó breis is 100 grúpa pobail, Comhairle Contae An Chabháin agus páirtithe eile áitiúla.
- Éascaíodh Raidió Pobail An Chabháin a bhunú mar raidió ar líne, anois bíonn breis is 6000 éisteoirí acu in aghaidh na míosa ó thíortha éagsúla.
- Foilsíodh sé chinn de nuachtlitreacha Fóram Pobail.
- Foilsíodh Nótaí coicíse Pobail mar e-ráitis chuig/ó na grúpaí ar fad.
- Cabhraíodh le bunú Bothán na bhFear i bpáirt le grúpaí aois ghníomhach agus a leithéid eile sa chontae.
- Críochnaíodh iniúchadh ar ghrúpaí áitiúla a rug líon na ngrúpaí cláraithe ó 457 go 560.
- Eagraíodh socruithe oibre Tús ar an bhFóram do bheirt a bhí díomhaoin le fada ionas go gcuirfí lena scileanna is taithí oibre fad is a bheidís ag obair ar thionscnaimh phobail.
- Foilsíodh leabhrán eolais ar An dTóstal agus scaipeadh é ar fud an chontae.
- Bunaíodh mórán suíomh idirlín is leathanaigh Facebook do ghrúpaí pobail chomh maith le hoiliúint um a leithéid a bhainistiú.

## Coistí Polasaí Straitéiseach

Ag seo liosta na mball:
Comhairleoir Paddy O'Reilly, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Shane P. O'Reilly, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Peggy Gray, Comhairle Baile Bhéal Tairbirt
Comhairleoir Sean McKiernan, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Niamh Smyth, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Val Smith, Comhairle Contae an Chabháin
Jerry Fitzpatrick, Fóram Pobal agus Deonach
Steven Shannon, Fóram Pobal agus Deonach
Peter Crosby, Comhdháil na gCeardchumann
Agnieszka Adamska, An Cumann Polannach

Two meetings of the Strategic Policy Committee took place in 2013

| Táscairí Seirbhíse | 2012 | 2013 |
|---|---|---|
| Céatadán scoileanna agus grúpaí óige i scéim áitiúil Comhairle Óige/Comhairle na nÓg | 65.51% | 65.51% |
| Líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach | 457 | 592 |
| Líon clós súgartha de chuid an Údaráis Áitiúla | 0 | 0 |
| Líon clós súgartha éascaithe ag an Údarás Áitiúil | 0 | 0 |

## Comhairle Baile An Chabháin

**Méara an Bhaile:** Jacqui Lewis (Fine Gael)
**Baill Tofa:** Paddy O' Reilly Fine Gael (FG), Brian McKeown ,Sinn Féin, (SF) Des Cullen (Lucht Oibre) Terry Argue (FG) Andrew Boylan (FG) Paddy Conaty, Fianna Fáil (FF) Patricia Walsh (FF) Michael Sexton (FF)

**Bainisteoir Baile: Ger Finn**
**Cléireach Baile:** Brian Hora
**Innealtóir Baile:** Alan Lyons

Chuir saothar Comhairle Baile an Chabháin lena raibh déanta le tamall de bhlianta anuas ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cutúrtha de.

Rinneadh oibreacha suntasacha chun bonneagar bóithre agus cosán an bhaile a fheabhsú. Chucusan fuarthas maoiniú ó Roinn Iompair agus mar shampla cuireadh uachtar ar Shráid na hAbhann, ar Chill na Mhara is ar Chorrán Leathráth.

Leanadh den obair ar an Scéim Feabhsú Baile i gcomhar leis an gclár Seirbhísí Uisce ag Comhairle Contae an Chabháin. Deonaíodh Cead Pleanála Cuid V do dhá stáisiún nua caidéalaithe faoi thalamh ag Bóthar na hArdeaglaise, An Cabhán agus ag Sráid an Choláiste.

Mí na Nollag fógraíodh maoiniú caipitiúil don Uasghrádú ar Bhonneagar Séarachais do Bhaile an Chabháin is don dúthaigh máguaird. Tionscnamh ollmhor é seo a dhéanfaidh freastal ní hamháin ar riachtanais reatha ach a ligfidh do bhreis forbartha ar an mbaile is sa cheantar atá thart air.

Don ochtú bliain as a chéile d'éirigh leis an gCabhán cur lena scór pointí i gComórtas na mBailte Slachtmhara, táimid anois ar an mbaile mór is fearr i gContae an Chabháin. Bronnadh Bonn Cré-Umha don tarna bliain as a chéile agus bhí rath orainn freisin sa Léig Lucht Gnó na hÉireann in Aghaidh an Bhruscair. Bhí an Dara duais ar an iomlán ag Baile an Chabháin agus táimid fós “Os cionn Gnáthchaighdeán na hEorpa”. Ó thosaigh an léig úd dhá bhliain déag ó shin, bhí An Cabhán mar uimhir a haon nó a dó seacht n-uaire agus ní rabhthas lasmuigh den gcéad cheithre bhaile ach faoi dhó.



An Méara Jacqui Lewis ag glacadh le ceann de na 3 Gradam a ghnóthaigh Comhairle Baile An Chabháin

Tá Ionad Sráid an Droichid ag feidhmiú le tamall de bhlianta mar acmhainn riachtanach d'eagraíochtaí áitiúla agus deonacha. Tháinig borradh agus fás arís air maidir le cuimsiú sóisialta a éascú is le pobal comhtháite a spreagadh i mBaile an Chabháin.

Chríochnaigh an Chomhairle obair ar an spás nua poiblí ar feadh Siúl na hAbhann. Tharla uasghrádú, cuireadh síolta ar thalamh réidh, tógadh fála nua, leagadh amach spás chun suí agus troscán páirce chomh maith le gáirdín ar théama Francach in ómós Cothrom 25 ó Nascadh an bhaile le Jaunay Clan na Fraince.

Ainmníodh Baile an Chabháin mar Bhuaiteoir na hÉireann don Ghradam Láthair Eorpach den Scoth (EDEN) 2013. Ba é téama na bliana don Chomórtas ná "Turasóireacht Inrochtana". Trín nGradam seo aithnítear an tréaniaracht a rinneadh chun dushlán lucht míchumais a éascú, is léir go bhfuil cúinsí níos compordaí anois dóibh maidir le taitneamh a bhaint as a mbíonn le tairiscint againn anso sa Chabhán.

Níorbh é sin an t-aon ghradam Eorpach amháin a bronnadh ar Bhaile an Chabháin 2013. Mí Aibreáin fógraíodh go bhfuair An Cabhán an Dioplóma Onórach de chuid Comhairle na hEorpa mar aitheantas don iarracht a rinne an Baile ar an iomlán maidir le hidéal na hEorpa a chur chun cinn agus le tuiscint ar an dTionscnamh Eorpach.

Bhí ról tábhachtach ag an gComhairle i bhFéiltí agus in imeachtaí eile i 2013 agus soláthraíodh maoiniú agus tacaíocht fhoirne do:

- Féile Siúlóide An Chabháin
- Blas An Chabháin
- Féile Life of Reilly
- Deireadh Seachtaine na Rialacha Idirnáisiúnta
- Rith le Catherina

Lonnaíodh 33 tionónta i dtithe Údarás Áitiúla le linn 2013. Toisc clár ollmhór infheistíochta a bheith againn bhíothas in ann feabhsúcháin a chur i gcrích ar 126 áitreabh de chuid na Comhairle.

Buaicphointe na bliana gan dabht ab ea an rath a bhí orainn sna Gradaim Údaráis Áitiúla den Scoth á eagrú ag Cumann Lucht Trachtála. Bhain An Cabhán trí chinn de ghradaim a aithníonn an ról a bhíonn ag an gComhairle Baile (agus Contae) is iad ag tacú le healaíon áitiúil, ag cur beatha sláintiúil chun cinn agus ag spreagadh féiltí móra le teacht go dtí An Cabhán trí bholscaireacht ar an láthair mar ionad a bhedh oiriúnach dóibh. Léiríonn na gradaim a bronnadh do Trans Arts An Cabhán, don Tionscadal Taisteal Cliste agus d'Fhéile na Bliana go bhfuil saothar thar na bearta ar bun ag an gcomhairle áitiúil trí thacú le pobail áitiúla, le lucht gnó agus leis an mBaile a chur chun cinn.

## Bonneagar, Gnóthaí Cultúrtha agus Tithíocht

**Bonneagar**

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as na bóithre ar fad sa Chontae idir Phríomhbhealaí, Bealaí Tánaisteacha, Réigiúnacha agus Áitiúla a chothabháil agus a fheabhsú.  Tugann An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA) maoiniú i leith Bóithre Náisiúnta.  Maoiníonn An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS) an gréasán Réigiúnach agus Áitiúil le tacaíocht idir theicniúil agus riaracháin ón NRA.  Tagann cuid mhaith den dáileadh don Ghréasán Réigiúnach agus Áitiúil ó Chomhairle Contae an Chabháin.




Meastar gur fiú an gréasán bóithre ar an iomlán sa Chontae breis is €1.1billiún, baineann €1 billiún leis na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.  Tá 779 droichead thar bhóthar (réise breis is 2 méadar) sa chontae.

| Catagóir | Fad (Cm) | Costas Cothabhála 2013 (€) | Costas Cothabhála 2012 (€) | Costas Cothabhála 2011 (€) | Costas Cothabhála 2010 (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| National Primary | 67 | 308,588 | 429,233 | 465,211 | 481,000 |
| National Secondary | 62 | 182,470 | 283,570 | 229,454 | 269,700 |
| Regional | 399 | 1,007,000 | 1,126,715 | 1,211,499 | 1,141,166 |
| Local | 2470 | 776,530 | 1,759,356 | 2,511,031 | 2,445,834 |
| **Total** | **2998** | **2,274,588** | **3,598,974** | **4,471,195** | **4,607,700** |

Chaith Comhairle Contae an Chabháin €1.527m as a stuaim féin go speisialta ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Go príomha bhain an chothabháil le draenáil agus le hathchóiriú dromchlaí. Ar an iomlan bíonn Comhairle Contae an Chabháin freagrach as beagnach 3,000Cm (1,880 míle) de bhóithre poiblí in aghaidh na bliana.

**Clár Bliantúil Oibreacha Bóthair**
Bhí buiséad beagnach €30 milliún ann do chothabháil agus feabhsú bóithre, roinnte mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Príomhbhealaí Náisiúnta | € 15,154,975 |
| Réigiúnach, Áitiúil agus Uirbeach | € 9,764,550 |
| Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta | € 947,470 |
| Acmhainní na Comhairle | € 2,150,000 |
| **Iomlán** | **€ 28,016,995** |

Is ón Rialtas Lárnach trí áisínteachtaí éagsúla a thagann an maoiniú feabhsúchán bóithre don chuid is mó. Is iad seo a leanas na príomháisínteachtaí:

- NAn tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA) a mhaoiníonn gach bóthar náisiúnta.
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla is Scéimeanna

Feabhsúchán Áitiúla ach le cúnamh teicniúil agus riaracháin ón NRA. Thug An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú €675,000 faoin gClár Taisteal Cliste Taisteal Gníomhach 2012/2013 do lánaí rothair i mBaile an Chabháin. Chuige sin cuireadh tús le pleanáil agus dearadh i 2012 agus críochnaíodh an tógáil i 2013.

**Ranníocaíochtaí Áitiúla**

Chaith Comhairle Contae an Chabháin €2.15 milliún as a stuaim féin chun an Gréasán Réigiúnacha agus Áitiúla a Chothabháil is a Fheabhsú, rud a léiríonn tiomantas na Comhairle do chúram an ghréasán bóithre sa chontae.




**Cothabháil Gheimhridh**

Dáileadh €141,642 do Chothabháil Gheimhridh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i gContae an Chabháin.

**Dualgais Rialachais a Chur i bhFeidhm**

Tá fodhlíthe páirceála i bhfeidhm i gCoill an Chollaigh, Béal Tairbirt, An Muinchille agus Achadh an Iúir. Bíonn teora ama i gceist i lár an bhaile chun tráchtáil a éascú ach amháin i mBéal Átha Chonaill.

## Tionscnaimh

**Scéim Fheabhasúcháin N3 Droichead an Bhuitléaraigh go Béal Tairbirt**

Is iad an N3 Baile Átha Cliath/Inis Ceithleann/Béal Átha Seanaidh agus an N16 Sligeach/Inis Ceithleann atá sa ghréasán príomhbhealaí againn.

Bronnadh an Conradh Dearadh agus Tógáil don N3 Droichead an Bhuitléaraigh go Béal Tairbirt ar Ferrovial Agroman Ireland Ltd/PT McWilliams mar Chomhfhiontar mí Aibreáin 2011. San áireamh tá an dearadh a fhorbairt agus an tógáil a chur i gcrích.

Beidh an bóthar úd 6.8Cm ar fhad is é mar cheangal idir Seachród An Chabháin agus Staghall ag timpeallán An tEanach.  Áis mhór a bheidh ann don sábháilteacht is don ghluaiseacht tráchta i mBéal Tairbirt agus osclófar bealach amach go dtí an Iarthuaisceart.

Mar chuid den tionscnamh seo 7.15Cm beidh dhá dhroichead = Droichead Mór "Extrados"  thar an Éirne agus ceann 240m thar phortaigh Aghnaguig atá thar a bheith leochaileach ó thaobh comhshaoil de.

Tharla dul chun cinn ar an Scéim N3 Droichead an Bhuitléaraigh go Béal Tairbirt le linn 2013 nuair a osclaíodh cuid éigin de mí Lúnasa agus nuair a bhí Droichead Portach Aughnagig réidh osclaíodh an scéim go hoifigiúil don trácht mí na Nollag 2013.  Ar an iomlán i 2013 caitheadh €8.573m ar an scéim.
.



Droichead Extrados

**Scéim Seachród Edenburt go dtí An Cabhán**
Fuarthas maoiniú €25,536 d'obair leanúnach ar chúrsa a roghnú don Scéim N3  Seachród Edenburt go dtí An Cabhán.

**Scéimeanna Uachtar Cosán**
Maoiníodh dhá mhórscéim uachtar cosán, ar an N3 agus an N16. Tá an scéim N3 Béal Tairbirt go Aghalane 2,550 méadar ar fhad agus an scéim Corr an Mhathain go Kiltomulty 3,200 ar fhad. Rinneadh athchóiriú in áiteanna de réir gá, neartú agus dromchla chomh maith le comharthaí tráchta agus marcáil bhóithre le súil go mairfidís 20 bliain.

Chosnaigh an dá thionscnamh €1,487,787 ar an iomlán.

**Scéimeanna um Shábháilteacht ar Bhóithre**

- Fuarthas maoiniú €185,000 faoin scéim NRA "Scéimeanna Feabhsúcháin um Shabháilteacht ar Bhóithre" d'oibreacha ar feadh an Phríomhbhealach Náisiúnta N3. Caitheadh an dáileadh ar thrí chinn de stráicí ar an mbóthar a Dhearadh is a Thogáil mar a bhí N3 Crosaire Whitegate, N3 Crosaire Drumahurk agus N3 Lisgrea.
- Mar chuid den chlár NRA HD28 críochnaíodh dhá scéim uachtar nua ar an N3, b'shin iad New Inns agus Lisnanannagh ar chostas iomlán €216,222.
- Caitheadh €15,946 ar chlaí cosanta a dheisiú ar feadh Príomhbhealaí Náisiúnta faoin gClár TD19/13.

**Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta**
Is iad an N54 An Chabhán/Muineachán idir Droichead an Bhuitléaraigh agus Teorainn an Chontae ag Log Uí Cheallaigh, an N55 An Cabhán/Áth Luain agus an N87 ó Thimpeallán Halla an Charria, Béal Tairbirt go dtí an teorainn ag An Muileann Iarainn atá sa ghréasán bóithre tánaisteacha.

**N55 Athailíniú Dún Dá Bheann Mullach Odhráin**
Tosaíodh ar Scéim Athailínithe 2.7Cm Dún Dá Bheann Mullach Odhráin mí Iúil 2012 agus osclaíodh an bóthar go hoifigiúil don phobal mí Iúil seo caite, ar an iomlán caitheadh €1,095,020 ar an scéim.

De bharr an chuid athailínithe úd ar an mbóthar N55 cuirtear go mór le sábháilteacht in áit nach raibh ar chaighdeán sásúil agus laghdaítear an turas do bhreis is 4000 feithicil a ghluaiseann ar an mbóthar seo in aghaidh an lae. Nasctar dhá chuid den bhóthar a ndearnadh uasghrádú cheana féin orthu, feabhsaítear an nasc iompair idir An Cabhán agus Áth Luain ar Gheata Lár na Tíre agus éascaítear freisin an ceangal idir an gréasán bóithre náisiúnta agus modhanna eile iompair mar aerfoirt agus calafoirt.



Oscailt Oifigiúil Athailíniú N55 Dún Dá Bheann Mullach Odhráin

**N55 Corr Dubh go Killydoon ó Dheas**

Tharla dul chun cinn suntasach ar an scéim N55 Corr Dubh go Killydoon ó Dheas le linn 2013. Bhain an scéim le hathailíniú ar 6.7Cm de bhóthar Tánaisteach Náisiúnta ó dheas ó Bhéal Átha na nEach nach raibh ar chaighdeán sásúil. Roghnaíodh an cúrsa go luath sa bhliain le súil an réamhdhearadh a bheith déanta go luath i 2014. Ar an iomlán caitheadh €202,286 ar an scéim.

**N55 Scéim Athailínithe Corr Dubh go Béal Átha Trost**

Bhain Scéim Athailínithe N55 Corr Dubh go Béal Atha Trost le hathailíniú ar thart ar 800 méadar ar an N55 Bóthar Tánaisteach Náisiúnta i mbaile fearainn Corr Dubh, Béal Átha na nEach. Feabhsaíodh stráice atá thart ar 3.5Cm siar ó dheas ó bhaile Bhéal Átha na nEach agus 16.5Cm soir ó thuaidh ó bhaile Granard. Bealach laghdaithe amháin 7 méadar atá anois ann maraon le gualainn chruaidh 0.5 méadar agus imeall féir 3 méadar. Mar chuid den scéim freisin leathnaíodh 400 méadar den L6589 Bothar Áitiúil, cuais scoite agus athailíniú cora.

Bronnadh an Conradh don Scéim seo ar Whitemountain Quarries Ltd a chuir tús leis an obair mí Eanáir 2013 agus í criochnaithe nach mór mí Lúnasa dar gcionn.

**Scéimeanna eile**

1. Mar chuid den chlár NRA HD28 tharla dhá scéim eile a leag dromchla nua, ceann amháin ar an N55 ag Killydoon agus ceann eile ar an N54 ag Log Uí Cheallaigh. Caitheadh €83,761 ar an dá scéim.
2. Caitheadh €8,172  ar an gclaí cosanta ar feadh Bóthar Tánaisteach Náisiúnta a dheisiú.
3. Caitheadh €231,500 ar Dhearadh agus/nó Feabhsúcháin ar seacht gcinn de scéimeanna Feabhsúchán ar Chostas Íseal.

**Taisteal Cliste**
D'éirigh leis an iarratas ar mhaoiniú a bhí déanta ag an Oifig Dearadh Bóithre sa bhliain 2012 ar a bheith páirteach sa tsruth Bailte Taisteal Gníomhach agus dáileadh €675,000 ar Chomhairle Contae an Chabháin chun cuid áirithe den Straitéis Siúlóide agus Rothar do bhaile an Chabháin agus don Dúthaigh maguaird a chur i bhfeidhm.

Críochnaíodh na hoibreacha seo a leanas::

- Fad 4.6Cm lánaí rothar, seastáin rothar agus fad 0.3Cm Cosán nua
- Bearta um Mhaolú Tráchta a chuimsigh athailíniú gabhal agus áiseanna trasnán coisithe.
- Oibreacha Leagan Dromchla

Ar an dtionscnamh seo caitheadh €50,000 i 2012 agus arís €625,000 i 2013.




4.6Cm lánaí rothar

**Droichid**
Caitheadh an dáileadh €100,000 Deontas Roinne ar ghlanadh fásra is ar chigireachtaí a rinneadh ar Dhroichid Bhóithre Réigiúnacha.  Tharla oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead An Chlogach agus ar Dhroichead Bhéal Átha hÉis agus cuireadh tús le hobair ar Dhroichead Corroneary.

**Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla**
Tá athnuachan nach beag déanta ar an ngréasán bóithre réigiúnacha le deich mbliana anuas faoin gClár Athnuachan Bóithre.  De ghnáth is sraith mhacadam agus uachtar anuas uirthi a bhíonn i gceist. Tugadh tús áite freisin don mharcáil agus don líniú bóthair.

Dáileadh €9,764,550 do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.  Dá bharr san d'éirigh leis an Roinn Bóithre an-chuid Feabhsúchán agus Athchóirithe a chur i gcrích.

1) D'éirigh go maith i 2013 leis an dTionscnamh An Cabhán Dún Dealgan a mhaoinítear faoin gClár Straitéiseach Bóithre Neamhnáisiúnta.  Críochnaíodh Céim 1 den réamhdhearadh i 2013 le súil le Céim 2 a bheith déanta go luath i 2014.
2) Caitheadh an dáileadh €100,000 Deontas Roinne ar ghlanadh fásra is ar chigireachtaí a rinneadh ar Dhroichid Bhóithre Réigiúnacha.  Tharla oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead An Chlogach agus ar Dhroichead Bhéal Átha hÉis agus cuireadh tús le hobair ar Dhroichead Corroneary
3) Críochnaíodh an Bealach Anoir  isteach go lár Baile an Chabháin mí Bealtaine 2013, é 1.2 Cm ar fhad is é mar bhua a bhéarfaidh ceantar an Gheata Thoir isteach go lár an bhaile.  Laghdófar tranglam ar Shráid an Choláiste agus Sráid Fhearnáin.  Bua é seo go háirithe do rothaithe, coisithe is do dhaoine faoi bhac gluaiseachta.



An Bealach Anoir Isteach go Baile An Cabháin

- **Dáileadh €3,431,680 d'Oibreacha Cothabhála.** Caitheadh €1,648,150 ar dhromchlaí a chóiriú, rud atá fíorthábhachtach ar ndóigh.

- **Dáileadh €4,556,228 d'Oibreacha Feabhsúcháin.** Caitheadh an Deontas Feabhsúcháin agus Athbhunaithe ar thosaíochtaí chun an gréasán a choimeád go réasúnta maith.

- **Dáileadh €850,000 mar Dheontas d'Fheabhsúcháin Áirithe**
  Is do thionscnaimh atá tábhachtach ó thaobh eacnamaíochta agus fostaíochta de atá na Deontais d'Fheabhsúcháin Áirithe. Bhí trí scéim i gceist: R207 An Damhshraith go N16, R199 Cros Domhnaigh go Cill na Seanrátha, R196 Baile Shéamais Dhuibh go N3.

- **Dáileadh €400,000 ar Scéim Straitéiseach do Bhóithre Neamhnáisiúnta**
  (scéimeanna iad seo a éascaíonn an Straitéis Spásúil Náisiúnta). Fuarthas €400,000 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don chéim deartha faoin Scéim Feabhsúcháin ar an Slí Straitéiseach An Cabhán go Dún Dealgan. Don scéim seo ceapadh Roughan and O'Donovan Aecom Alliance mar innealtóirí comhairlitheach. Leanadh den réamhobair deartha ar an scéim úd 75Cm le linn 2013.
  Beireann An Bealach Anoir go Baile an Chabháin beocht isteach sa cheantar is é mar bhua a bhéarfaidh an Gheata Thoir isteach go lár an bhaile. Laghdófar tranglam ar Shráid an Choláiste agus Sráid Fhearnáin. Bua é seo go háirithe do rothaithe, coisithe is do dhaoine faoi bhac gluaiseachta.

## Sábháilteacht ar na Bóithre

Dírítear go speisialta ar shábháilteacht do lucht úsáidte bóithre agus do choisithe. Aithnítear láithreacha an-bhaolacha mar mharcanna dubha agus eagraítear Scéimeanna Sábháilteachta dóibh ar Chostas Íseal.

Tá sé i gceist ag Chomhairle Contae an Chabháin an líon timpistí a laghdú trí Oideachas, bearta Forfheidhmithe agus Innealtóireacht de réir Straiteis atá ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

1. **Oideachas:** Cuireann an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre cúrsaí chun cinn i measc an phobail agus neartaíonn an Fheasacht uirthi sna Scoileanna.

2. **Forfheidhmiú:** Clár um Sheachaint Timpistí: Innealtóirí agus Gardaí ag obair as lámh a chéile. Is iad na Maoir Tráchta a chuireann na Fodhlíthe Tráchta i bhfeidhm.

3. **Innealtóireacht:** Is í an Fhoireann Innealtóirí Bóithre a dhearann Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal agus Scéimeanna um Cheansú Trachta.

- Ar an iomlán dáileadh €225,000 do Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal mar a leanas: R201 Drumanny Glebe, R188 Sráid an Droichid Muinchille, R194 Bóthar Bhaile Shéamais Dhuibh, L1054 Crosaire Fardhroinn, LP2502 An Cabhán go Carraig an Tobair, L1519 Bóthar Swellan,
- Rinneadh oibreacha faoi na Scéimeanna Feabhsúcháin do Phríomhbhealaí Náisiúnta ar Chostas Íseal ar an N3 ar chostas €128,000.
- Rinneadh oibreacha faoi na Scéimeanna Feabhsúcháin do Bhealaí Tánaisteacha Náisiúnta ar Chostas Íseal ar an N55 agus an N87 ar chostas €95,000.
- Ar son Sabháilteacht na Tráchta a chinntiú, bhí Luaisteorannacha Sealadacha i bhfeidhm le linn na n-oibreacha a bheith ar siúl faoin gClár Bóithre.

**Dualgais Rialachais a chur i bhfeidhm**
Tá fodhlíthe páirceála i bhfeidhm i gCoill an Chollaigh, Béal Tairbirt, An Muinchille agus Achadh an Iúir. Bíonn teora ama i gceist i lár an bhaile chun tráchtáil a éascú ach amháin i mBéal Átha Chonaill.

Ar son sabháilteacht na tráchta a chinntiú, bhí Luaisteorannacha Sealadacha i bhfeidhm le linn na n-oibreacha a bheith ar siúl faoin gclár bóithre.

**Páirtíocht leis an bPobal**
Bíonn an Roinn Bóithre agus Iompair sa Chomhairle Contae de shíor ag dul i gComhairle leis an bPobal maidir le feabhsúchain ar bhóithre neamhnáisiúnta (Bóithre Áitiúla agus Réigiúnacha) agus ar lánaí príobháideacha.

**Scéimeanna Pobail Comhfhiontair**
Ligeann an Scéim Pobail Comhfhiontair CIS) d’oibreacha ar bhóithre áitiúla poiblí sa chontae. Faoin scéim úd, i gcas bóithre nach ndéanfaí athchóiriú go ceann tamaill, bíonn ar an bpobal 20% den chostas um neartú agus deisiú bóthair a íoc. Is í an Chomhairle Contae a chuireann na hoibreacha úd i gcrích.

Tharla 29 scéim ar chostas iomlán €655,000, b’shin deontas €524,000 agus an fuílleach 20% = €131,000 ó mhuintir na háite.

**Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla**
Ní raibh aon dáileadh ón Roinn Iompair i 2013 do Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla.

**Táscairí Seirbhíse**
Caithfear an leas is fearr a bhaint as acmhainní sa Roinn Bóithre agus Iompair. Is féidir an scéal a mheas go hoibiachtúil trí na Táscairi Seirbhíse. Anso thíos tá na Táscairí Seirbhíse do Bhealaí Réigiúnacha agus Áitiúla don bhliain 2013:

| **Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil is réigiúnach a feabhsaíodh is a cothaíodh faoin gClár um Athchóiriú Bóithre Bóithre in aghaidh bliana** | **cm** |
|---|---|
| **Bóithre Áitiúla** | 217.80 |
| **Bóithre Réigiúnacha** | 39.77 |
| **Iomlán** | 257.58 |
| Fad ciliméadar bóithre idir áitiúil is réigiúnach a tógadh faoin Scéim Deontas um Km under the Specific Improvement Grants Scheme per annum | |
| **Bóithre Áitiúla (Cm) *** | 0.00 |
| **Bóithre Réigiúnacha (Cm)**** | 2.42 |
| **Iomlán (Cm)** | 2.42 |

Nóta: *Níor dáileadh aon mhaoiniú do bhóithre áitiúla. ** I gceist ansiúd bhí oibreacha deartha agus fáil talún.

**Coistí Polasaí Straitéiseach**

Ar mhórchuspóirí Feabhas ar Rialtas Áitiúil bhí an Daonlathas Áitiúil a fheabhsú agus chuige sin bunaíodh Coistí Polasaí Straitéiseach. Fóram is ea iad siúd mar a mbíonn Baill Tofa na Comhairle agus Ionadaithe ó Eagraíochtaí Stáit is Pobail ag comhoibriú faoi pholasaithe a athbhreithniú is a fhorbairt. Bíonn Ball na Comhairle mar Chathaoirleach agus Stiurthóir Seirbhísí acu don chúnamh riaracháin.


**Coiste Polasaí Straiteiseach um Bhóithre**

Comhairleoir Paddy Smith, Cathaoirleach, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Peter McVitty, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Sean Smith, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Paddy McDonald, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir John O'Hare, Comhairle Contae an Chabháin
Comhairleoir Paddy Reilly, Comhairle Contae an Chabháin

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste i 2013. Ar an hábhair a pléadh bhí:
Clár Oibreacha Bóithre, Drochaimsir,Maoiniú, Muirear Teaghlaigh, Feiliúnacht Feithiclí Tráchtála, Sábháilteacht ar Bhóithre, Soilsiu Poiblí, Fodhlíthe Páirceála, Luaisteorainneacha, Bonneagar Turasóireachta, Gearradh Clathacha, Scéimeanna Comhairle Pobail agus Scéimeanna Feabhsúchán Áitiúla.

# Gnóthaí Cultúrtha

**Seirbhísí Leabharlainne**
2013 – Bliain gnóthach do Sheirbhísí Leabharlainne An Chabháin



In éineacht le ball foirne Pauline MacDonald tá Elaine Lynch – an chéad duine a rinne eClárú i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin.

Toisc cúrsaí geilleagair a bheith mar atá bhí an-éileamh ar Sheirbhís Leabharlainne An Chabháin is í go mór in úsáid. I rith na bliana 2013 thug thart ar 5,400 duine cuairt seachtainiúil ar an leabharlann áitiúil sa Chabhán.

Tháinig méadú ollmhór 53% ar an úsáid ar líne. Lean an fhoireann den bhforbairt ar chlár imeachtaí agus reachtáladh ar an iomlán 1,270 díobh; b'shin fás nach mór 10%. I mbliana díríodh go mór ar chur leis an Straitéis Leabharlann Poiblí a forbraíodh is a seoladh mí na Nollag. Tharla dul chun cinn ollmhór i gcaitheamh na bliana, caithfear suntas a thabhairt dóibh siud i gcomhthéacs gearradh siar maidir le cúrsaí foirne agus acmhainní eile.

**Teicneolaíocht an Eolais**
Mí Eanáir bhíomar chun tosaigh ar bhonn náisiúnta nuair a soláthraíodh eClárú. Faoi dheireadh na bliana níor tharla aon ghnóthas láimhe ballraíochta i mBéal Átha Chonaill, Muinchille, Choill an Chollaigh ná i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin. Ina dhiaidh sin tháinig clárú Ar Líne is ar an Suíomh agus córas téacs SMS. Bíonn éileamh i gcónaí ar an Wi-Fi saor in aisce agus bhí méadú 21% ar an úsáid a baineadh as i 2013.

Cuireadh córas uathoibritheach isteach i Leabharlann mBéal Átha Chonaill go luath sa bhliain. Tharla dul chun cinn maidir le pleananna chun Staidéar Áitiúil a dhigitiú. Tá sé sin déanta anois ar beagnach 300 leabhar agus grianghrafanna, tá Áiléar Íomhánna idirghníomhach leis ann a sheolfar amach anseo i 2014.

Ní féidir a shéanadh go gcaithfear gan aon agó ár leabharlann "fhíorúil" a chruthú agus go bhfuil an-chuid saothair ag baint leis sin. Tá sé mar aidhm againn go mbeifear ag iarraidh teacht ar ais is cuairt a thabairt ar an leabharlann "fhíorúil" arís agus arís eile. Is fíor a rá gur tharla sé sin le linn 2013. Leathnaíomar amach ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus go deimhin idirnáisiúnta, mar is léir ónár staitisticí Idirlín agus Meán Sóisialta. Is cúis mhórtais dúinn a bheith chun tosaigh maidir le Seirbhísí Comhairle dá leithéid i mbliana.

**Bonneagar Leabharlainne**

Tharla dul chun cinn ar leabharlann nua Bhéal Tairbirt i mbliana agus an dearadh is tógail nach mór déanta faoi mhí na Nollag. Rinneadh athchóiriú an-mhór ar leabharlann Bhaile Shéamais Dhuibh. Nuair a athosclaíodh í mí na Samhna, ba léir ón líon mór a bhain úsáid aisti gur fíor gur breá le daoine a leabharlann áitiúil féin, fiú más ceann beag páirtaimseartha a bhíonn inti. Cuireadh le Leabharlann Mhuinchille freisin nuair a rinneadh uasghrádú ar an gCóras Slándáil Leabhar.

**Seirbhísí Leabharlainne den Scoth**



Ag an ócáid tionscadal "100 Leabhar Difriúla" bhí Jack Keyes Bainisteoir Contae, Josephine Brady Leabharlannaí Contae, Eoin Doyle Stiúrthóir Seirbhísí agus Comh Val Smith Cathaoirleach Comhairle Contae An Chabháin.

Le linn 2013,tharla bearta tábhachtacha ó thaobh seirbhísí ardchaighdeáin leabharlainne de. Go deireanach i 2012, bhí smaoineamh iontach úr ag Foireann na Leabharlanna a bhí bunaithe ar an mana "Féadfar an domhan a athrú trí leabhair bhreátha!" Dá bhféadfaí daoine a thabhairt le chéile chun athru a phlé, bunaithe ar a mbeadh léite acu mar rogha maith, leanfadh breis tuisceana maidir le cothromaíocht agus éisteacht le daoine eile. B'shin ár **dTionscadal Léitheoireachta "100 Leabhar Difriúla".** Fuarthas maoiniú trí Shíocháin III agus seoladh é Oíche Chultúrtha 2013.

D'fhoilsíomar Treoir Léitheoireachta agus sinn i láthair go tréan ar an Idirlíon agus trí Bhlag. Thaitin na gnéithe seo go mór le dreamanna ar fud na tíre nuair a dáileadh ábhar CP agus eolas ar eagraíochtaí idir náisiúnta agus áitiúla a bhaineann le comhionannas.

Tá an t-ábhar úd anois ag gach Leabharlann Poiblí sa tír seo agus i dTuaisceart na hÉireann. Tugadh cainteanna ábhartha ag comhdhálacha leabharlainne i bhfómhar 2013. Míníodh an tionscadal ag Féile Léitheoirí Chill Dara agus faoi dheireadh na bliana bhíothas ag smaoineamh cheana féin ar "100 Leabhar" a fhorbairt fós agus é a chur chun cinn an bhliain seo chugainn 2014.

Mhaoinigh Ciste Idirnáisiúnta na hÉireann an Tionscadal Léitheoireachta **"Comhráití trín Litríocht"** a chríochnaigh mí Iuil ag siompóisiam Léitheoirí i mBéal an Átha Móir mar a raibh Grupaí Léitheoireachta an Chabháin i láthair chun críoch a chur le himeachtaí torthúla le dhá bhliain anuas. Tá sé i gceist ag Seirbhís Leabharlainne An Chabháin coimeád leis na naisc thrasteorann a bunaíodh idir ghrúpaí Béarla agus Gaeilge ó chontaethe Liatroim, Fear Manach agus Tír Eoghain amach anseo i 2014.

Gan dabht ar bith is í **an tSeirbhís um Staidéar Áitiúil** an acmhainn is tábhachtaí dá bhfuil ann do stair, seandálaíocht, litríocht agus cultúr an Chabháin. Le linn 2013, fuarthas breis ábhar don Bhailiúchán Staidéar Áitiúil a bhí gann agus luachmhar. Ar na fála ba mhó tábhacht i 2013 bhí cuntas cíosa Eastát Bellamon idir Bealtaine agus Samhain 1782, an doiciméad dlíthiúil agus an séala a cheap Thomas Carson Déan na Cille Móire i 1860 maraon le Comhfhreagras a bhain leis an Oir. William Bradfield a bhí ina Reachtaire Eaglais na hÉireann i Muintir Chonnacht sna 1930idí.

Mar is gnath bhí ardéileamh ar léachtanna, seolta leabhar agus taispeántais. Ar na buaicphointí bhí: Seoladh "29 Main Street: Living with Partition" le Dermot McMonagle mí Aibreáin, caint spreagúil ar shaol agus ar shaothar Mary Anne Sadlier, bean ó Mhuinchille, mí Lúnasa agus Turas Siúlóide Oidhreachta thar ar Mhuinchille ag Hugh O'Brien.

D'eagraigh an fhoireann leabharlainne clár suimiúil don **Tóstal 2013 sa Chabhán.** Seoladh an **Tionscadal Cártaí Poist don Tóstal** ag cruinniú na Comhairle mí Feabhra. Ceiliúradh An Cabhán – inné agus inniu – trí 3,000 cárta poist a fhoilsiú ar a raibh pictiúirí on mBailiúchán Grianghrafanna Staidéar Áitiúil. Dáileadh na cártaí ar lucht an Chabháin thar sáile len iad a ghríosadh chun teacht abhus anso do bhliain An Tóstal.

Bhí an teach lán go doras don gcomhdháil Tóstal **"Dul thar Teorainn"** a d'eagraigh Foireann na Leabharlainne i gcomhar le Gineolaíocht An Chabháin trí mhaoiniú ó Shíocháin III. Amach sa bhFómhar bhí an-shuim go deo freisin i dtaispeántas mór a bhain le himirce ón gCabhán sa naoiú haois déag dar teideal **"Breaking and Laveing the countery"**, bhí sé seo le feiceáil i dá leabharlann, Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin agus i gCoill an Chollaigh.



Seoladh taispeántas ar imirce Lúnasa 2013 i Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin

Bhí an-rath ar **Ghrupaí Léitheoireachta** agus an tinreamh níos fearr ná riamh le linn 2013. Chuir foireann agus léitheoirí le chéile chun dhá Liosta iontach Léamh Samhraidh a dhréachtadh – do dhaoine fásta agus do leanaí. Seo an naoiú huair dúinn é seo a dhéanamh agus tagann méadú gach aon bhliain ar an éileamh a bhíonn ar an liosta ar dtús agus arís ar na leabhair a mholtar.

Dhírigh an nuachtlitir mhíosúil **“The Bookmark”** ar an éagsúlacht clár a tharlaíonn i rith na bliana mar shampla féiltí móra mar Seachtain na Gaeilge, Lá Domhanda Leabhar, Oíche Chultúrtha, Bealtaine, Seachtain Leabharlanna Éireann, Seachtain Oidhreachta agus Féile Leabhar na bPáistí. Fáiltíodh roimh réimse leathan cainteoirí, scríbhneoirí agus scéalaithe i 2013 mar Michael Harding, Catherine Dunne, Bernard MacLaverty, Willie Drennan, Niall de Búrca, Oisin McGann, Eamon Dunphy agus Oisín McConville.

Le linn 2013 leanadh den réimse leathan **imeachtaí rialta leanúnacha**, cuid díobh siúd déanta i bpáirt le **grúpaí agus áisínteachtaí poiblí**. D’fhéadfaí ceann amháin go háirithe a roghnú, sin **Grúpa Ceardaíochta Leabharlann Mhuinchille**, a chaith roinnt míonna ag obair ar shaothar speisialta dar teideal “Through the Ages” mar thaispeántas buan i Leabharlann Mhuinchille. Nochtadh an saothar mí na Nollag agus ba mhór an inspioráid í do chách a bhí páirteach ann. Ba í an t-ealaíontóir Millie Cullivan a chruthaigh is a threoraigh, le tacaíocht ó Chultúr An Chabháin.

**Buaicphointí Clár Imeachtaí Leabharlainne 2013:**

| **Clár Imeachtaí Leabharlainne: Lánaimseartha** | **2013** |
|---|---|
| Léachtaí | 10 |
| Taispeántais | 15 |
| Cuairt ó Údar nó ó Scéalaí | 18 |
| Scéalaíocht: Foireann Leabharlainne | 41 |
| Taispeántais agus Seoltaí Leabhar | 78 |
| Ceol, Damhsa, Drámaíocht, Ceardlanna | 82 |
| Cuairt ar Rang: Réamhscoileanna | 2 |
| Cuairt ar Rang: Bunscoileanna | 394 |
| Cuairt ar Rang: Meánscoileanna is grúpaí oideachais | 9 |
| Ócaidí is Cruinnithe ag grúpaí pobail | 177 |
| Cruinnithe: Grúpaí Léitheoireachta/Gaeilge Ceardaíochta/Máithreacha is Leanaí Óga | 145 |
| Imeachtaí: Comhairle Contae An Chabháin (Ranna Eile) agus Áisínteachtaí Stáit | 253 |
| Imeachtaí for-rochtana | 46 |
| **Iomlán** | **1270** |

| **Táscairí Seirbhíse** | **2012** | **2013** | **% Athrú** |
|---|---|---|---|
| Líon Cuairteoirí: Gach Leabharlann (Measta) | 307,658 | 268,974 | - 12.6 % |
| Líon Cuairteoirí: Lánaimseartha amháin (Fíor) | 273,150 | 238,250 | - 12.8 % |
| Suíomh Idirlín: Leathanaigh | 91,474 | 130,168 | + 42.3 % |
| Suíomh Idirlín: Cuairteanna | 32,203 | 49,426 | + 53.5 % |
| Iomlán Uaireanta Oscailte | 9,541.75 | 9,470.40 | - 0.7 % |
| Ballraíocht | 12,279 | 11,234 | - 8.5 % |
| Rochtain Phoiblí Idirlín | 29,547.00 | 30,980.50 | + 4.8 % |
| Meánuaireanta Oscailte: Lánaimseartha | 40.47 | 40.51 | + 0.1 % |
| Meánuaireanta Oscailte: Páirtaimseartha | 10.35 | 10.10 | - 2.4 % |
| Stoc ar Iasacht | 186,676 | 169,465 | - 9.2 % |
| Buiséad Glactha | € 1,528,159 | € 1,499,194 | - 1.9 % |

**Músaem Contae An Chabháin**

Tá rún ag Músaem Contae An Chabháin seirbhís phroifisiúnta fáilteach a sholáthar chun go mbeidh taithí dearfach ag ár gcuairteoirí maraon le heolas breise ar stair shaibhir an Chabháin. Mí Iúil bronnadh Creidiúnacht Iomlán faoi Chlár Caighdeán na Comhairle Oidhreachta. É sin bainte amach, tá ainm an Mhúsaeim in airde anois mar cheannaire i measc Músaem údarás áitiúla.



I 2013 dhíríomar ar ár saothar for-rochtana idir áitiúil agus náisiúnta a mhéadú. Nuair a bheirtear an bailiúchán lasmuigh méadaítear go mór ar an líon daoine a thagann air. Ar na tionscnaimh fhor-rochtana ar éirigh go han-mhaith leo bhí an taispeántas 'Cnuaschultúr' a cruthaíodh go speisialta do na Cluichí Rialacha Idirnáisiúnta sa Chabhán. Léirigh an taispeántas seo tionchar an CLG agus Comhaltas Ceoltoírí Éireann san Astráil.

D'imigh an 'Taispeántas Traidisiún Beo', a rinne ceiliúradh ar chothrom 60 Bliain den Chomhaltas, go Fóram na Milaoise i nDoire agus taispeánadh 'Timpeall an Tí is Seachain an Driosúr' i Músaem An Túr mar chuid d'Fhleadh Cheoil na hÉireann 2013. Tá an dá thaispeántas úd ar thuras timpeall na tíre faoi láthair.

Bhí an taispeántas 'An Cabhán Cathair Shíochána' in Ionad na Múinteoirí chun Saothar Síochána a rinne leanaí mar chuid dár dTionscnamh Trasteorann 'Nascadh Daoine, Áiteanna agus Oidhreacht' a léiriú. Saothar leanúnach é seo ag scoileanna sa Chabhán agus i bhFear Manach a bhíonn páirteach i gceardlanna faoi théamaí síochána, athmhuintearais agus frithsheicteachais.

Bíonn clú agus cáil ar Shraith Léachtaí Músaem Contae An Chabháin a lean ar aghaidh i 2013: 'Ceann Corr Leice agus Gnéithe eile d'Ársaíocht An Chabháin Thoir' le Jonathan Smyth, 'Páláis Dhorcha An Chabháin' taispeántas ag an ealaíontóir Ruth Mc Donnell agus léacht ag Gráinne Shaffrey, RIAI faoi 'An Phictiúrlann: Ailtireacht, Samhlaíocht agus An Cabhán. Thug an tOllamh Anne Scott Léacht Bhliantúil Art Uí Ghríofa dar teideal 'Irish Universities in the 21st Century: Facts, Fads and Forging the Future'.

Mar cheann de na háiseanna turasóireachta is fearr sa Chabhán tá rún ag an Músaem próifíl an Chontae a mhéadú trí réimse leathan imeachtaí agus trí rochtain leathan ar ár mbailiúchán uathúil stairiúil idir chuimhneacháin agus déantúis. A bhuíochas le muintir an Chabháin a chaitheann linn go fial bíonn an bailiúchán úd de shíor ag fás.

Tá rún againn tógáil sna blianta atá romhainn ar a bhfuil déanta cheana féin lena chinntiú go mbeidh Músaem Contae An Chabháin mar dhlúthchuid de shaol Cultúrtha an Chontae.

## Oifig Ealaíon

### Gradaim Ealaíon

Fuarthas 40 iarratas ar fad faoin scéim Gradam Ealaíon agus bronnadh maoiniú ar 28 ealaíontóir agus grúpa pobail. Orthu siúd ar éirigh leo bhí Paul Flynn, Cumadóir, Ruth McDonnell, Dearcealaíontóir, Grúpa Ealaíon Rianta agus Butterflies Special Abilities, Cill na Seanrátha.

### Páirtíochtaí

I gcomhar leis an Aonad Cuimsiú Sóisialta, thacaigh Liquid Art le cúig ealaíontóir a chaith dianchúrsa coicíse ag obair i dtimpeallacht 'teach gloine' i Maudabawn; b'iad san Erik Casemets ón Eastóin, Patricia McKenna, Kim Doherty, Maura Williamson agus Maria Kerin. Tháinig an maoiniú on gComhairle Ealaíon mar chuid den gceiliúradh ar Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach (AE).

Is iad seo a leanas coiste stiúrtha Tionscnamh Cultúr An Chabháin: Paddy Connaughton agus Comhairleoir Winston Bennett Comhchathaoirligh, Mary Sullivan, Tom Sullivan, Wendy Swan, Savina Donohoe, An tAth. Eunan McGoohan, An tOir. Craig Macauley, Marian Smith, Kevin Smith, Anne Marie McPhillips agus Catriona O'Reilly. Comhordaitheoir Tionscnaimh: Ann O'Reilly. Eagraíodh ócáid chlabhsúir a thaispeáin an saothar ar fad a rinne na **923 rannpháirtí** agus **30 teagascóir.**

Bhronn Cumann Lucht Tráchtála Éireann an Gradam Inmharthanach Ealaíon i gcomhar le Comhairle Baile An Chabháin ar an dtaispeántas comhaimseartha Trans Art.

### Clár Ealaíon Poiblí

- Ealaíon Phoiblí Bhéal Tairbirt
- Gáirdín Dealbhadóireachta Dún an Rí, Aip agus eLeabhar le tacaíocht ón ealaíontóir digiteach Kerrie Duffy.
- Saothar um fhorbairt scannánaíochta
- Suíomh idirlín uasdátaithe www.cavanarts.ie
- Ar an ngearrliosta do Ghradam Ealaíon Gnó Allianz do leagan Compántas Damhsa Eriu agus Fidget Feet de bhailé Stravinsky 'The Rite of Spring'.

**Tionscadail Náisiúnta**

**Bealtaine:** ceiliúradh ar an gcruthaitheacht i measc daoine scothaosta trí chlár imeachtaí idir shóisialta is culltúrtha a soláthraíodh i gcomhar leis an Aonad Cuimsiú Sóisialta, Músaem Contae An Chabháin agus Leabharlann Contae An Chabháin.




**Oíche Chultúrtha:** tharla 19 cinn d'ócaidí i gcomhar le ranna Údarás Áitiúla agus an pobal ealaíon le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

**Forbairt Cleachtas Cruthaitheach Thar Teorainn:** i gcomhar leis an Ionad Cuimsiu Sóisialta trí Léargas fuarthas maoiniú do shocruithe ealaíontóirí i sé thír AE atá páirteach sa chlár Gluaiseacht Leonardo Da Vinci.

Taispeántas saothar comhaimseartha ab ea **An Áirc 1x1** a thug turas ar 12 Scoil Náisiúnta i gContae an Chabháin, taithí oiriúnach ealaíon éascaithe ag Eimear Crowe.

## Amharclann an Reamhoir

Tús maith a bhí againn mí Eanáir 2013 nuair a léirigh Aisteoirí Óga an Reamhoir an gheamaireacht Cinderella san amharclann don chéad uair.



Radharc ó The Bridge Below the Town le Pat McCabe a léiríodh in Amharclann an Reamhoir mí Aibreáin

Ina dhiaidh tháinig *'The Lost Weekend'* le Padraic McIntyre toisc an-éileamh a bheith cheana féin air agus dráma nua dar teideal Sandpark le Seamus O'Rourke. Bhí rath chomh maith ar léiriúcháin eile go luath sa bhliain mar *A Skull in Connemara ag Decadent* agus *The Tailor of Inverness.*

Greann a bhí againn san Earrach nuair a a bhí an-rath ar léiriúchán *The Calendar Girls* ónár gcompántas féin Aisteoirí an Reamhoir agus ar *The Bridge Below the Town* le Pat McCabe ag Compántas *Livin Dred.* D'Fhéile na Bealtaine bhí seó aonair an-thaitneamhach ar fad ag *Mikel Murfi* dar teideal *The Man in the Woman's Shoes.*

Mar chuid den gclár Fómhair Geimhridh ceiliúradh Oíche Chultúrtha le ceolchoirm, foilsiúchán agus drámaíocht iontach ó Pat Kinevan.



Calendar Girls á léiriú mí Bealtaine ag Aisteoirí an Reamhoir

Bhí *In Silent Eden* ag *Decadent* agus *Cavalcaders ag Nomad.* Do chlabhsúr na bliana bhí scéal an-dheas Nollaig dos na leanaí dar teideal *A Nightmare Before Christmas.* Is fíor a rá gur éirigh go breá leis an amharaclann i rith na bliana 2013 agus tinreamh an-mhaith ar na seónna ar fad idir dhrámaí, scannáin, ceol, greann agus imeachtaí do leanaí.

## Tithíocht

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Tithíochta go mbeidh áitreabh inacmhainne ar ardchaighdeán ann do gach aon líontí sa chontae i dtimpeallacht atá oiriúnach dóibh agus dá gcuid riachtanas féi

**Sa Roinn Tithíochta**

- Déantar cóiríocht a sholáthar dóibh siúd a mbíonn sí uathu go fadtéarmach.
- Cuirtear Tithe Inacmhainne ar fáil dóibh siúd nach acmhainn dóibh ceannach ar an margadh oscailte.
- Stiúraítear agus cóiritear Ttithíocht na Comhairle agus spreagtar tionóntaithe i leith na gcúraimí céanna.
- Tugtar Iasachtaí do dhaoine le tithe a cheannach dóibh féin.
- Cuirtear cóiríocht ar fáil don Lucht Siúil.
- Déantar próiseas ar iarratais ar Dheontais do Lucht Míchumais agus do Chúnamh Tithíochta Seanóirí.
- Cabhraítear leo siúd a mbíonn teach uathu go fadtéarmach faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos do lucht Faighte Liúntas Cíosa Forlíontach.

| | **2011** | **2012** | **2013** |
|---|---|---|---|
| Líon Tithe ar Cíos | 98 | 142 | 115 |
| Líon Síntí Críochnaithe | 2 | 1 | 0 |
| Lion Oibreacha faoin Scéim Feabhsúchán | 1 | 0 | 0 |
| Líon Tithe Díolta | 1 | 5 | 5 |
| Líon Iarratas faoin Scéim Cheannaigh do Thionóntaithe | 37 | 22 | 1 |

**Coiste um Bheartas Straitéiseach Tithíochta agus Sóisialta**

Comhairleoir Madeleine Argue, Cathaoirleach, Comhairle Contae An Chabháin
Comhairleoir Andrew Boylan, Comhairle Contae An Chabháin
Comhairleoir Grainne Brady, Comhairle Contae An Chabháin
Comhairleoir John Paul Feeley, Comhairle Contae An Chabháin
Comhairleoir Patricia Walsh, Comhairle Contae An Chabháin
Comhairleoir Vincent McCaul, Comhairle Baile Mhuinchille
PJ Dunne, Cumann Naomh Uinseann de Pól
Bob Gilbert, Pobal agus Deonach
Billy Thompson, Tuismitheoirí Aonair

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Bheartas Straitéiseach Tithíochta agus Sóisialta le linn 2013.

**Cóiríocht don Lucht Siúil**
Faoin Acht (Cóiríocht don Lucht Siúil) Tithíochta 1998 tá dualgas ar Chomhairle Contae An Chabháin mar údarás tithíochta i gcomhar leis an Lucht Siúil agus de réir treoir ón Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i gcrích a leagfaidh síos riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil maraon leis an soláthar cóiríochta dá réir. Chuimsigh An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2009 – 2013 an tréimhse go 31 Nollaig 2013.

**Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil**
Faoi Alt 21 agus 22 d'Acht 1998, bhunaigh Comhairle Contae An Chabháin An Coiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil chun teagmháil idir na hÚdaráis Tithíochta agus an Lucht Siúil a éascú agus chun comhairle a fháil faoi gach aon ghné de chóiríocht don lucht siúil.

**Ba iad seo a leanas baill an choiste:**
**Baill Tofa:** Comhairleoir Grainne Brady (Cathaoirleach), Comhairleoirí Patricia Walsh, Jacqui Lewis agus Paddy Smith
**Ionadaithe an Lucht Siúil:** Teresa Mongan, Veronica Comiskey, Bernard Joyce agus Mary Stokes

**Oifigigh Comhairle:** Joe McLoughlin, Stiúrthóir Seirbhísí, Philip Coleman, Innealtóir Sinsearach, Orla Brady, Oifigeach Riaracháin agus Brian Hora, Cléireach an Bhaile, Comhairle Baile An Chabháin

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Comhairlitheach um Chóiríocht don Lucht Siúil i 2013. Ar na ceisteanna pléite bhí:

- Easpa breosla i measc lucht siúil
- Iompar frithshóisialta
- Ról an LTACC
- Ionadaíocht nua lucht siúil
- Gradam Eastát
- Nósanna Dála

**An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014 - 2018**
Tharla comhairliucháin le háisínteachtaí éagsúla, Gluaiseacht Lucht Siúil An Chabháin agus ionadaithe lucht siúil maidir leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014 – 2018 a ullmhú. Pléadh an dréachtchlár ag cruinnithe den Choiste Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil agus den Ghrúpa Idiráisínteachtaí Lucht Siúil.
Glacadh leis an ndréachtchlár ag cruinniú an Choiste um Bheartas Straitéiseach Tithíochta agus Sóisialta 19 Nollaig 2013.

**Deontais Tithíochta**

- Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais: chun cóiríocht a sholáthar/chur in oiriúint de réir gá i gcás duine a bhíonn faoi mhíchumas.
- Scéim Deontas Cúnamh Soghluaiseachta: chun cóiríocht a chur in oiriúint má bhíonn fadhbanna gluaiseachta de dheasca seanaoise.
- Scéim Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí: dírítear ar chóiríocht a fheabhsú de réir gá do lucht scothaosta a bhfuil teach cheana féin acu.

**Ag seo sonraí caiteachas €1,113,785 ar an iomlán i 2013:**

| Deontas | Líon | Méid |
|---|---|---|
| Deontas um Athchóiriú do Lucht Míchumais | 36 | €436,881 |
| Scéim Cúnamh Tithíochta do Sheanóirí | 64 | €453,356 |
| Scéim Deontas Cúnamh Soghluaiseachta | 41 | €223,548 |

**Bainistiú Eastát Tithíochta**

TFeidhmíonn an Roinn Tithíochta sa Chabhán i bpáirt le tionóntaithe trín Oifigeach Teagmhála Tithíochta (HLO). Spreagtar tionóntaithe lena bheith gníomhach i saol an phobail trí comhoibriú le comharsana agus trí chumainn áitritheoirí.

Faoi láthair tá 44 cumann áitritheoirí cláraithe go hoifigiúil in eastáit Chomhairle Contae an Chabháin. Oibríonn siad i bpáirt leis an gcomhairle maidir le cúram spás poiblí agus mar shaorálaigh a fheabhsaíonn dreach an cheantar áitiúil acu féin.

Tugann an Roinn Tithíochta deontais do na grúpaí áitritheoirí agus iarrann orthu cur isteach ar Chomórtas bliantúil Gradam na nEastát.



Tharla Oíche na nGradam do na cumainn áitritheoirí ar an Máirt 19 Samhain 2013 i Seomra na Comhairle sa Chabhán. Bhronn an Cathaoirleach, Comhairleoir Val Smith, na duaiseanna i gcatagóirí éagsúla.

Bhí postaerí déanta ag roinnt Grúpaí Eastát chun oibreacha feabhsúcháin a bhí déanta i rith na bliana maraon leis an bpáirt a bhí ag an óige agus comharsana a léiriú.

Ba iad seo a leanas na catagóirí: Eastát is fearr, Teach agus Gáirdín is fearr, Grúpa Óige agus Príomhghné Suntasach in Eastát.

## Buaiteoirí Gradam Eastát Tithíochta 2013:

### Toghcheantair An Cabhán agus Béal Tairbirt:

1 Teach agus Gáirdín is fearr: Pauline agus Michael McDonagh, Doonbeg, Béal Átha Chonaill
2 Príomhghné Suntasach in Eastát: 'Bláthcheapacha Bonn Tarracóra', Woodlands, Béal Átha hÉis
3 Grúpa Óige is fearr: Céide Seangharraí, Béal Átha na nEach
4 Eastát is fearr: Catagóir B (Beag), 1. Rae Marian, Béal Átha na nEac
5 Eastát is fearr: Catagóir B (Beag), 2. Corstruce, Béal Átha na nEach
6 Eastát is fearr: Catagóir A (Mór), 1. Céide Seangharraí, Béal Átha na nEach
7 Eastát Catagóir A (Mór), 2. Doon Beg, Béal Átha Chonaill

### Toghcheantair Baile Shéamais Dhuibh agus Coill an Chollaigh

1. Teach agus Gáirdín is fearr: Catherine Hamill, Rathdum, Virginia
2. Príomhghné Suntasach in Eastát: Cabra View, Dún an Rí, 'Clós Súgartha Pobail'
3. Grúpa Óige is fearr: Glenview, Baile Shéamais Dhuibh
4. Eastát is fearr: Catagóir B (Beag), 1. Coolkill Hills, Cill na Leice
5. Eastát is fearr: Catagóir B (Beag), 2. Lochview, Gamhna
5. Eastát is fearr: Catagóir A (Mór), 1. Eastát Chill Mhór, Baile Shéamais Dhuibh
6. Eastát is fearr: Catagóir B (Mór), 2. Droim Mór, Muinchille



**Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)**
Soláthraíonn an Scéim um Chóiríocht ar Cíos tithíocht go fadtéarmach dóibh siúd a fhaigheann an liúntas cíosa forlíontach (ar feadh breis is 18 mí) trí thithe a fháil dóibh san earnáil phríobháideach nó trí bhearta eile um thithe soisialta. Bíonn an teach ar cíos ag an gComhairle ón úinéir agus íocann an tionónta cíos leis an gComhairle. Déantar an Cíos Forlíontach a chúiteamh linn ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Aitiúil. Faoi dheireadh mí na Nollag 2013 bhí 60 tionónta RAS i dtithe deonacha agus 424 i gcóiríocht ar cíos ó úinéirí príobháideacha.

**Tionscadail Léas Sóisialta**
Bhunaigh An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Aitiúil tionscadal um léas chun tithíocht shóisialta a sholáthar.

Leathnú é seo ar an rogha atá ag Údarás Áitiúil maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar. Faightear áitribh ar léas ón earnáil phríobháideach do theaghlaigh a bhíonn ar liostaí feithimh. Dáiltear na tithe ar thionóntaithe de réir scéim dáileadh an Údarás Áitiúla.

Ar an gcuma san agus faoin Scéim um Choiríocht ar Cíos éascaítear cúrsaí iarratas tithíochta do thionóntaithe Údarás Áitiúla. Faoi dheireadh na bliana 2013 bhí 10 tionónta ar Léas i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.

**Foirgníocht Tithíochta**
Roinneadh an Dáileadh Capitiúil um Fhoirgníocht Tithíochta €2,423,767 mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Clár Foirgníocht/Fála Tithíochta | € 1,711,869 |
| 2. | Scéim Dheonach um Iasacht Chaipitiúil is Fóirdheontas (CLSS) agus Scéim um Chúnamh Caipitiúil (CAS) | € 357,000 |
| 3. | Clár Aischóiriú Fuinnimh | € 354,898 |
| | **Tlomlán** | **€ 2,423,767** |

**Tithíocht Shóisialta**
Tosaíodh ar fhorbairt cúig Teach Baile Mhóir i nDoire Lorgain, Baile Shéamais Dhuibh. Ceannaíodh 11 teach faoin gClár Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta (SHIP) mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Dún an Rí | Cúig Aonad |
| An Mullach | Trí Aonad |
| Searcóg | Dhá Aonad |
| Achadh an Iúir | Aonad Amháin |

**Scéim um Aischóiriú Fuinnimh**

I measc na dtionscadal a chinntíonn go mbíonn Stoc Údarás Áitiúla ar ardchaighdeán agus de réir riachtanas feidhmiú fuinnimh tá an Scéim um Aischoiriú Fuinnimh. Rinneadh uasghrádú ar 129 aonad in áiteanna éagsúla ar fud an chontae a chuimsigh na hoibreacha seo a leanas:

- Teasdíonadh Áiléar agus Ballaí
- Díonadh Siorradh
- Deimhniú um Fheidhmiú Fuinnimh (BER)

**Tithíocht Dheonach**

Bronnadh maoiniú faoin Scéim um Chúnamh Caipitiúil chun seacht n-aonad le Cumainn Tithíochta Tuath a cheannach ag Castlemanor, An Cabhán.

# Seirbhísí Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil, Seirbhísí Éigeandála agus Turasóireacht

Tá athrú anois tagtha ar dhálaí Seirbhísí Uisce. Go hinmheánach i gComhairle Contae an Chabháin tharla atheagrú an-mhór ar an Roinn Seirbhísí Uisce le blianta beaga anuas. Tharla tuilleadh athruithe le linn 2013. Ní mar a chéile an bealach ina dháiltear an tseirbhís agus tá feabhas mór fós ar an tseirbhís seo ag an Roinn Seirbhísí Uisce i gComhairle Contae an Chabháin a bhí riamh ar ardchaighdeán.

Go seachtrach fograíodh Údarás nua Uisce sa bhliain 2012 nuair a bunaíodh Uisce Éireann a bheidh go hiomlán freagrach as uisce a tháirgeadh is a sholáthar chomh maith le coireáil fuíolluisce, rud a chiallaíonn nach mbeidh aon fhreagracht dá leithéid ar aon Údarás Áitiúil. Mí Eanáir 2014 aistreofar na sócmhainní ar fad agus an Clár Caipitiúil go dtí an chomhlacht nua. Le linn 2013 tharla idirbheartaíocht le hUisce Éireann maidir le Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) do sholáthar seirbhísí i 2014 agus ina dhiaidh sin, aontaíodh tréimhse SLA 12 bliain go deireanach i 2013.

Caitheadh an-chuid acmhainní agus ama leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse a ullmhú agus a réiteach le hUisce Éireann don bhliain 2014. Méadaíodh an ualach oibre a bhí ar Uisce Éireann toisc go raibh an t-uafás eolais ag teastáil uathu faoin gceannteideal Dícheall Cóir. Bhain an próiseas seo go léir le caighdeán Dréachtchonradh agus Nósanna. Tharla ceardlanna éagsúla maidir le dréachtchonradh a dhréachtadh agus le measúnú a dheanamh dá réir i gcomhthéacs faisnéis agus an tionchar a bheidh ar Sheirbhísí Uisce idir struchtuir, córais (Teicneolaíocht/TE san áireamh) agus cúrsaí foirne.

Tharla soláthar céimneach i 2013 ar Chlár Leathan Oiliúna d’fhoireann Seirbhísí Uisce Comhairle Contae an Chabháin, bhain sé seo le Dréachtchonradh Uisce Éireann agus, go háirithe sa cheathrú ráithe, le Córais TE.

Féachtar ar uisce mar ‘sócmhainn sóisialta’ agus tacaíonn seirbhísí uisce leis na gnéithe uilig um fhorbairt inmharthana (eacnmaíocht, sóisialta agus comhshaoil).

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a sholáthar ar fud an chontae. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá ag an roinn :

- a chinntiú go mbíonn dóthain uisce ar chaighdeán cuí ag custaiméirí idir theaghlaigh, tionscail, lucht talmhaíochta agus eile.
- dóthain córas séarachais a sholáthar chun séarach agus dramhaíl eile ar uisce a dhiúscairt go sábhálta.
- an bonneagar a chinntiú chun an dá aidhm thuasluaite a chur i gcrích.
- seirbhís sofhreagrach agus éifeachtach a sholáthar don chustaiméir ag am ar bith
- fás agus forbairt sa todhchaí a phleanáil.
- na haidhmeanna thuasluaite a chur i gcrích agus margadh maith a thabhairt don chustaiméir.

Tá 17 gcinn de Scéimeanna Uisce Poiblí sa Chontae agus ocht gcinn ag brath ar Ghrupscéimeanna Príobháideacha, sin thart ar 13,250m³ fíoruisce in aghaidh an lae. Tá 26 fearas cóireála fuíolluisce sa Chontae. Caitheadh €11.3M ar soláthar i 2013. Suiteáladh Méadair Uisce do chustaiméirí seachas teaghlaigh i rith na bliana agus bailíodh ar an iomlán €1.82M.

**Táscairí Seirbhíse**

Déantar tástáil ar sholáthar Uisce Poiblí is ar eisiltigh ó na fearais choireála fuíolluisce i saotharlann chreidiúnaithe na Comhairle.

Baineann táscairí seirbhíse na Roinne le géilliúlacht do na Rialacháin um Uisce Inólta 2007. Is iad seo a leanas na figiúirí do na Scéimeanna Poiblí:

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Géillúlacht | 98.8% | 97.8% | 98.4% | 98.8% | 99.1% | 98.4% | 98.5% |

**Soláthar Caipitiúil**

I mbliana bhí dúshláin mhóra roimh an Roinn Seirbhísí Uisce, romhaibh siúd a phléann le hOibreacha Caipitiúla san áireamh. Dá bhrí sin bhí ualach breise oibre ar chách anuas ar na gnáthdhualgais.

Chomh maith leis an gClár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce a cur chun cinn agus na conarthaí um cheisteanna Reatha agus Stairiúla a stiúradh níor mhór Cuntais Dheiridh a réiteach leis an Roinn sular thréig siad an cúram 31/12/2013.

**Scéimeanna Caipitiúla**

I 2010 foilsíodh Plean Nua Infheistíocht i Seirbhísí Uisce 2010-2012 in ionad an Chlár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce (WSIP) 2007-2009 a bhí cheana féin ann. Is iad seo a leanas na sonrai cuí.

**Conarthaí atá ar siúl faoi láthair 2012/13**

- Scéim Soláthar Uisce Réigiúnach An Cabhán agus Muinchille Céim 2 (H)
- Conradh 1 Oibríocha Sibhialta Costas Measta €8,318,000.00
- Caomhnú Uisce Céim 3 Athnuachan Ármhach €1,128,000.00
- Caomhnú Uisce Béal Átha hÉis/Mullach €1,840,000.00

**Conarthaí atá le tosú 2010-2013**

- Soláthar Bhéal Átha Chonaill Uasghrádú Fearas Cóireála €2,800,000.00
- Soláthar Bhéal Tairbirt Uasghrádú Fearas Cóireála €1,500,000.00
- Soláthar Uisce Réigiún an Chabháin Céim II (H) ) €2,000,000.00
- Séarachas an Chabháin(H) Uasghrádú Fearas Cóireála €6,000,000.00
- Soláthar Mhuinchille Uasghrádú Fearas Cóireála €1,500,000.00
- Soláthar Dún an Rí Uasghrádú Fearas Cóireála €2,000,000.00

**Dul chun cinn ar WSIP 2010-2013**

Críochnaíodh na trí chonradh atá luaite anso thuas i 2012/13 agus is mar seo a leanas a d'éirigh leis na sé chonradh a bhí á ndéanamh i 2013:

- Críochnaíodh Uasghrádú Fearas Coireála Bhéal Átha Chonaill .
- Soláthar Uisce Réigiún an Chabháin Céim II (H) – Tús le hUasghrádú Conradh Cnoc an tSagairt.
- Conradh Scéim Séarachas an Chabháin – Uasghrádú Fearas Coireála sínithe le Glan Agua Ltd. ar chostas €11,199,357.42 is CBL san áireamh.
- Conradh Séarachas an Chabháin Conradh A – Stáisiúin Caidéalaithe agus Píopaí sínithe le P and S Ltd. ar chostas €8,498,643.00 is CBL san áireamh. (Sáraíonn an t-iomlán beagnach €20M, luach an dá Chonradh Séarachais an Chabháin, an méid bunúsach a luadh i WSIP 2010-2013.
- Scéim Soláthar Uisce Dún an Rí (WSS) Conradh 1 – Tosaíodh ar Chonradh Tobar Tollta ar an suíomh.
- Conradh Dun an Rí 2 – Chuaigh an Conradh chomh fada le Céim Tuairisc Measúnú Tairisceana agus táthar anois ag fanacht le cead oifigiúil.
- Conradh 3 Dún an Rí (WSS) Chuaigh Conradh 3 – Uasghrádú Fearas Cóireála chomh fada le Céim Tuairirsc Measúnú Tairisceana agus táthar anois ag fanacht le cead oifigiúil.
- Conradh Muinchille (WSS) Chuaigh Conradh Uasghrádú Fearas Cóireála agus Taischumar Nua chomh fada le Céim Tuairirsc Measúnú Tairisceana agus táthar anois ag fanacht le cead oifigiúil.
- Críochnaíodh coimriú do WSS Béal Tairbirt.





Fearas Nua Cóireála agus Taischumair á dTógáil ag Fearas Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha Chonaill.

**Scéim Uisce Tuaithe**

**Grúpscéimeanna Uisce**

Tá Comhairle Contae an Chabháin freagrach as riaradh deontas do Ghrúpsceimeanna uisce agus Séarachais faoin gClár Uisce Tuaithe sa Chabhán. Caitheadh €85M ar an gclár faoi dheireadh 2013 ó bhí an scéim faoi chúram áitiúla thiar sa bhliain 1997. Bhí tromlach na hoibre faoi chaighdeán soláthar déanta faoi dheireadh na bliana 2010. Tá dul chun cinn iontach déanta le blianta beaga anuas i gcúrsaí Uisce Tuaithe agus buiséad €582,500.00 ann do 2013.

Úsáideadh freisin deontas breise €855,000 a fuarthas i rith na bliana. Is léir gur éirigh go breá leis an gcomhpháirtíocht a bhunaigh agus a stiúraigh Comhairle Contae an Chabáin le páirtithe leasmhara an Uisce Tuaithe agus torthaí an tsaothair úd le feiscint go soiléir.

**Nua/Uasghrádú**

The Rural Water Programme in Cavan continued to extend the network in order to maximise the numbers of people obtaining a water supply to EU drinking regulations in 2013. The overall spend on this measure was €500,000.00. The group scheme unded in this category were: Clifferna, Erne Valley, Kildallan, Glangevlin, Mountainlodge, Dernakesh, Bunnoe, Barraghy/Farmoyle, Corlough, Drumkeery, Kilsherdany and Dhuish. The works involved a mixture of bulk meter replacements allied to upgrade of telemetry systems to assist in Water Conservation measures.

**Gradaim Cumann Lucht Tráchtála Údarás Áitiúil den Scoth**

Aithníodh an rath a bhíonn ar Chlár Uisce Tuaithe an Chabháin ar Bhonn Náisiúnta nuair a roghnaíodh Grúpscéim Uisce Gleann na hÉirne trí chomhoibriú le Comhairle Contae an Chabháin agus an solathraí seirbhíse EPS Ltd do ghearrliosta Gradam Cumann Lucht Tráchtála Údarás Áitiúil den Scoth faoin gCatagóir Tionscadal Straitéiseach Uisce.

**Mionoibreacha Uisce agus Séarachais**

Rinneadh oibreacha éagsúla ar fud an Chontae agus caitheadh €1,250,000 faoin gclár úd le linn 2012. Fuarthas buiséad €82,500 ar dtús agus ansan arís maoiniú breise 75% mar €855,000 i dtreo deireadh na bliana 2013. Ar na scéimeanna uisce agus fuíolluisce sa Chontae ar bhain uasghrádú leo dá réir bhí: Scéim Soláthar Uisce Réigiún (RWSS) Coill an Chollaigh, RWSS Baile Shéamais Dhuibh, Sceim Uisce Poiblí (PWS) An Muileann Iarainn, Fearas Cóireála Fuíolluisce (WWTP) An Damhshraith, WWTP Béal Átha Chonaill, WWTP Cill na Seanrátha, WWTP Cill na Leice, WWTP Baile Shéamais Dhuibh chomh maith le athchóiriú ar shraitheanna giolcach sna WWTP i nGamhna, Beal Átha na nEach, Blaic agus Dún an Rí.

**Athrú ar Shocruithe Fóirdheontas**
Tá dha shaghas fóirdheontas anois ann. Baineann Fóirdheontas A le costais ghinearálta chun grúpscéim a oibriú is a bhainistiú. Baineann Fóirdheontas B le hOibriú agus le Cothabháil faoin gcóras conartha “bona fide” Dearadh/Tógáil/Oibriú dóibh siúd a mbíonn fearas cóireála dá gcuid féin acu. Tá leasú déanta ar an gcóras próiseála Réamhíocaíochtaí mar a mhínítear sa mheamram a scaiptear a na grúpscéimeanna.

Léiríonn na rátaí méadaithe go bhfuil An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tiomanta don Chlár Uisce Tuaithe is don obair a bhíonn ar siúl mar thoradh ar an gcur chuige páirtíochta idir na grúpscéimeanna féin, an Cónaidhm Náisiúnta Grúpscéimeanna, na hÚdaráis Áitiúla agus an Roinn maidir le fíoruisce inólta a sholáthar. Dáileadh ar an iomlán €2.6 milliún mar dheontais dá leithéid ar ghrúpscéimeanna faoi dheireadh 2013.

**Deontas chun Soláthar Uisce do Theach Aonair a chur isteach/Fheabhsú nuair is Gá**
Faoin scéim deontas seo tugtar 75% den chostas oibre (faoi réir uasmhéid 2,031.58) dóibh siúd a bhíonn ina theideal chun soláthar uisce a fheabhsú. Caithfidh an t-iarrthóir féin a bheith ina chónaí san áitreabh a tógadh ar a laghad seacht mbliain ó shin agus ní mór a chruthú nach bhféadfaí freastal air trí Ghrúpscéim ná trí Sceim Phoiblí. Íocadh €32,259 mar dheontais dá leithéid i 2013.

**Costais um Chaipiteal Nua: Grúpscéimeanna**
Bhunaigh an RCPRÁ maoiniú i bhfoirm deontas do Chostais um Chapiteal nua d’aon scéim a bhí cheana féin mar chonradh Bona Fide O agus M go luath i 2013. Cúitítear deontas 85% de chostais cheadaithe na scéime. Go dtí seo cheadaigh Comhairle Contae an Chabháin caiteachas caipitil nua i gcás cúig scéim sa Chabhán Thiar. I 2014 cáileoidh scéimeanna eile um Dhearadh, Tógáil, Oibriú in Oirthear agus in Iardheisceart an Chabháin don chúnamh deontais úd.

**Cúnamh Deontais um Chosaint Foinse: Grúpscéimeanna**
Bhunaigh an RCPRÁ maoiniú i bhfoirm deontas d’oibreacha riachtanach chun straitéis oiriúnach um chosaint foinse a sholáthar do gach grúpscéim. Go dtí seo cheadaigh Comhairle Contae an Chabháin caiteachas do cheithre scéim cáilithe agus ceadófar na seacht gcinn eile i 2014. Is iad na costais a bheidh ar dtús ann ná staidéar oifige a dhéanamh ar an bhfoinse, ar an gceantar máguaird is ar aon cheisteanna eile a chuirfeadh istach ar an soláthar uisce.

**Tionscnamh Caomhnú Uisce**
Lean an Fhoireann um Chaomhnú Uisce den iarracht ar Uisce gan Chuntas (UFW) laistigh den Chontae a laghdú le linn 2013. Is maith linn a rá gur tháinig laghdú níos mó ná riamh ar an bhfigiúr UFW is é ar 31.8%.

Tá Comhairle Contae an Chabháin anois i mbun Céim III den Chlár um Chaomhnú Uisce mar atá codanna den bhonneagar nach bhfuil ag feidhmiú go héifeachtach a Athnuachan.

Leagadh sios tosaíochtai do Chéim III de réir Ciorclán L6/07 agus an straitéis chontae mar a mhínítear in Alt 7 den tuairisc dheiridh um Chaomhnú Uisce Céim II. Fostaíodh Mouchel Tobin chun obair chomhairlitheach a dhéanamh ar chuid de na scéimeanna úd.

Faoin gClár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce (WSIP) 2010 go 2012 fuarthas dáileadh do na scéimeanna seo a leanas:

- Príomhphíopaí Ceantar Méadraithe (DMA) Limistéar Ármhach
- Príomhphíopaí DMA An Mullach/Béal Átha hÉis
- Príomhphíopaí DMA Coill an Chollaigh

Críochnaíodh Scéim An Mullach agus an UFW anois mar 6.5%. Tosaíodh ar chóras Coill an Chollaigh le súil le bheith críochnaithe faoi mhí na Márta 2014. Tá dul chun cinn an-mhaith á dhéanamh faoi láthair agus laghdú mór ar an UFW le sonrú sa chóras cheana féin.

Faoi athbhreithniú bliantúil ar an gClár Infheistíocht i Seirbhísí Uisce (WSIP 2010-2012), clúdaíodh na conarthaí seo a leanas faoi dháileadh €3.18m.

- Béal Átha na nEach/Cill na Leice DMA Athnuachan Príomhphíopaí
- Scéim Soláthar Uisce Béal Átha Chonaill Athnuachan Príomhphíopaí
- Cill na Seanrátha DMA Athnuachan Príomhphíopaí

Thosaigh scéim Béal Átha na nEach/Cill na Leice mí Meán Fómhair le súil le bheith críochnaithe mí Aibreáin 2014.

Maidir leis an dá scéim Béal Átha Chonaill agus Cill na Seanrátha lorgaíodh tairiscintí agus bronnadh conarthaí mí na Nollag, tosófar orthu siúd mí Márta 2014.



Oibreacha Athnuachan Príomhphiopaí Coill an Chollaigh

**Bainistiú Dramhaíola**

Tá an roinn Bainistiú Dramhaíola i gComhairle Contae an Chabháin freagrach as Bainistiú Dramhaíola agus Bruscair, Feasacht Chomhshaoil agus Oideachas, Seirbhísí Maor Madraí agus Tréidliachta, Reiligí Dlínsithe is Fo-dhlíthe um Thrádail Ócáideach.

**Bainistiú Dramhaíola**

Táimid freagrach as Polasaí agus Pleanáil um Bhainistiú Dramhaíola chomh maith leis an mBonneagar Dramhaíola agus le Forfheidhmiú na Rialachán Dramhaíola.

**Polasaí agus Pleanáil um Bhainistiú Dramhaíola**

San Oirthuaisceart tá An Cabhán, Lú, An Mhí agus Muineachán. Síníodh an Plean Réigiúnach don Oirthuaisceart um Bhainistiú Dramhaíola 2005-2010 go 2014. Is ann a aithnítear polasaí don bhforbairt inniu agus sa todhchaí leis na bearta a bheidh riachtanach chun dul chinn is chun monatóireacht a dhéanamh. Tá sé mar aidhm sa réigiún cur chuige inmharthana a bhaint amach maidir le hacmhainní a bhainistiú i dtreo coisctheacht bhruscair agus chun fuílleach dramhaíola a laghdú.

Tá an polasaí agus na haidhmeanna a bhí sa Phlean bunúsach thiar i 2005 fós bailí. Bunaíodh iad ar phlean 15 bliana agus leagadh síos spriocanna a chuirfear i gcrích trí scéimeanna oiriúnacha ar fud an réigiúin. Sna táblaí anso thíos tá sonraí spriocanna faoin reachtaíocht idir reatha agus molta agus tá léiriú ar choras comhtháite um bhainistiú dramhaíola de réir deachleachtais..

| Spriocanna Plean Réigiúnach don Oirthuaiscirt go 2015 | | |
|---|---|---|
| Athchúrsáil 43% | Aisghabháil Fuinnimh 39% | Cur de Lámh 18% |

I 2013,laghdaíodh líon na réigiún dramhaíola ó 10 cinn go 3. Tá An Cabhán anois ar na 13 Contae atá i Réigiún Dramhaíola Connacht Ulaidh.

**Bonneagar Dramhaíola**

**Láithreáin Líonadh Talún**

Tá Láithreán Líonadh Talún Chorr an Iuir dúnta anois maidir le glacadh le dramhaíl tí agus tráchtála is é faoi cheadúnas ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil (EPA). Tá monatóireacht leanúnach ar bun chun a chinntiú go ngéilltear do dhálaí an cheadúnais.

Tá trí láithreán líonadh talún eile faoi cheadúnas (EPA) is iad dúnta, Coill an Chollaigh, Baile Shéamais Dhuibh agus Béal Tairbirt. Tá obair athchóirithe déanta orthu agus monatóireacht ar bun freisin lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar an gcomhshaol is nach sáraítear an ceadúnas EPA.

Tá 14 láithreán eile a bhí riamh sa Chontae faoi na Rialacháin (Deimhniú Láithreán Stairiúla Dramhaíola agus Gnímh Aisghabhála gan Cheadúnas) 2008. Leantar den mheasúnú riosca maidir leo siúd i dtreo oibreacha feabhsúcháin agus ceadúnú ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil.

D'éirigh le Comhairle Contae an Chabháin maoiniú €2.2M a fháil ón Roinn Comhshaoil chun oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar Láithreán Líonadh Talún An Mullach. Críochnaíodh iad siúd deireadh na bliana 2013.

**Ionaid Athchúrsála agus Ionaid Beir Chuige**

Tá réimse iomlán bonneagar athchúrsála i gContae an Chabháin. Tá trí chinn d'Ionaid Athchúrsála de shíor ag oibriú agus 30 Ionad Beir Chuige chun seirbhís athchúrsála atá saoráideach in aice láimhe a sholáthar do theaghlaigh an chontae. Is iad McElvaney's Waste and Recycling a oibríonn Ionad Athchúrsála Chorr an Iúir agus freisin an dá Ionad Athchúrsála Coill an Chollaigh is Béal Átha Chonaill ó mhí na Márta i leith.




**Rialacháin Dramhaíola agus Forfheidhmiú**

Faoi réir moltaí Parlaimint agus Comhairle na hEorpa (Aibreán 2001) a leag amach critéir bhunúsacha dá leithéid, tá sé de dhualgas ar údarás áitiúil plean bliantúil um chigireacht chomhshaoil a ullmhú. Caithfear tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí idir chigireacht agus forfheidhmiú agus caithfear athbhreithniú a chur i gcrích go rialta chun a chinntiú go gcomhlíontar na dualgais ar fad go héifeachtúil.

Tá dhá réimse sna cigireachtaí a dhéanann an Roinn Bainistiú Dramhaíola: Cigireachtai Rialta (san áireamh tá áitribh/áiseanna ceadaithe ag Comhairle Contae an Chabháin)

agus Cigireachtai Ócáideacha. Socraítear Cigireachtaí Rialta roimh ré de réir Plean Bliantúil Cigireachta ach ar an mórgóir is de dheasca Gearán Bruscair a dheantar Cigireachtai Ócáideacha.

Tá na Cigireachtaí a dhéanann an Roinn Bainistiú Dramhaíola faoi réir réimse leathan Rialachán Dramhaíola. Is de dheasca gearán a bheith faighte ó dhaoine aonair, ó Údaráis Áitiúla an Chabháin nó ó áisínteachtaí nó eagraíochtaí seachtracha a dhéantar Cigireachtaí Ócáideacha. Baineann a leithéid de ghnáth le diúscairt gan chead ag láithreacha aisghabhála, dumpáil mhídhleathach nó aon ghníomhaíocht gan chead i gcás dramhaíola (mar shampla dramhaíl a dhó nó a aistriú gan chead).

**Tosaíochtaí Forfheidhmithe**
San áireamh i dtosaíochtaí an Phlean Cigireachta tá na coinníollacha a leagadh síos i gCiorcláin Rialtais agus i dTreoir Polasaí an Aire maidir le bainistiú agus le forfheidhmiú dramhaíola maraon le riachtanais idir Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil. I measc na dtosaíochtaí bhí:

- Suímh Fheithiclí Deireadh Ré gan chead a thabhairt chun rialtachta, a fheabhsú nó a dhúnadh.
- Rialacháin Dramhaíl Bia a chur i gCrích is a Fhorfheidhmiú
- Rialacháin um Láithreáin Stairiúla Líonadh Talún a chur i gCrích
- Forfheidmiú: dumpail mhídhleathach agus suímh.

**Láithreáin Stairiúla Líonadh Talún**
Faoi na Rialacháin (Deimhniú ar Dhiúscairt Stairiúil gan Cheadúnas agus ar Ghníomhaíocht Aisghabhála) 2008 caithfidh an Chomhairle measúnú priacail a dhéanamh ar aon láithreán dumpála sa limistéar feidhme. Tá sé mar aidhm ag na rialacháin úd tionchar comhshaoil na láithreán stairiúla a mheas agus bearta feabhsúcháin a chur i gcrích dá réir. Tharla an próiseas feabhsúcháin ar sheanláithreán An Mullach agus beidh sé faoi réir ceadúnas ón nGníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil. Tharla measúnú priacail i leith seanláithreán dumpála Dún an Rí agus tá oibreacha ar bun faoi láthair i dtreo an phróiseas a chríochnú.

**Rialacháin Dramhaíl Bhia**
Is chun scagadh agus aisghabháil dramhaíl bhia tí agus a leithéid eile d'ábhar bithdramhaíola ó líonadh talún a bunaíodh na Rialacháin (Dramhaíl Bhia Tí agus Bithdhramhaíl) AE, 2013 (I.R. Uimh. 71 de 2013). Caithfidh bailitheoirí dramhaíola bailiúchán ar leith a eagrú do dhramhaíl bhia tí. Ní mór don chustaiméir a leithéid de dhramhaíl a choimeád ar leith agus í a chur amach ag an am cuí don bhailiúchán atá ann go speisialta chuige sin.

**Áiseanna Feithiclí Deireadh Ré**
Is iad na Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006 (I.R. Uimh. 282 de 2006) a bhaineann go príomha le feithiclí deireadh ré. Tá na rialacháin úd i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2006 agus é mar aidhm acu caighdeáin chearta comhshaoil

a leagadh síos chun go ndéanfar feithiclí deireadh ré agus na comhpháirteanna a aisghabháil agus a chur de lámh mar is cóir ionas nach mbeidh drochthionchar comhshaoil i gceist leo. Leagtar síos freisin riachtanais bhunúsacha teicniúla maidir le Feithiclí Deireadh Ré a bhailiú, a stóráil agus a láimhseáil.

Tá na caighdeáin nua i bhfeidhm ó 2007 agus sula n-aithnítear aon ghnó mar "Áis Cheadúnaithe Chóirithe" caithfear ar dtús ceadúnas bailí dramhaíola a fháil is ní mór ansin an gnó a oibriú de réir na gcaighdeán atá sa Dara Sceideal i Rialacháin (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola, 2006.

Is cion é faoin Acht um Bhainistiú Dramhaíola 1996 mar a leasaíodh, gnó aistrithe bruscair nó aisghabhála (m.sh. gluaisteáin a bhaint anuas,) gan cheadúnas dramhaíola. Is cion é freisin muna gcomhlíontar forálacha na Rialachán (Feithiclí Deireadh Ré) um Bhainistiú Dramhaíola 2006.

**Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiú**
Tá dualgas ar Chomhairle Contae an Chabháin plean dramhaíola a ullmhú is a chur i crích don cheantar feidhme. Sa phlean reatha leagtar síos príomhchuspóirí an Údaráis

Áitiúla maidir le bruscar a chosc is a smachtú sa Chontae. Dírítear ar an dá réimse mar atá feasacht phoiblí agus forfheidhmiú.

Tá dhá Mhaor Bruscair lánaimseartha ag Comhairle Contae an Chabháin agus Oifigeach amháin Bainistiú Bruscair agus dualgais orthu idir fhorfheidhmiú agus oideachas maidir le cúrsaí bruscair. Eisíodh 211 fíneáil ar an láthair maidir le cionta faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997 mar a leasaíodh. Gearrtar fíneáil €150 ar an láthair. D'fhéadfai fíneáil níos mó a ghearradh má chuirtear tús le cás cúirte. Ina leithéid de chás is é €4,000 an t-uasmhéid.

| | |
|---|---|
| TLíon iomlán Maor Bruscair Lánaimseartha | 2 |
| Líon iomlán Maor Bruscair Lánaimseartha | 1 |
| Líon iomlán Maor Bruscair Páirtaimseartha | 4 |
| Líon iomlán Maor Bruscair<br>(idir lánaimseartha agus páirtaimseartha) | 6 |
| Líon fíneálacha eisithe ar an láthair | 211 |
| Líon Gearán Faighte | 375 |

# Feasacht Chomhshaoil agus Oideachas

**Comórtas Glantachán Earraigh an Chabháin 'Roimhe is ina Dhiaidh' 2013**
I dtaca le Glantachán Earraigh Náisiúnta mí Aibreáin, ofráladh mórán duaiseanna i gcomórtas 'Roimhe is ina Dhiaidh' de chuid na Comhairle, fuarthas urraíocht ó *Wilton Waste Recycling Ltd* agus b'fhiú €3,000 na duaiseanna.

Spreag an Chomhairle Scoileanna, Coistí Bailte Slachtmhara, Grúpaí Pobail agus Cumainn Áitritheoirí ar fud an Chontae le bheith bainteach le glantachán ina gceantar féin. Iarradh ar dhreamanna pictiúr nó físeán den cheantar 'roimhe is i ndiaidh' an ghlantacháin a sheoladh in éineacht lena n-iarratas. Bhíothas páirteach sa tionscnamh ar fud an chontae agus líonadh 1,704 mála bruscair a bailíodh ar thaobh an bhóthair.

**Buaiteoirí Comórtas Glantachán Earraigh an Chabháin 'Roimhe is in Dhiaidh' 2013:**

1: *Happy Feet Walkers* / Scoil Náisiúnta Naomh Mícheál (duais €1,000)
2: Pobal ar Aire agus Bailte Slachtmhara Machaire (duais €500)



An Chéad Duais á bhronnadh ar Ghrúpa Siúlóide Happy Feet, Muinchille ag an gComhairleoir Val Smith, Cathaoirleach Comhairle Contae an Chabháin.



An Dara Duais á bhronnadh ar Bhailte Slachtmhara Machaire ag an gComhairleoir Val Smith, Cathaoirleach Comhairle Contae an Chabháin.

**Feachtas Bruscar Guma**

Ghlac Comhairle Contae an Chabháin páirt sa bhFeachtas ag an Mheitheal Oibre um Bhruscar Guma. Feachtas náisiúnta é seo a dhíríonn ar na ngá atá le guma a chur sa bhosca bruscair agus leis an bpobal a chur ar an eolas faoi na fadhbanna a bhaineann le bruscar guma.

Mar chud dár bhfeachtas áitiúil reachtáladh lá seolta 27 Bealtaine 2013. Bhí an Cathaoirleach Paddy O'Reilly ann in éineacht le páistí ó Scoil Náisiúnta Corlurgan a bhain stádas Brat Glas amach don Scoil le déanaí.

Mí Lúnasa ag Seó Talmhaíochta Achadh an Iúir freisin cuireadh chun cinn an feachtas bruscar guma agus tionscadail eile um choisctheacht bhruscair.



Seoladh an Fheachtas Bruscar Guma le daltaí Scoil Náisiúnta Corlurgan.

**Clár Bruscair Bóthar a Uchtáil 2013**

Baineann an clár úd le bruscar a bhailiú ó imill bhóithre ag lucht gnó is ag grúpaí pobail a bhíonn páirteach sa scéim. Is iad an lucht gnó agus na grúpaí féin a stiúraíonn an scéim. Aithníonn Comhairle Contae an Chabháin an saothar atá déanta acu go léir trí chomharthaíocht a chur in airde i ngach limistéar.

Chláraigh ceithre ghrúpa leis an scéim, b'shin iad Bailte Slachtmhara Machaire, Cumann Sóisialta agus Forbartha Aghaloora, Cumann Sóisialta agus Forbartha An Bhrúscaigh, Tony Prior Auto-Valeting Béal Tairbirt agus Grúpa Foróige An Cnoc Rua. Trín sceim seo clúdaítear breis is 144Cm bóithre.




**Léig Bhruscair Chontae an Chabháin**

Lean an Údarás Áitiúil den obair le pobail áitiúla chun slacht agus néatacht a choimeád ar dhreach na mbailte, sráidbhailte is na tuaithe. Déantar aithris go díreach ar an gcigireacht agus ar na caighdeáin mharcála a bhíonn in úsáid ag Lucht Gnó na hÉireann in aghaidh an Bhruscair mar bíonn cigireacht ar siúl go rialta i measc 26 baile agus sráidbhaile sa Chontae. Is iad an fhoireann um Fhorfheidhmiú Bruscair a dhéanann an mholtóireacht.

Tháinig feabhas thar na bearta ar ghlaine na mbailte is na sráidbhailte sa Chabhán le blianta beaga anuas. De bharr na scéime tá tréaniarracht déanta ag mórán idir lucht gnó agus pobail chun fadhbanna bruscair a laghdú ina gceantair fhéin sa Chontae.

**Coistí Bailte Slachtmhara**

Tá dlúthbhaint ag Comhairle Contae an Chabháin leis na 19 Coiste Bailte Slachtmhara atá sa Chontae. Is fíor go mbíonn ról lárnach ag na coisti úd maidir le Coisctheacht bhruscair is iad ag tacú leis an Údarás Áitiúil chun an Plean um Bhainistiú Buscair a chur i gcrích. Bíonn siad freisin ag feabhsú is ag cothabháil na bhfaichí oscailte agus an timpeallacht is conláistí nádúrtha i dtreo iad go léir a choimeád saor ó bhruscar.

Chuaigh Grúpaí Bailte Slachtmhara chun cinn sa Chomórtas Náisiúnta Bailte Slachtmhara. Bhí cruinniú eolais ag Comhairle Contae an Chabháin lena n-ionadaithe siúd mí Aibreáin agus scata maith i láthair don ócáid. Tharla cuid mhaith cruinnithe le Coistí Áitiúla Bailte Slachtmhara ag leibhéal áitiúil i rith na bliana.

**Clár Scoileanna Glasa**

Cúis áthais do Chomhairle Contae an Chabháin a bheith ag obair le Scoileanna Glasa, An Taisce agus le scoileanna an Chontae chun an clár Scoileanna Glasa a chur chun cinn. Is iontach an teist í ar chách a bhaineann leis ag gach leibhéal, mar is léir ón mbronnadh Gradam a tharla i gCill Déaglán, Co na Mí. Fuair deich scoil i gContae an Chabháin brat glas um bhruscar agus dramhaíl don chéad uair, ocht scoil an dara brat um fhuinneamh, ceithre scoil an tríú brat um chúrsaí uisce agus dhá scoil an ceathrú brat um chúrsaí taistil.

Tá creidiúint an-mhór as a n-iarrachtaí ag dul ní hamháin do Chomhairle Contae an Chabháin ach ar ndóigh do na scoláirí, foirne agus tuismitheoirí ó gach aon scoil a chaith an-chuid dua agus ama leis na hiarrachtaí. Níl sé éasca a leithéid a dhéanamh faoi láthair toisc brú a bheith ar chách gaiscí a bhaint amach cé go laghdaítear am agus acmhainní chucu.

Anso thíos tá achoimre ar roinnt clár do scoileanna ina rabhamar páirteach le linn na scoilbhliana seo caite:

- seimineár múinteoirí i Seomra na Comhairle
- comhordú cuairteanna ar ár n-ionaid fhóntas pobail idir phoiblí agus príobháideach
- eagrú cuairteanna ar Fhearais Choireála Fuíolluisce de chuid Grúpscéimeanna
- eagru cuairteanna foirne na Comhairle ar scoileanna chun aird a tharraingt ar chúrsaí bhruscair, dramhaíola, uisce agus fuinnimh chomh maith le ceisteanna áitiúla
- an scéal a scaipeadh sa nuachtán áitiúil faoin saothar mór a bhí ar bun ag scoláirí, muinteoirí is ag tuismitheoirí.
  Is léir ón rath a bhí ar na hiarrachtaí go mbíonn scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar fud an Chabháin ag obair go dícheallach is ag caitheamh an-chuid dua agus ama leis na hiarrachtaí ar son an chomhshaoil trí theamaí na Scoileanna Glasa.

Bronnadh brat glas ar na scoileanna seo a leanas i 2013:

**Bruscar agus Dramhaíl**

1. Scoil Náisiúnta Caisleán Raithin, Baile Shéamais Dhuibh
2. Scoil Náisiúnta Corlurgan, An Cabhán
3. Scoil Náisiúnta Cill Dallán, Béal Átha Chonaill
4. Scoil Náisiúnta Mhuire, An Muileann Iarainn
5. Scoil Naomh Bríd, An Cnoc Rua
6. Scoil Náisiúnta Naomh Áine, Br. an tSéipéil, Coill an Chollaigh
7. Scoil Náisiúnta Naomh Bríd, Tunnyduff, Coill an Chollaigh
8. Scoil Náisiunta Naomh Clár, Br. Achadh an Iúir, Baile Shéamais Dhuibh
9. Scoil Náisiúnta Naomh Clár, Ard Mhuire, An Cabhán
10. Scoil Náisiúnta Naomh Cillian, Drumcrauve, County Cavan

**Fuinneamh**

1. Scoil an Teaghlaigh Naofa, Muinchille
2. Scoil Náisiúnta Killyconnan, Sraith an Domhain
3. Scoil Náisiúnta Knocktemple, Achadh an Iúir
4. Scoil Náisiúnta Lios Bó Dubh, Muinchille
5. Scoil Bhride, Droichead Uí Dhálaigh
6. Scoil Mhuire, Lacken, Béal Átha na nEach
7. Scoil Naomh Bríd, Béal Átha Chonaill
8. Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, An Brúscaigh, Béal Átha na nEach

**Uisce**

1. Scoil Náisiúnta Curravagh, Gleann Gaibhle
2. Scoil Náisiúnta , Coill an Gharraí, An Cabhán
3. Scoil Náisiúnta Naomh Iósaif, Dún an Rí
4. Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Achadh an Iúir

**Travel**

1. Scoil Náisiúnta Na Bilí, New Inns, Baile Shéamais Dhuibh
2. Scoil Náisiúnta Drom Oilí, Cill na Leice

**Ciste Páirtíochta Comhshaoil Clár Áitiúil 21**

Trín gciste seo cuirtear forbairt inmharthana chun cinn trí chabhrú le tionscnaimh bheaga comhshaoil, gan aon bhrabús, ar bhonn áitiúil.  Tagann an maoiniú ón Roinn Comhshaoil agus ó na hUdaráis Áitiúla do thionscnaimh mar ghháirdíní pobail, cuibhrinn,scéimeanna muiríne agus tionscadail oideachais.

Fuarthas 18 iarratas i 2013 faoin gCiste Páirtíochta Comhshaoil Clár Áitiúil agus orthusan bhí tionscnaimh idir phobail (maoiníodh cúig coiste bailte slachtmhara) agus scoile.  Tá an saothar úd Clár Áitiúil 21 fós ar siúl.  Gné amháin is ea ceardlanna saor in aisce um thábhacht na bithéagsúlachta do scoláiri óga.  Míníodh dóibh conas cur le bithéagsúlacht, tugadh eolas ar cheisteanna nasctha um fhorbairt inmharthana m.sh. athrú aeráide, dramhaíl, truailliú agus caomhnú uisce.  Ar an iomlán d'fhreastail 463 dalta ó 10 scoil i gContae an Chabháin ar na ceardlanna.  Is mór an chabhair an saothar úd d'aon scoil ina measc a bheadh ag obair i dtreo brat glas don bhithéagsúlacht a bhaint amach.



Daltaí ó Scoil Bhríde, Droichead Ui Dhálaigh ag baint taitneamh as Ceardlann Bhithéagsúlachta.

Seo iad na scoileanna a bhí pairteach:

- S.N. Aughadrenna, Leamhach Uachtar, Sraith an Domhain
- S.N. Ballynarry, Cill na Leice
- S.N. Droichead an Bhuitléaraigh
- S.N. Darley, Muinchille
- S.N. Cill Dallán, Béal Atha Chonaill
- S.N. An Chill, Muinchille
- S.N. Bhríde, Droichead an Bhuitléaraigh
- S.N. Leathráth, Muff, Dún an Rí
- S.N. Bhríde, Coill an Gharraí
- S.N. Drumcrave

**Coiste Polasaí Straitéiseach Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil**
Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Polasaí Straitéiseach Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil faoin gCathaoirleach An Comhairleoir Charlie Boylan chun Polasaí Bainistiú Dramhaíola a dhréachtadh agus a fhorbairt.

**Seirbhís Maor Madraí**
Éilítear an tseirbhís agus caithfidh an tÚdarás Áitiúil Maor Madraí lánaimseartha a fhostú faoi na hAchtanna Rialú Madraí 1992-1996. Tá seirbhís éifeachtach agus gníomhach ar siúl ag an Maor Madraí ag déileáil le madraí ar strae, madraí tréigthe agus le hiompar frithshóisialta.

Stiúraíonn an Maor céanna Ceadúnais Mhadraí freisin agus le linn 2013 eisíodh 6,999 ceadúnas ar fad.

**Seirbhísí Tréidliachta**
Tá Oifigeach lánaimseartha Tréidliachta fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin maraon le cúig cigire páirtaimseartha. Scrúdaíonn/ceadaíonn/iniúchann an tOifigeach Tréidliachta seamlais agus monarchana beaga feola ar fud an chontae. Rinneadh thart ar 92 scrúdú sláinteachais maraon le breis is 1,095 a tharla roimh agus tar éis marú 10,077 caora, 36,650 muc, 7,734 stoc, agus 10,263 turcaí i seamlais a bhfuil ceadúnas acu ón Údarás Áitiuil.

I rith na bliana seoltar samplaí feola faoi thuairim chuig an Saotharlann Lárnach atá ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia i gCill Dara lena dtástáil ar eagla iarmhar frithbheathach no ceimiceach eile. Seoladh 64 sampla dá leitheid i rith na bliana.

Ina theannta san chláraigh an roinn Tréidliachta cúig áitreabh faoin reachtaíocht Gnó um Thógáil Madraí (DBE).

# Comhshaoil

Tá an roinn Comhshaoil freagrach as gach a bhaineann le comhshaol sa chontae seachas ceisteanna dramhaíola (líonadh talún, bruscar, dumpáil mhídhleathach 7rl.). Toisc gur contae tuaithe sinn mara bhafuil móran aibhneacha agus lochanna ní haon iontas go mbímid gafa le cáilíocht uisce agus is líonmhar iad na tionchair a théann i bhfeidhm uirthi seo. Orthusan bíonn diúscairt idir thionsclaíoch is tráchtála maraon le cóireáil uisce is fuíolluisce a fhreastalaíonn ar thithe aonair. Ar na ceisteanna comhshaoil a bhíonn faoi chaibidil againn tá caighdeán aeir agus fadhbanna a bhaineann le gleo, iarratais phleanála agus fo-dhlíthe. Déantar monatóireacht ar fheidhmiú funnimh, ar chleachtas um fhuinnimh inmharthana is ar laghdú ar úsáid fuinnimh laistigh d'Údaráis Áitiúla an Chabháin.

## Cáilíocht Uisce

Tá dhá ghné dár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce:

- Ár gcuid acmhainní nádúrtha a chosaint is a fheabhsú idir aibhneacha, locha agus uisce ar bharr talún.
- Monatóireacht ar cháilíocht fíorusce inólta.

## Uiscí Nádúrtha

Contae lán de lochanna agus aibhneacha is ea An Chabhán is iad ar na hacmhainní is fearr atá againn. Tá fíoruisce iontu don phobal is don talmhaíocht chomh maith le taitneamh do mhuintir na háite is do chuairteoirí araon. Laghdaítear costas cóireála má choimeádtar an t-uisce ar ardchaighdeán agus ar an gcuma san cuirtear le buanna an chontae do mhuintir an Chabháin is do na turasóirí a thagann chugainn. .




*Léarscáil Ceantar Abhantrach*

Roinn an Treoir Creat Uisce na huiscí atá sa chontae ar bhonn Ceantar Abhantrach. Tá ceithre Abhantrach i gContae an Chabháin is dá réir sin tá ceithre Phlean Ceantar Abhantrach i bhfeidhm againn. Tugadh stádas cáilíochta do gach aon chorp uisce. Caithfimid na huiscí atá go han-mhaith a choimeád mar atá agus iad siúd nach mbíonn chomh maith san a fheabhsú.

Sna Pleananna Ceantar Abhantrach luaitear spriocanna agus dátaí cinnte leo. Caithfimid gnímh áirithe a dhéanamh i gcaitheamh na bliana chun fáil réidh le mórfhoinsí truaillithe. Orthusan bíonn eisileadh tionsclaíoch, oibreacha áirithe feirme, oibríocha um choireáil séarachais agus córais fhuíolluisce do thithe aonair.

Go minic ní léir ár gcuid oibre maidir le cáilíocht uisce. Uaireanta is próiseas mall é feabhas a chur ar an gcáilíocht uisce i loch mar shampla. Caithfear a rá, áfach, na córais atá againn á gcur san áireamh, go ndéanfar dul chun cinn ar bhonn leanúnach sna blianta atá romhainn go dtí go mbeidh ardstádas againn dár gcuid uisci ar fad.
Toisc go meastar go mbeidh méadú ar chleachtais áirithe talmhaíochta de dheasca na gcótaí bainne a bheith le baint i 2015 beidh dúshlán suntasach romhainn maidir le dul chun cinn.

**Soláthar Uisce**
Déantar anailís ar an scéimeanna poiblí ar fad agus freisin ar fhormhór na ngrúpscéimeanna faoi cheannteidil éagsúla chun a chinntiú go bhfuil uisce á soláthar atá ar chaighdeán den scoth don sláinte poiblí mar a éilítear faoin reachtaíocht.

**Saotharlann Chomhshaoil**
Is í an tsaotharlann atá suite ar Bhóthar Bhéal Átha hÉis croílár na hoibre idir ‘Uiscí Nádúrtha’ agus uiscí inolta. Is ansiúd a dhéantar clár leathan anailíse, ach amháin obair speisialtóireachta ó am go chéile a sheoltar amach.

Déanaimid samplóireacht leis agus tástáil do roinnt cliant idir phoiblí agus príobháideach, gné den saothar atá ag méadú. Is fíor, áfach, gurb í an tástáil ar son Comhairle Contae an Chabháin príomhghnó na Saotharlainne.

Cúis mhórtais dúinn is ea an tsaotharlann seo mar níl a leithéid eile ag aon údarás áitiúil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach ag a bhfuil creidiúnacht ó Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (INAB).

Tógadh 1661 sampla agus rinneadh breis is 20,000 triail orthu.

| **Anailís ar na Samplaí** | | |
|---|---|---|
| Soláthair Uisce | Grúpscéimeanna | 217 |
| | Comhairle Contae an Chabháin | 185 |
| Diúscairt ó Chóireáil Séaraigh | Comhairle Contae an Chabháin | 227 |
| | Príobháideach | 24 |
| Uiscí Nádúrtha | Aibhneacha | 384 |
| | Lochanna | 172 |
| Tríú Pháirtí | | 440 |
| Ilchineálach | | 12 |
| **Iomlán** | | **1661** |



**Caidreamh Poiblí**
Buaileann foireann an Roinn Comhshaoil leis an bpobal in aghaidh an lae.  Glactar leis an deis úd chun an scéal a scaipeadh maidir le cáilíocht uisce a fheabhsú is a choimeád trí aibhneacha, lochanna agus foinsí uisce inólta a chosaint.

Ar bhonn níos foirmiúla scaiptear an scéal céanna trí chuairteanna scoile a mhíníonn na cúrsaí úd maidir le cáilíocht uisce do dhaoine óga ar fud an Chontae.  Tugtar comhairle freisin um chaomhnú uisce agus eagraítear seisiúin eolais i mbrainsí leabharlainne agus in ionaid phobail.  Baintear leas as na meáin trín stáisiún Northern Sound is trín Anglo Celt mar áiseanna oideachais agus eolais in aghaidh an tséasúir.  Foilsítear bileoga eolais lena

ndáileadh ar Oifigí Ceantair Comhairle Contae, Leabharlanna, Seimineáir Múinteoirí agus ar chruinnithe eile.

Faightear gearáin ón bpobal agus déantar gach iarracht ar iad a scrúdú is a fhreagairt chomh tapaidh agus is féidir. Go minic, más léir go mbíonn baol truaillithe ann, is féidir an cheist a réiteach gan dul i muinín an dlí. Is mór an trua, áfach, go mbíonn ar an gComhairle forfheidhmiú éigin a chur i gcrích gach bliain.

**Ginearálta**

Dála gach roinn eile laistigh den Chomhairle bímid ag iarraidh costas a laghdú agus ioncam a mhéadú. Rinneadh breis is 38% d'obair na saotharlainne ar bhonn gníomhaireachta/tráchtála.

Oibríonn an Roinn Comhshaoil go dlúth le ranna eile Comhairle Contae an Chabháin, mar shampla:

- cruinnithe réamh-phleanála, iarratais phleanála agus fadhbanna/ceisteanna a fhreagairt ón **Roinn Pleanála** maidir le cáilíocht uisce, aeir agus le gleo
- cabhraítear leis an **Roinn Bainistiú Dramhaíola** trí chuairteanna scoileanna glasa agus léirithe feasachta
- tugtar comhairle don **Roinn Tithíochta** maidir le suímh a bheith oiriúnach do thithíocht tuaithe iníosluchtaithe
- pléitear le ceisteanna ó na **Comhairlí Baile, Oifigí Ceantair agus ón Roinn Bóithre** maidir le cáilíocht uisce, chaomhnú agus aibhneacha
- meastar iarratais ar cheadúnas dramhaíola i gcomhthéacs cáilíocht uisce, chaomhnú agus dul i gcomhairle leis an **Roinn Bainistiú Dramhaíola.**

**Bainistiú Fuinnimh**

Tá Bainisteoir Fuinnimh na Comhairle freagrach as úsáid fuinnimh a laghdú is as cleachtais um fhuinneamh inmharthana a bhreith isteach sna Comhairlí idir an Chontae agus na mBailte. Tuairsicíonn an Bainisteoir Fuinnimh leis an Údarás um Fhuinneamh Inmharthana na hÉireann (SEAI) maidir le Spriocanna Laghdú Fuinnimh Comhairle Contae an Chabháin, mar a éilítear faoin bPlean Gníomh Náisiúnta um Fheidhmiú Fuinnimh 2009. Is é laghdú fuinnimh 33% an sprioc atá roimh Chomhairle Contae an Chabháin faoin mbliain 2020.

Faightear an leictreachas do Chomhairle Contae an Chabháin is don Chomhairle Baile de réir tairiscintí an tSeirbhís Náisiúnta Fála agus is é an Bainisteoir Fuinimh a riaraíonn an próiseas.

Oibríonn Údaráis Áitiúla an Chabháin breis is 300 suíomh aonar mar Oifigí, Fearais Chóireála Uisce agus Fuíolluisce, áiseanna Bainistiú Dramhaíola agus Stáisiúin Chaidéalaithe. Is iad seirbhísí uisce agus soilsiú poiblí na húsáideoirí is mó sna hÚdaráis ar fad. Bíonn Costas Vóltas Íseal toisc Uaséilimh acu agus is iadsan a úsáideann beagnach a leath den iomlán leictreachais ar fad. Ag seo na sonraí:

1. Fearas Cóireála Uisce Bhaile Shéamais Dhuibh
2. Ionad Fóntas Pobail Choill an Chollaigh
3. Fearas Cóireála Uisce Cnoc an tSagairt
4. Fearas Cóireála Uisce Bhéal Tairbirt
5. Stáisiún Caidéalaithe Loch Ervey
6. Fearas Cóireála Fuíolluisce Choill an Chollaigh
7. Scéim Fuíolluisce Muinchille, Caidéal 3
8. Stáisiún Caidéalaithe Nadrageel
9. Fearas Cóireála Fuíolluisce Muinchille
10. Fearas Cóireála Uisce Choill an Chollaigh
11. Fearas Cóireála Fuíolluisce an Chabháin
12. Teach Cúirte An Chabháin
13. Leabharlann An Chabháin
14. Stáisiún Treiseora Uisce Droim an Lao
15. Fearas Cóireála Fuíolluisce An Chabháin
16. Ionad Fóntas Pobail Bhéal Átha Chonaill

I 2012 agus 2013 d'úsáid Údaráis Áitiúla an Chabháin 10,321.61 MWh Leictreachais agus 27.75 MWh Gáis.

| **Cineál Fuinnimh** | **Úsáid Fuinnimh** | **MWh** | **GWh** |
|---|---|---|---|
| | **KWh** | | |
| Leictreachas | 10,321,610 | 10,322 | 10.32 |
| Breosla Iontais<br>Gás Nádúrtha amháin toisc nach bhfuil sonraí breosla teirmeach agus iompair ar fáil fós | 27,750 | 28 | 0.03 |
| **Iomlán Fuinneamh Úsáidte** | **10,349,360** | **10,349.36** | **10.35** |

**Gnímh Déanta**

- Thosaigh an Bainisteoir Fuinnimh ar oiliúint le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.
- Tharla uasghrádú ar chuid den Stoc Tithíochta idir Roinn Tithíochta an Chomhairle Chontae agus an Chomhairle Baile araon.
- Méadaíodh ar an bhfeasacht laistigh den Chomhairle maidir le sonraíocht agus ceannach earraí ón gClár E Triarach.
- Meadaíodh ar an bhfeasacht laistigh den Chomhairle maidir le foirgnimh nó le codanna foirgneamh ar fheidhmiú fuinnimh B3 ó 2012 agus A3 ó 2015 a cheannach/fháil ar léas.
- Chuathas i gcomhar le Tionscnamh STEM chun gnólachtaí a aithint i gContae an Chabháin a bheadh i dteideal páirt a ghlachadh sa tionscnamh úd a bhaineann le feidhmiú fuinnimh is le feabhsúcháin chuige sin.
- Dáileadh leanúnach suíomh faoin tSeirbhís Náisiúnta Fála de réir mar a thagann tairiscintí suíomh nua ar líne.
- Bailíodh sonraí um úsáid fuinnimh an Chomhairle Chontae agus an Chomhairle Baile araon i dtreo monatóireacht agus tuairisciú de réir an Uirlis um Mhonatóireacht agus Tuairisciu de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

**Gnímh don Bhliain 2014**

- Uasghrádú fós ar stoc tithíochta is foirgneamh Comhairle Contae an Chabháin .
- Ullmhófar agus seolfar isteach tionscnamh don gClár Pobal um Fheabhsú Fuinnimh 2014.
- Soláthar Céimneach Clár um Fheasacht ar Fhuinneamh do Bhaill nua Foirne
- An Polasaí Fuinnimh a chur i bhFeidhm arís
- Córas monatóireachta in aghaidh míosa a bhunú don úsáid fuinnimh
- An Fhoireann Fuinnimh a chur i bhFeidhm arís
- Teagmháil leis na Ranna Uilig chun cur le feasacht le linn Cruinnithe Meitheal
- Iniúchadh a athbhunú do na 20 Suíomh is mó Úsáide
- Monatóireacht agus Tuairisciú SEAI a chríochnú laistigh de thréimhsí éilithe
- Leanúint de shuímh nua a dháileadh de réir tairiscintí buacacha a bhíonn ag an tSeirbhís Náisiúnta Fála
- Teagmháil le hUisce Éireann de réir na gComhaontuithe Leibhéal Seirbhíse agus Dréachtchonarthaí.

**Fearais Chóireála Fuíolluisce Tí**

Faoin Acht (Leasú) Seirbhísí Uisce 2012, tá sé mar aidhm ag an gcóras cláraithe agus cigireachta d'fhearais choireála fuíolluisce tí an caighdeán idir screamhuisce agus uisce ar bharr talún (go háirithe foinsí uisce inólta) ó chórais nach mbeadh ag obair mar is cóir. Níor mhór d'úinéirí áitreabh ata ceangailte lena leithéid d'fhearas an córas a chlárú faoi mhí Feabhra 2013.

Bunaíodh Plean Náisiúnta Cigireachta (NIP) a leag síos na riachtanais ar bhonn náisiúnta is a thug tús aite don rogha cigireachta ar bhonn riosca truaillithe.

Chuaigh ceithre bhall den bhfoireann Comhshaoil ar chúrsa oiiliúna agus táthar tar éis tosu ar chigireacht a dheanamh ar fhearais choireála fuíolluisce tí. Tá sé beartaithe 48 cinn de chigireachtaí a dhéanamh idir mí Iúil 2013 agus deireadh mí an Mheithimh 2014. Don chuid is mó bainfidh siad siúd le ceanatair mar a bhfuil baol ard truaillithe.

Anailís ar Dheimhniú, Forfheidhmiú agus Ceadúnú

| | |
|---|---|
| Líon Ceadúnas Diúscartha Alt 4 | 57 |
| Líon Ceadúnas Diúscartha Alt 16 | 15 |
| Líon Ceadúnas Truailliú Aeir | 1 |
| Líon Suíomh Cláraithe Rialú Àbhar Tuaslagach | 7 |
| Líon Suíomh Cláraithe Péint Mhaisiúil | 24 |
| Líon Clárú Rialacháin Gal Peitriliam | 31 |
| Líon Cigireachtaí Feirme | 74 |
| Líon gearán faighte agus scrúdaithe | 98 |
| Líon tuairiscí chuig An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 12 |
| Líon Fograí Alt 12 a seirbheáladh faoi na hAchtanna Truailliú Uisce | 27 |
| Líon cás dlíthiúla a bunaíodh i 2013 | 5 |



**Coiste Beartas Straitéiseach Comhshaoil, Uisce agus Seirbhísí Sláintíochta**

Is iad seo a leanas Baill an Choiste Beartas Straitéiseach Uisce agus Comhshaoil:

Comhairleoir Charlie Boylan, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Maura Maguire-Lynch, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Danny Brady, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Dessie Boylan, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Aidan Boyle, Comhairle Contae an Chabháin

Comhairleoir Barry Wilson, Comhairle Baile Bhéal Tairbirt

Colm Brady, Cónaidhm Náisiúnta Grúpscéimeanna

Dr Tina Aughey, Ionadaí Comhshaoil

Bernard Engle, Pobal agus Deonach

Presentations were given on:

- Water Sector Reform
- Water Services Investment Programme
- Review of Casual Trading Laws
- Quality of River and Lake Water in County Cavan
- Keeping Communities Safe: Efficient Fire Safety in Ireland
- National Inspection Domestic Water Treatment Systems
- Household Food Waste Regulations
- Civic Amenity Sites
- Cavan Environment’s Laboratory
- New Waste Planning Regions

# Seirbhís Dóiteáin

I 2013 bhí 85 Comhraiceoir Áirithe Tine san 10 stáisiún af fud an chontae.  Le linn na bliana d'imigh beirt ar scor agus earcaíodh cúigear mar a leanas:  An Cabhán (1), Achadh an Iúir (1), Baile Shéamais Dhuibh (1) agus Dún an Rí (2). Táthar ag iarraidh go mbeidh 94 duine ar an bhfoireann iomlan Dóiteáin sa Chontae.  Tharla 479 freagairt do ghlaonna i rith na bliana agus fuarthas €127,429 mar mhuirir briogáid dóiteáin.  Ba é 5.48 nóiméad chuig tine agus 5.05 nóiméad chuig eachtraí eile an meán-am slógtha briogáide. Buíochas le Dia nár cailleadh éinne de dheasca tine/análú deataigh i mbliana 2013.



RTC – HGV agus Gluaisteán

| Saghas Glao | Líon Glaonna | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
| Simné Tí | 45 | 43 | 54 | 61 | 51 | 49 | 64 |
| Tinte eile Tí | 48 | 51 | 54 | 43 | 25 | 37 | 36 |
| Tinte eile | 61 | 60 | 63 | 61 | 43 | 24 | 37 |
| Portaigh/Coille | 19 | 31 | 21 | 112 | 63 | 16 | 38 |
| Feithiclí Mótair | 36 | 39 | 42 | 34 | 28 | 18 | 23 |
| Timpistí Tráchta | 90 | 77 | 88 | 85 | 62 | 57 | 55 |
| Tuilte | 6 | 20 | 22 | 20 | 22 | 15 | 8 |
| Eachtraí Ceimiceach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Speisialta | 279 | 239 | 181 | 154 | 199 | 191 | 194 |
| Glaonna Bréige (go Macánta) | 63 | 50 | 78 | 59 | 33 | 33 | 20 |
| Glaonna Bréige (go Mailíseach) | 9 | 12 | 11 | 9 | 3 | 16 | 4 |
| | | | | | | | |

**Clár Caipitiúil**
Tá suímh ar fáil do dhá stáisiún nua i mBaile Shéamais Dhuibh agus in Achadh an Iúir.  Tá na cáipéisi conartha do Stáisiún Achadh an Iúir ag an Roinn faoi láthair sula ndéantar tairiscint.  Tharla comhráití maidir le Stáisiún nua Dóiteáin do Bhaile Shéamais Dhuibh. Níor dáileadh aon mhaoiniú d'Fhearais Dóiteáin i gClár Caipitiúil 2013.

**Pleanáil Mhoréigeandála**
Is é Teach Cúirte An Chabháin an Lárionad Comhordaithe i gcás móréigeandála sa Chontae.  Ar an nGrúpa Áitiúil Comhordaithe tá ionadaithe ó na trí áisínteachtaí freagartha, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus an Údarás Áitiúil.  Bíonn cruinnithe acu siúd i rith na bliana agus baintear triail as an bhfearas san ionad.

Forbraíodh Plean Móréigeandála chun go bhféadfaidh Comhairle Contae an Chabháin freagairt d'aon mhóréigeandáil a tharlódh go héifeachtach agus go héifeachtúil.  Rinneadh uasdatú ar an bPlean úd mí Deireadh Fómhair.  Sa Phlean leagtar síos an córas cinntí do bhainistíocht shinsearach na n-áisínteachtaí freagartha i gcás móréigeandáil a bheith fógartha.

Tharla freacnamh meithil um Bhainistiú Géarchéime i Seomraí na Comhairle 16 Aibreán 2013 mar ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh G8.  Ón Aoine 14 Meitheamh ar aghaidh go dtí gur tháinig deireadh leis an gCruinniú bhí ionad rialú straitéiseach á oibriú ag an nGarda Síochána  i Stáisiún Bhéal Átha Chonaill.  Sholáthraigh Comhairle Contae an Chabháin oifigigh teagmhála do na Gardaí i Stáisiún an Chabháin mar a raibh seomra oibríochta ar bun 24 uair a chloig.  Ba iad na hoifigigh úd a rachadh i dteagmháil le Seirbhís Dóiteáin An Chabháin nó le seirbhísí eile Údarás Áitiúla agus lenár macasamhla sna Conaethe Liatroim, Sligeach, Dún na nGall, Muineachan agus Lú de réir gá.

Bhí foireann EOD/CBRN an Airm réidh le gníomhú freisin mar chúl taca i gcás aon eachtra CBRN agus bhí a n-aonad  díthruaillíochta acu réidh lena shlógadh.  Is ag Stáisiún Dóiteáin An Chabháin a bhí an t-aonad  díthruaillíochta do Réigiún an Oirthuaiscirt  réidh ag Seirbhís Dóiteáin an Chabháin mar chúl taca in éineacht leis na haonaid eile de chuid Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte a bhí lonnaithe sna hospidéil.



Grúpa G8 ag Stáisiún Gardaí An Chabháin

**Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála**
D'eisigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála an doiciméad 'Sábháilteacht Phobal – Creat Sábháilteacht Dóiteáin in Éirinn'. Tháinig Sábháilteacht Phobal (KCS) as athbhreithniú a rinneadh i 2012 ar sheirbhísí is ar shábháilteacht dóiteáin in Éirinn. Mínítear méid áirithe gníomh tábhachtacha a leagtar síos ire services and fire safety i **"Seirbhísí Dóiteáin na hÉireann – Creat Forbartha Náisiúnta 2010 – 2015"**. Dírítear ar straitéis chiallmhar, chumsitheach a sholáthar chun sábháilteacht an duine istigh sa bhaile agus in áiteanna eile a chinntiú chomh maith le sábháilteacht fhoirne is iad i mbun seirbhísí éigeandála a sholáthar. Doiciméad cuimsitheach bunúsach atá ann a bheidh mar bhonn faoi fhorbairt bhreise sa tréimhse 2013 – 2015 ar an ról ríthábhachtach a bhíonn ar siúl ag seirbhísí dóiteáin maidir le sábháilteacht phobail.

Baineann KCS le bainistiú riosca, feabhas ar shábháilteacht phobail, laghdú líon eachtraí, caighdeáin fhreagartha agus struchtúir nua do na deich mbliana atá romhainn. Bunaíodh an plean ar fhianaise, ar an ndeachleachtas is ar chreidiúnú idirnáisiúnta.

Tá dúshlán ann maidir le spriocanna a bhaint amach faoi dheireadh na tréimhse um Nollaig 2015. Ní mór d'Údarás Aitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar Thionscnamh KCS i gcomhthéacs na dTuairiscí Bunaithe ar Riosca a eisíodh mí Iúil 2012 agus tús áite a thabhairt d'athruithe mar Phleananna Bliantúla Soláthair i dtreo Plean nua Alt 26 a fhoilsiú.

**Oiliúint**
I 2013 eagraíodh cúrsaí oiliúna in iompar dóiteáin, tiomáint, céadfhreagairt, timpistí bóthair, feasacht uisce, oibriú sábh slabhra, goireas anála (athnuachan agus bunoiliúint), comhrach dóiteáin d'earcaithe agus láimhseáil. Bíonn oiliúint rialta 2.25 uair a chloig trí oíche in aghaidh na seachtaine do gach briogáid freisin. Téann oifigigh idir Shóisir agus Sinsir ar chúrsaí de chuid an Stiúrthóireacht Náisiúnta mar is cuí. Éilítear breis oiliúna ón Seirbhís Dóiteáin mar gheall ar an dTreoir Caighdeánach Oibríochta , ní mór acmhainní oiliúna chomh maith le cleachtadh agus fearas nua.



Oiliúint Iompar Dóiteáin i mBaile an Róba, Maigh Eo

Bhí baint ag Seirbhís Dóiteáin an Chabháin le hAthrú a Bhrú, tionscnamh trí bliana i bpáirt le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála an Tuaiscirt (NIFRS), Seirbhísí Dóiteáin na sé 'contae teorann' sa Phoblacht, An Roinn Sláinte Phoibli agus Seirbhísí Sóisialta (DHSSPH), An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ), comhoibriú le Cur le Chéile (CAWT) agus leis an eagraíocht Gaisce Poiblí a dhíríonn ar an óige. Ba é aidhm an tionscnaimh ná sláinte agus sábháilteacht muintir na háite agus lucht taistil i gceantar na teorann a fheabhsu trí réimse feabhsúchán a sholáthar maidir le sábháilteacht ar na Boithre.

Tharla infheistíocht i gcomhoiliúint agus i seimineáir do phearsanra seirbhísí dóiteáin ar dhá thaobh na teorann chun cur le caighdeáin maidir le fuascailt, daingniú feithicle agus láimhseáil daoine gortaithe i gcás Timpistí Tráchta ar Bhóthar (RTC). Chomhoibrigh Seirbhís Dóiteáin an Chabháin leis an oiliúint, le coistí, cuireadh ionaid maraon le fearas is pearsanra ar fáil lena chinntiú go n-éireodh leis an dtionscnamh.

Tháinig cuid den mhaoiniú ó Chiste Forbartha Eorpach an Aontas Eorpaigh (ERDF) trín gClár Trasteorann INTERREG IVA a bhíonn faoi stiúir Comhlacht Clár Speisialta an Aontas Eorpaigh (SEUPB).

Tháinig deireadh leis an dtionscnamh mí an Mheithimh, ar an iomlán rinne 36 Comhraiceoir ó Chontae an Chabháin cúrsa Timpistí Tráchta agus rinne 14 eile acu cúrsa Ceadfhreagartha.

## Cleachtaí

D'eagraigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála an Tuaiscirt (NIFRS) 'Cleachtadh Thar Maoil', freacnamh iláisínteachta i gceantar Lios na Scéithe mar a raibh an tIonad Stiúrtha. Bhí comhoibriú trasteorann ar siúl le Seirbhís Dóiteáin an Chabháin nuair a rinne Briogáid Dóiteáin Bhéal Átha Chonaill aithris ar scata lucht curachaí a tharrtháil ag an gcora i mBéal Átha Chonaill. .



Seirbhís Dóiteáin Bhéal Átha Chonaill in aice leis an gcora

## Coiscatheacht Dóiteain

Deantar cigireacht bhliantúil de réir dualgas reachtúla ar óstáin, tithe tábhairne, bialanna, hallaí pobail, clubanna agus stáisiúin pheitril. I measc dualgais na ranna tá iarratais ar ábhar guaiseach, tinte ealaíona, ceadúnais bhiotáillí is damhsa, clubanna agus Ceadúnais Chrannchur is Imeartha a phróiseáil.

Leantar de chlár coisctheachta trí fheabhsú sábháilteacht foirgneamh agus trí oideachas a chur ar an bpobal maidir le riachtanais bhunúsacha. Déanann an tseirbhís dóiteáin iarracht ar chuairt a thabhairt ar an dtríú rang i ngach aon bhunscoil in aghaidh bliana. Le linn scoilbhliain 2012/2013 tugadh cuairt ar 80 scoil agus dáileadh pacáistí eolais orthu go léir.

Faoi na Rialacháin (Rialaithe) Foirgníochta caithfear Deimhniú um Shábháilteacht Dóiteáin a fháil chun foirgneamh seachas teach cónaithe nó foirgneamh talmhaíochta a thógáil, chun síneadh a chur nó chun athruithe ábhartha a chur i gcrích. Ar an iomlán fuarthas 46 iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht Dóiteáin agus taillí €32,290, laghdú ar an mbuaic 167 i 2007.

## Cosaint Shibhialta



Ó foilsíodh an Paipéar Bán um Chursaí Cosanta (2000) tá an eagraíocht Cosaint Shibhialta á fhorbairt mar sheirbhís deonach tánaistach éigeandála ardchaighdeáin. Ina theannta san forbraítear a cuid gníomhaíochtaí tacaíochta pobail.

Faoin Acht um Chosaint Shibhialta 2002 foráladh an Bord Chosaint Shibhialta (údarás Stáit faoin Roinn Cosanta) agus bunaíodh an Bord i 2003. Stiúraigh an Bord Chosaint Shibhialta forbairt an eagraíocht Cosaint Shibhialta ar bhonn náisiúnta go deireadh na bliana 2012. De réir polasaí Rialtais faoi athdháileadh Áisínteachtaí Stáit, chuir an tAcht um Chosaint Shibhialta 2012 deireadh leis an mBord Chosaint Shibhialta agus tugadh a chuid feidhmeanna don Roinn Cosanta.

Díláithríodh ceannáras Chosaint Shibhialta go dtí áis nua i Ros Cré, Co Thiobraid Árann. Bíonn an Coláiste Cosaint Shibhialta ag forbairt tacaíochtaí oiliúna don eagraíocht agus aithnítear é mar institiúid ag roinn comhlachtaí reachtúla agus rialaithe mar Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) agus an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil (PHECC).



Boinn Fhádseirbhíse a mBronnadh

Soláthraíonn na saorálaigh ag Cosaint Shibhialta tacaíocht phobal ar bhonn leanúnach agus bhí ról cuimsitheach acu le blianta le linn drochaimsire agus eachtraí tuilte. Cuid lárnach de shocruithe éigeandála agus céadfhreagartha is ea Cosaint Shibhialta ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta is iad ag tacú leis na príomhsheirbhísí faoin gCreat um Bhainistiú Móréigeandála.

Cé gur eagraíocht náisiúnta í Cosaint Shibhialta atá faoi stiúir an Roinn Cosanta maidir le bainistíocht agus forbairt, bíonn Comhairle Contae an Chabháin freagrach as seirbhísí

áitiúla faoin Oifigeach Cosaint Shibhialta agus Oifigeach Cúnta. Cláraíonn na baill leis an Eagraíocht Naisiúnta ach bíonn siad ag freastal ar a bpobal féin. Tugtar oiliúint dóibh i mórán scilceanna mar gharchabhair, otharcharr, tarrtháil, comhrac tine, cothú éigeandala, cúram aslonnaithe, cuardach ar muir is ar tír, monatóireacht raidíochta, bádóireacht, tiomáint agus cumarsáid. Clúdaítear freisin léarscáilíocht, rianadóireacht, tuilte agus móréigeandálaí.
Bíonn traenáil agus cleachtaí ar siúl go rialta agus bhí na baill ar dualgas do gharchabhair agus clúdach bád ag breis is 130 ócáid poiblí i rith na bliana. Ní raibh Cosaint Shibhialta Chontae an Chabháin riamh chomh gnóthach is a bhí siad i mbliana. Is go deonach a shaothraíonn na baill ar son an phobail agus foghlaimítear scileanna san am gcéanna. Is mór an chabhair iad do phobal ar bith.

Ar na hócáidí agus imeachtaí a raibh baint go náisiúnta ag Cosaint Shibhialta leo le bliain anuas agus a ndearnadh trácht orthu sna Meáin Náisiúnta bhí cuardach na hÉirne agus na hAbhann Móire, An Léig Náisiúnta Peile, Blas an Chabháin, An Tóstal, Éire v An Astráil sa chéad chluiche faoi Rialacha Idirnáisiúnta, ceolchoirm Eminem i Sláine agus an Freacnamh Náisiúnta um Dhaoine ar Iarraidh a tharla ar an dTeampall Mór.

Ar bhonn áitiúil le bliain anuas bhí Cosaint Shibhialta páirteach i Mórshiúlta na Féile Pádraig, scileanna do Shaorálaigh agus Teagascóirí, Seóanna Pobail mar Seó Talmhaíochta Achadh an Iúir, ócáidí carthanachta, Féilte mar Fhéile na bPuimciní, Ceolchoirmeacha, Ócáidí Eachaíocha mar Fhéile an Tuaiscirt, An Chraobh Treafa, Dúshlán Cuilceach, Cluichí CLG agus an fhéile Life of Reilly sa Chabhán.



Aidan Walsh being stretchered off the pitch

Tharla 14 rang in aghaidh na seachtaine i 12 Ionad ar fud an chontae ó Bhlaic go Dún an Rí. Bíonn fáilte roimh chách ag an ranganna. Tá géarghá le saorálaigh sa Chosaint Shibhialta mar níor chóir go mbeadh ualach ró-throm ar éinne acu maidir leis an am a chaitear.

# Turasóireacht

**Branda Nua An Chabháin**
I 2013 seoladh branda nua do thurasóireacht agus fiontar i gContae an Chabháin: Seo An Cabhán. Moltar tréithe uathúla agus sainiúla Contae an Chabháin trní mbranda suimiúil nua seo. Foilsíodh treoracha, lógó nua, ábhar bolscaireachta, sraith grianghrafadóireachta, meáin shoisialta agus suíomh nua www.thisiscavan.ie

Léiríonn an mana 'Seo An Chabhán!' dóchas agus féinmhuinín an bhranda. Tá gluaiseacht in airde chun fuinneamh an chontae agus na ndaoine a chur in iúl. Tuigtear ón gcomhartha uaillbhreasa go mbainfear preab as daoine agus go mbeidh an taithí i bhfad níos fearr ná mar a cheapfá ar dtús.

Tharla cruinniú eolais do Lucht Turasóireachta an Chabháin san Óstán Kilmore mí Aibreáin. Iompraíodh an branda ar agaidh le fuinneamh agus fuarthas beagnach 3000 lucht nua leanúna ar Facebook, 2500 ar Twitter agus ar an meán bhí 4500 cuairt aonair in aghaidh míosa ar an suíomh idirlín.

**Turasóireacht Inrochtana**
Bhuaigh Baile An Chabháin agus an Dúthaigh máguaird an gradam Aontas Eorpaigh (AE) EDEN Ceann Scríbe Eorpach den Scoth don bhliain 2013. Aithníonn EDEN Caighdeán den Scoth maidir le Turasóireacht Inmharthana agus aithnítear An Chabhán anois mar cheann de na láithreacha turasóireachta is fearr rochtana san Eoraip. Ar an iomlán roghnaíodh 19 láthair san AE don ghradam. Tháinig an tAire Micheal Ring, baill ghréasán EDEN Éireann agus Fáilte Éireann go dtí An Chabhán chun an bua a cheiliúradh. Ba iad Joanne Hayes, Oifigeach Turasóireachta an Chabháin agus Savina Donohoe, Coimeádaí Músaem an Chontae a ghlac leis an ngradam sa Bhruiséil ar son an tsaothar a rinne Comhairle Contae An Chabhain le seacht mbliana anuas.

Mar chuid den ghradam fuarthas deontas €5000, seisiún grianghrafadóireachta agus cúnamh um phlean margaíochta a fhorbairt don turasóireacht inmharthana. Labhair an tOifigeach Turasóireachta ag Comhdháil um Turasóireacht Inmharthana eagraithe ag Kanchi i Stóras Guinness. Ina theannta san d'fháiltigh Kanchi roimh Lá Oiliúna um Fheasacht Mhíchumais mí na Nollag sa Chabhan, ceann amháin de shraith cúig lá náisiúnta. Chuir an tOifigeach Turasóireachta tús le próiseas i measc lucht gnó na turasóireachta i gContae an Chabháin i dtreo cur leis an saothar atá déanta cheana féin.




An tAire Michael Ring T.D. ag bronnadh Teastas EDEN ar bhaill Údarás
Áitiúla An Chabháin ag searmanas Gradam san Óstán Cavan Crystal mí Iúil 2013.

**Páirc Bhoireann An Chabháin**
Thug an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Leo Varadker TD cuairt ar Bhoireann An Chabháin. Faoin gclár Cnoic na Teorann a mhaoiníonn an Chomhlacht AE um Chláir Speisialta agus i bpáirt le Coillte, tosnaíodh ar an ionad cuairteoirí i 2013. Beidh cúig bhealach nua chomh maith le míniúchán agus comharthaí nua. Aontaíodh ar Pháirc Bhoireann An Chabháin a thabhairt air as seo amach.

**Fógraíocht**
Tharla fógraíocht do Seo An Chabhán i meáin éagsúla le linn 2013 mar bhratach ar Cavan Living, fógraí san Angling Times (Riocht Aontaithe), fógraíocht náisiúnta don bhFéile Blas An Chabháin, Féile Life of Reilly agus don bhFéile Spraoi Rialacha Idirnáisiunta sa Sunday Business Post agus san Daily Mail.

**Féilte**
Bhí rath agus séan ar an-chuid féiltí ar fud an Chontae mar Fhéile Life of Reilly agus tháinig 22 000 duine go dtí Blas An Chabháin, rud a rug beagnach €50K isteach sa gheilleagar áitiúil. Ina theannta san d'fháiltigh An Cabhán roimh an chluiche Rialacha Idirnáisiúnta i bPáirc Bhréifne.

# Iascaireacht

**Suirbhé Gnó Turasóireachta**

D'eagraigh an t-oifigeach turasóireachta suirbhé ar an ngnó lóistín i dtreo deireadh na bliana 2013 a bhí bunaithe ar an bhfeidhmíocht. D'fhreagair 57 óstóir an suirbhé agus fuarthas eolas mar a leanas:

- bhí sealbhú ar an meán idir 30 -59% ag 31% de na hóstóirí
- bhí sealbhú ar an meán breis is 60% ag 15% de na hóstóirí
- ba as an tír seo agus as an Bhreatain a tháinig formhór na gcuairteoirí go dtí An Chabán
- dúirt 42% d'óstóirí an Chabháin go raibh feabhas ar chúrsaí gnó i 2013 ón mbliain seo chaite, ach bhí a mhalairt de scéal ag 30% acu. Cheap 28% nár tharla aon athrú.
- Dúirt 42% den lucht freagartha gur ar son na hiascaireachta a thagtaí.

**Tionscnaimh Eorpacha**

Bhí baint ag Seo An Chabhán le dhá thionscnamh suntasach trasteorann ar feadh 2013. Faoin gclár INTERREG IVA, chríochnaigh Leas as Acmhainní Nádúrtha infheistíocht €70,000 i raonta rothar teaghlaigh i bPáirc Fhoraoise Coillidh Chaoin , €45,000 do thionscnamh iascaigh i nDoire Chasáin, Béal Átha Chonaill, forbairt siúlóidí sa Ghabhlán agus i mBlaic chomh maith le tionscnamh €50,000 um mhargaíocht d'Fhéile Siúlóide i bpáirt le contaethe Fhear Manach agus Liatroim. Ag seo liosta an Chabháin:

- Raon Rothar Coillidh Chaoin
- Bealach Sráidbhaile Blaic
- Lúb-bhealaigh An Gabhlán
- Forbairt Tuaithe Lár An Damhshraith
- Loch Doire Chasáin Béal Átha Chonaill
- Áis Fóillíochta Ilúsáide Muileann an Iarainn (Faiche Mugga)
- Páirc Tuaithe Gnó Trasteorann (An Blaic)

Trí Chnoic na Teorann (le maoiniú ó SEUPB, forbraíodh ionad cuairteoirí ag Boireann An Chabháin agus lorgaíodh breis maoinithe €15,000 ó bhuiséad comónta an tionscnaimh chun tairiscint a lorg d'aip fón póca a fhorbairt chuige sin.

# Airgeadas

"Eolas cruinn ar airgeadas seirbhísí uilig na Comhairle a sholáthar agus rialú inmheánach éifeachtach a chur i bhfeidhm"

Tá ról tábhachtach ag an Roinn Airgeadais maidir le seirbhísí Comhairle Contae an Chabháin a sholáthar. Pléitear le cuntas airgeadais oibriú na n-údarás idir ioncaim agus caipitiúil ar fud na Ranna Seirbhísí go léir:

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht
- Seirbhísí Uisce
- Bainistiú Forbraíochta
- Seirbhísí Comhshaoil
- Caitheamh Aimsire agus Conláistí
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Seirbhísí Ilghnéitheacha

Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna Roinn Airgeadais Comhairle Contae an Chabháin:

- Spriocanna airgeadais Plean Corparáideach na Comhairle a chur i gcrích
- An bhainistíocht is an dea-chleachtas is fearr dá bhfuil ann a chur chun cinn ar fud na Comhairle
- Cúrsaí Airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go gcomhlíontar na prionsabail reachtúla agus airgeadais a bhaineann le gnóthais airgeadais na Comhairle
- Feidhmiu rialú inmheánach mar is cóir a chinntiú chun sócmhainní na heagraíochta agus cruinneas is iontaofacht na gcuntas a chosaint
- A chinntiú go bhfaightear margadh maith ar fud na heagraíochta i gcónaí

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí is mó a bhíonn ar siúl sa Roinn Airgeadais:

- Cuntais Airgeadais
- Cuntais Bhainistíochta
- Cuntais Iníoctha
- Cuntais Infhaighte
- Airgead Tirim, Bainistiú Infheistíochta agus Ciste
- Bainistiú Fiacha
- Iniúchadh Inmheánach
- Buiséid
- Comhordú Bainistiú Riosca
- Cúrsaí Fála
- Córais agus Rialú Airgeadais
- Cúrsaí Cánach
- Riarachán Sócmhainní Réadacha
- Bailiú Ioncaim Reatha
- Bainistiú Iasachtaí Tithíochta
- Riaradh Párolla, Pinsin, Liúntais Taistil agus Cothaithe

**Córas Bainistíocht Airgeadais**
Tá ról tábhachtach ag an gCóras Bainistíocht Airgeadais chun eolas cruinn ar airgeadas seirbhísí na Comhairle a sholáthar in am tráth. Bítear ag feabhsú na módúl mar chuntais iníoctha, cuntais infhaighte, bainistiú fiacha, cuntais bhainistíochta agus airgeadais, buiséd agus cúrsaí fála.

**Bailiú Ioncaim**
Eagraíodh na Bailitheoirí Ioncaim as an nua i 2009 chun ceithre cheantar a chruthú. Is iad na bailitheoirí ioncaim is mó a bhíonn ag plé le formhór lucht díolta rátaí, cíos tí is blianachtaí na Comhairle agus i gcásanna áirithe iasachtaí tithíocta agus táillí uisce. In ainneoin cúrsaí eacnamaíochta a bheith mar atá, bhí na rátaí bailiúcháin sásúil go leor don bhliain 2013.

**Rátaí**
Eisíodh ar an iomlán 2,069 Éileamh Rátaí i rith na bliana 2013 as a fuarthas iomlán tobhach €11,161,031.40. Ba é €56.85 an Ráta Bliantúil Luachála agus bailíodh 71% de na rátaí.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**
Cloítear go hiomlán i gComhairle Contae an Chabháin le forálacha an Acht um Íoc Pras Cuntas, bítear de shíor ag athbhreithniú cleachtas agus riaradh chun géilliúlacht a chinntiú. Is í 30 lá ó fháil an sonraisc an tréimhse reachtúil le creidiúnaithe a íoc ach a mhalairt a bheith i gconradh aontaithe. I 2013 íocadh suim €978.59 le creidiúnaithe mar ús ar mhallíocaíochtaí.

**Iasachtaí**
Tá 212 cuntas iasachtaí ag an gComhairle, as an méid sin tháinig aisíocaíochtaí morgáistí €488,577.56 i 2013. Bailíodh breis is 67% de na hiasachtaí ar fad a bhí amuigh i 2013.

Bhunaigh An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Próiseas um Fhuascailt Riaráistí Morgáistí (Próiseas MARP). Tá Comhairle Contae an Chabháin ag plé ar bhonn dearfach le custaiméirí ag a bhfuil deacrachtaí anois maidir le riaráistí atá neamhinmharthana.

Meastar go mbunóidh An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Morgáistí go Cíos go luath an bhliain seo chugainn 2014.

**Párolla**

Sa tseirbhís úd déantar pá agus tuarastal na foirne a phróiseáil maraon le ÍMAT agus ÁSPC nó aon laghdaithe cuí eile agus cuntais orthu a líonadh. Tá thart ar 536 duine fostaithe ag Comhairle Contae an Chabháin, roinnte mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Pá: | 136 (coicíse) |
| Tuarastail: | 2 (miosúil) |
| Tuarastail: | 264 (coicíse) |
| Comhrac Tine: | 84 (in aghaidh ráithe) |
| Comhairleoirí: | 41 (seachtainiúil) |
| Cosaint Shibhialta: | 9 (in aghaidh ráithe) |

Sa roinn párolla leis déantar próiseas ar íocaíochtaí do 285 lucht pinsin.

Muirear ar Mhaoin Chónaithe Phríobháideach (NPPR)

Faoi réir An Acht Rialtais Áitiúil (Muirir)(Leasú), 2009 gearrtar muirear ar gach maoin chónaithe phríobháideach sa tír seachas Príomháitribh an Úinéara. Mar shampla íoctar an muirear ar Áitribh ar Cíos, Tithe Saoire, agus ar Áitribh atá Folamh.

Riartar an córas bailiúcháin ar bhonn náisiúnta, i bpáirt leis an mBord um Sheirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil (LGCSB). Tá suíomh idirlin ag an LGCSB www.nppr.ie mar a bhfuil eolas ar fáil faoin mhuirear maraon le córas chun maoin a chlárú agus an muirear NPPR a íoc ar líne. Bailíodh ar an iomlán €1,364,599 i ndiaidh costas bailiúcháin LGCSB) sa Chabhán (ceantair Chomhairlí Baile san áireamh) maidir leis an muirear úd i 2013. Fuarthas suim breise €26,440 ó chustaiméirí a tháinig ar réiteach íocaíochta le Comhairle Contae an Chabháin.

**Muirear Teaghlaigh**

Muirear bliantúil is ea an Muirear Teaghlaigh a tháinig isteach nuair a bhí feidhm leis An Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011 agus atá ar gach úinéar áitreabh cónaithe. Tá dualgas a bhailithe anois ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Is in ionad an mhuirir úd atá an Muirear ar Mhaoin Áitiúil.

**Internal Audit**

Feidhm neamhspleách is ea Iniúchadh Inmheánach a dhéanann measúnú agus iniúchadh ar éifeacht is éifeachtúlacht an rialú inmheánach i gComhairle Contae an Chabháin idir pholasaí, pleanáil agus cleachtais. Mar chuid lárnach de rialtas corparáideach, ar an gcuma san cuirtear le leas a bhaint as acmhainní go tíosach mar a bhíonn riachtanach chun go n-éireoidh le feidhmíocht na heagraíochta.

Sa Phlean Iniúchadh Inmheánach 2013 leagtar síos clár oibre na bliana agus na réimsí atá le clúdach, réimsí riosca san áireamh. Cuireadh san áireamh acmhainní foirne agus inchur/tuairimí na Stiúrthóirí Seirbhísí, An Choiste Iniúctha is an Iniúchóir Rialtais Áitiúla. Scrúdaíodh an Oifig Mhótarchánach, Amharclann an Reamhoir, Músaem an Chontae,

Láithreacha Cathartha, Oifigí agus An Chosaint Shibhialta. Díríodh ar réimsí áirithe iniúctha mar Oibriú an Phóna Mhóir Ainmhithe i gCros Domhnaigh, Cleachtais Fhála um Earraí agus Seirbhísí, Íocaíochtaí Costas Taistil agus Cothabhála Comhairle Contae an Chabháin i 2012 agus an Scéim fan gCéad don Ealaíon atá nasctha le Poist Chaipitiúla.

Tharla oiliúint bhreise iniúctha agus forbairt foirne nuair a rinne baill fhoirne cúrsa teastas iniúctha san Institiúid Riarachán Poiblí. Clúdaíodh freisin reachtaíocht Údarás Áitiúil, Tuairisciú Airgeadais Excel agus seimineáir eolais um Chúrsaí Fála Poiblí agus an Trasnú Seirbhísí Uisce go hUisce Éireann.

I gCiorclán Fin11/2007 um Fheidhmiú Iniúctha in Údaráis Áitiúla iarradh go mbeadh Coistí Seachtracha Iniúctha acu i dtreo na dualgais chuí um Iniúchadh Inmheánach a mheabhrú dóibh. Bhunaigh Comhairle Contae an Chabháin an coiste iniúctha mí an Mheithimh 2008. Ar an gcoiste tá triúr ball seachtracha agus beirt ionadaí tofa, mar atá molta. Is iad seo a leanas na baill:

- Con Dolan, Cathaoirleach
- Jim Lalor
- PJ Dunne
- Comhairleoir Madeleine Argue
- Comhairleoir Gerry Murray

Bíonn an coiste ag plé go rialta le Ger Finn, Rúnaí an Choiste/Stiurthóír Seirbhísí, Des Maguire, Ceannaire Airgeadais agus le Seán O'Reilly, Iniúchadh Inmheánach.

Le linn 2013 bhí trí chruinniú acu chun polasaí agus cleachtais maidir le seirbhísí na heagraíochta a phlé. Is de réir cairteacha glactha a dhéanann an tAonad Iniúctha Inmheánach agus an Coiste Iniúctha an saothar úd

Freagaíodh mórán ceisteanna ón Iniúchóir Údarás Áitiúla, ar an gcuma san cinntítear clúdach iomlán. Cuid lárnach den mheasúnú a dhéanannn an Iniúchóir Údarás Áitiúla ar an rialú is ar an riosca a ghabhann leis is ea éifeachtúlacht an Iniúctha Inmheánaigh.

Le cúpla bliain anuas tá dúshlán an-mhór roimh Chomhairle Contae an Chabháin maidir le hairgeadas, le himeacht ar scor is le bac earcaíochta. Tá an fheagarthacht ríthábhachtach don éifeachtúlacht is trédhearcacht. Caithfidh an eagraíocht breis éifeachtúlacht a chinntiú, chomh maith le margadh maith agus saothar éifeachtach. Chun é sin go leir a chinntiú, oibreoidh an tAonad Iniúchadh Inmheánach ar mhonatóireacht um pholasaí, cleachtais agus rialú Chomhairle Contae an Chabháin á gcur i gcrích.

# Mótarcháin

an Roinn Mótarcháin i gComhairle Contae an Chabháin freagrach as:

- Ceadúnais Fheithiclí
- Ceadúnais Tiomána agus Cuntas ar Dhroimscríbhinní agus ar
- Deimhnithe ar Shábháilteacht Bhóthair
- Cóipeanna de Leabhair Chláraithe, Fáltais agus Plátaí Trádála do cheannaithe mótar
- Próiseas ar mhalairt úinéirí agus ar aisíocaíochtaí
- Teastais S103 agus CT53

Ba léir an cúlú eacnamaíochta ón laghdú ioncaim ó mhótarcháin agus ceadúnais tiomána i rith na bliana. Bhí tionchar ar an iomlán ag athruithe polasaí Mótarchánach, láithriú eisiúint Ceadúnas Tiomána agus athruithe ar thástáil feithiclí tráchtála ar an ioncam a fuarthas le linn na bliana ó mhótarcháin is ó cheadúnais tiomána. Go hiomlán fuarthas €10,392,912. Sin méadú €606,533 (6.19%) ar an ioncam i 2012. Is de bharr athruithe polasaí Mótarchánach ó mhí Iúil i leith a tharla sé sin.

Bhí athruithe suntasacha polasaí Mótarchánach in oifigí ar fud na tíre. Orthusan bhí:

- ceadúnas tiomána mar chárta plaisteach ó mhí Eanáir i leith
- reachtaíocht ó mhí Iúil i leith a bhain le tréimhsí asbhóthair/díomhaoine feithiclí, athruithe ar thástáil feithiclí tráchtála (Deimhiú ar Shábháilteacht Bhóthair) mí Meán Fómhair
- aistriú dualgas Ceadúnas Tiomána agus Ceadanna Foghlaimeora chuig an Córas nua Náisiúnta Ceadúnas Tiomána a bhunaigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. De dheasca na n-athruithe úd tháinig laghdú ar an líon daoine a d’fhreastail go pearsanta ar an Oifig Mhótarchanach. Léireofar níos fearr an tionchar san ar fad i rith na bliana seo chugainn 2014.

I 2013 tharla rud ar a tugadh “Buile Tarracóra”. Lig na hathruithe polasaí mí Iúil a bhí i bhfeidhm ó 31 Meán Fómhair do dhaoine cúrsaí a gcuid feithiclí a shocrú. De réir mar a tharla ba léir go raibh an t-uafás tarracóirí feirme agus seanghluaisteáin ag a raibh an páipéarachas as dáta. I rith Mí Meán Fómhair ar fad rinneadh 9174 gnóthas sa Chabhán.

B’shin méadú 89.23% ar an mí chéanna i 2012. Níorbh é seo an scéal iomlán, áfach, mar in áiteanna bhíodh an-chuid comhfhreagrais agus páipéarachais ag teastáil chun an gnó a chríochnú. Mí Meán Fómhair amháin tháinig 748 custaiméir isteach san Oifig Mhótarchánach chun an gnó a chríochnú roimh an dáta deiridh.

**Sonraí ioncaim agus gnóthaí:**

| | Iomlán Gnóthaí | Iomlán Ioncaim |
|---|---|---|
| Ceadúnais Fheithiclí | 42766 | €9,717,775 |
| Ceadúnais Tiomána | 7810 | €305,960 |
| Deimhnithe ar Shábháilteacht Bhóthair | 6241 | €43,779 |
| Ceadúnais Trádála | 74 | €26,122 |
| Fála Ilchineálacha | 1644 | €130,655 |
| Iomlán | 63035 | €10,392,912 |

**Mótarcháin ar Líne**

Rinneadh próiseas ar 33,340 cás ar líne agus b'shin 43.71% de ghnóthaí uilig mótarchánach an Chabháin. Tá an tseirbhís Mhotarchánach ar líne ar fáil do ghluaisteáin phríobháideacha, feithiclí tráchtála (le huimhir aitheantais athnuachana), gluaisrothair, tarracóirí, feithiclí díofa agus

## Táscairí Seirbhíse

| **M.1 Líon agus Céatadán Gnóthaí Mótarchánach** | **2013** |
|---|---|
| Líon próiseas ag an gcuntar | 45,262 |
| Líon próiseas tríd an bpost | 9,095 |
| % próiseas ag an gcuntar | 83.27% |
| % próiseas tríd an bpost | 16.73% |
| **M.2 Próiseáil Iarratas Mótarchánach tríd an bPost** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 2,431 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 2,986 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 1,161 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 2,517 |
| % a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 26.73% |
| % a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 32.83% |
| % a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 12.77% |
| % a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 27.67% |
| **M.3 Próiseáil Iarratas ar Cheadúnais Tiomána** | |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 5,279 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 1,078 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 393 |
| Líon a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 1067 |
| % a ndéantar próiseas orthu an lá céanna | 67.53% |
| % a ndéantar próiseas orthu an dara nó an tríú lá | 13.79% |
| % a ndéantar próiseas orthu an ceathrú nó an cúigiú lá | 5.03% |
| % a ndéantar próiseas orthu tar éis cúig lá | 13.65% |
| **M.4 Uaireanta oscailte don phobal** | |
| Oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine | 28.75 |

# Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide (ICT)

Sa roinn TEC díritear ar thacú le banc leathan freastalaithe, ríomhairí PC agus goiris ilfheidhme atá sa bhonneagar líonra Achair Lóganta (LAN) agus líonra Achair Fhairsing (WAN). Stiúraítear freisin an bonneagar cumarsáide idir sheasta agus móibíleach.

Tá méadú ollmhór tagtha ar an méid sonraí leictreonacha lena mbímid anso i gComhairle Contae an Chabháin ag plé in aghaidh an lae. Dá bhrí sin rinneadh uasghrádú ar ár Líonra Achar Stórála nauir a cuireadh cumas breise 10 Teiribheart leis. Ba chóir go sásódh an méid sin ár riachtanaas stórála go ceann tamaill agus ligtear dúinn roinnt tionscnamh fíoraithe a chríochnú i 2014.

I 2013 suiteáladh an córas nua SCADA a bheireann le chéile sonraí teiliméadrach ó chórais aonair i bhfearais chóireála uisce agus fuíolluisce ar fud an Chontae. Cruthaíodh an feidhmchlár nua seo in éineacht le EMCA, comhlacht sa Chabhán atá go mór chun tosaigh sna cúrsaí úd. Tá an saothar úd nach mór críochnaithe agus cheana féin bíonn léargas grafach ag Feighleoirí agus ag foireann Innealtóireachta ar chodanna éagsúla na bhfearas cóireála, rud a ligeann dóibh freagairt d’aon fhadhbanna go han-ghasta ar fad.

Tá sé chinn de stáisiúin dóiteáin ceangailte le Líonra Achair Fhairsing na Comhairle agus Líonraí Fíorúla Príobháideacha (VPN) in úsáid acu. Cuirfidh sé seo slacht agus eagar ar na riachtanais tuairiscithe tar éis eachtra mar beifear in ann sonraí a chur isteach i mbunachar sonraí lárnach go díreach ón stáisiún áitiúil.

Rinneadh soláthar céimneach ar réiteach cosanta mar a bhfuil bogearraí Frithvíreas agus Frithmhailíseach, criptiú tiomántán crua do ghoiris láimhe agus criptiú usb. Anuas air sin go léir bíonn scagadh idirlín is turscair agus na córais is deanaí um bhraith is coisctheacht chun slándáil den scoth a sholáthar dár ngréasán.
Ar na feidhmchláir eile a bhíonn idir lámha againn tá:

- iDocs: Córas Bainistíochta Doiciméad
- Agresso FMS (Córas Bainistíocht Airgeadais)
- Bunachair Inmheánacha
- iPlan: Córas Riarachán Pleanála
- eHeg: Deontais Ardoideachais
- iHouse agus RAS: Córas Riarachán Tithíochta
- Brabhsálaí Inlíon Spásúil agus Seirbhísí eile GIS
- LabInfo: Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce
- SMS: Teachtaireachtaí ar an Mórchóir
- Meáin Sóisialta
- Forbairt Suíomh Idirlín agus Bainistiú an Ábhair
- Forbairt Aipeanna Móibíleach
- Bainistiú Cló
- Suiteála Fuaime/Físe

# Coimriú ar Chuntais

## Coimriú ar Chaiteachas agus ar Ioncam

| | 2012 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas (A) | 61,713 | 60,844 |
| Fáltais | | |
| Earraí & Seirbhísí | 21,375 | 22,728 |
| Good & Services | 11,819 | 10,201 |
| Rataí Tráchtála | 11,162 | 11,170 |
| Údaráis Áitiúla eile | 732 | 497 |
| Tobhach Pinsin | 1,115 | 1,087 |
| Muirear Contae | 1,386 | 1,365 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 14,124 | 13,796 |
| **Ioncam Iomlán (B)** | **61,713** | **60,844** |
| (Easnamh)/Fuílleach(B-A=C) | 0 | 0 |
| Ioncam Túis | | |
| Fuílleach 1 Eanáir (D) | 1,662 | 1,662 |
| Ioncam Deiridh | | |
| Fuílleach 31 Nollaig (C+D+E) | 1,662 | 1,662 |
| **Caiteachas Ioncaim 2013** | | |
| | **€M** | **%** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 5.64 | 9.14 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 19.06 | 30.89 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 12.37 | 20.05 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 3.64 | 5.90 |
| Cosaint Comhshaoil | 6.70 | 10.86 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 3.18 | 5.15 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 2.39 | 3.87 |
| Ilchineálach | 6.47 | 10.48 |
| Aistriú go Caipiteal | 2.26 | 3.66 |
| **Iomlán** | **61.71** | **100** |

## Coimriú ar Chaiteachas agus ar Ioncam Cuntas Caipitiúil 2013

| | Caiteachas | Ioncam |
|---|---|---|
| | **2013** | **2013** |
| | €000 | €000 |
| **Grúpa Clár** | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 3,446 | 3,108 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 16,415 | 18,467 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 10,263 | 7,141 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 2,222 | 2,666 |
| Cosaint Comhshaoil | 3,609 | 3,594 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 1,093 | 915 |
| Sláinte, Leas, Oideachas, Talmhaíocht | 0 | 0 |
| Ilchineálach | 686 | 1,044 |
| **Iomlán** | **37,734** | **36,935** |
| | | |
| **Ioncam Isteach 2013** | | |
| | **€M** | **%** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 6.19 | 10.03 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht | 13.13 | 21.28 |
| Soláthar Uisce agus Séarachais | 5.64 | 9.14 |
| Dreasachtaí Forbartha agus Riartha | 1.31 | 2.12 |
| Cosaint Comhshaoil | 1.54 | 2.50 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláistí | 0.71 | 1.15 |
| Sláinte, Leas, Oideachas agus Talmhaíocht | 2.04 | 3.31 |
| Ilchineálach | 3.37 | 5.46 |
| Rátaí | 11.16 | 18.08 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 14.12 | 22.88 |
| Muirear Contae | 1.39 | 2.25 |
| Tobhach Pinsin | 1.11 | 1.80 |
| **Iomlán** | **61.71** | **100** |

# Eagrú agus Riarachán

**Ceannáras na Comhairle, Teach na Cúirte, Sráid Fhearnáin, An Cabhán**

**Sonraí Teagmhála**

Teil: 049 437 8300

Faics: 049 436 1565

**R-phost: info@cavancoco.ie** **Suíomh: www.cavancoco.ie**

Chun cúnamh a fháil maidir le rochtain eolais agus seirbhísí de chuid Údarás Áitiúla an Chabháin glaoigh orainn led thoil ag 049 437 8300.

| | |
|---|---|
| Airgeadas agus Bainistíocht Agresso | Teil: 049 437 8300 |
| Ionaid Beir Chuige | Teil: 049 437 2700 |
| Príomh-Oifigeach Dóiteáin | Teil: 049 437 8468 |
| Comhshaol | Teil: 049 437 1429 |
| Tithíocht | Teil: 049 437 8333 |
| Oifig Mhótarchánach | Teil: 049 437 8430 |
| Rátaí | Teil: 049 437 8358 |
| Bóithre/Innealtóirí Ginearálta | Teil: 049 437 8341 |
| Seirbhísí Uisce | Teil: 049 437 8300 |
| Oifig Ealaíon, Ionad Fhearnáin, An Cabhán | Teil: 049 437 8546 |
| Corparáideach agus Daonacmhainní | Teil: 049 437 8601 |
| | Faics: 049 436 1565 |
| Bord Forbartha Contae/Pobal agus Fiontar | Teil: 049 437 8602 |
| Oifig Ginealaigh | Teil: 049 436 1094 |
| Seirbhís Leabharlainne | Teil: 049 437 8500 |
| Oifig Pleanála | Teil: 049 437 8600 |
| | Faics: 049 437 8729 |
| Oifig Turasóireachta | Teil: 049 433 1942 |
| Amharclann An Reamhoir, Achadh an Iúir | Teil: 049 854 7074 |
| Músaem an Chontae, Baile Shéamais Dhuibh | Teil: 049 854 4070 |
| Faics: 049 854 4332 | |
| Ceantar Bóithre Choill an Chollaigh, Teach na Cúirte | Teil: 049 966 5135 |
| Ceantar Bóithre an Chabháin, Muine Ealla | Teil: 049 437 8700 |
| Ceantar Bóithre Bhéal Tairbirt, Béal Átha Chonaill | Teil: 049 952 6121 |
| Uisce an Chabháin Thiar, Creeney, Béal Tairbirt | Teil: 049 952 2101 |
| Uisce an Chabháin Thoir, Muinchille | Teil: 049 555 2395 |
| Ceantar Bóithre Bhaile Shéamais Dhuibh | Teil: 049 854 7013 |
| Comhairle Baile An Chabháin, Sráid Halla an Bhaile | Teil: 049 437 8690 |
| | Faics: 049 433 1393 |

**R-phost: tcinfo@cavantc.ie** **Suíomh: www.cavantc.ie**

**Leabharlanna Lánaimseartha**

Suíomh: **www.cavanlibrary.ie** R-phost: **library@cavancoco.ie**

| | |
|---|---|
| Leabharlann Cheannais Mhic Sheáin, Sráid Fhearnáin | Teil: 049 437 8500 |
| An Ceannáras, Sráid Fhearnáin | Teil: 049 437 8505 |
| Leabharlann Choill an Chollaigh, Teach an Mhargaidh | Teil: 042 966 5779 |
| Leabharlann Muinchille | Teil: 049 555 9873 |

Leabharlanna Páirtaimseartha

| | |
|---|---|
| Leabharlann, Ármhach, Teach an Mhargaidh | Teil: 049 433 5905 |
| Leabharlann, Béal Átha Chonaill, Sráid na hEaglaise | Teil: 049 952 6844 |
| Leabharlann Bhaile Shéamais Dhuibh, Páirc Percy French | Teil: 049 854 5184 |
| Leabharlann Bhéal Tairbirt, Halla an Bhaile | Teil: 049 952 2683 |
| Leabharlann Dhún an Rí, Halla Mhuire | Gan Fón |
| Leabharlann Achadh an Iúir, Bóthar Choill an Chollaigh | Teil: 049 854 8456 |